

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

*Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach*

# Tuairisc Bhliantúil | 2004



Le haghaidh eolas eile:

✉ **Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**  
**16 Cearnóg Pharnell**  
**Baile Átha Cliath 1.**

☎ **01 858 5800**  
**Lo-call 1890 315 015**

📄 **01 858 5801**

@ **info@odce.ie**

🌐 **http://www.odce.ie**


© Rialtas na hÉireann, 2004  
ISBN 0-7557-1440-7

BAILE ÁTHA CLIATH:  
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR.

Le ceannach díreach on  
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,  
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,  
Nó tríd an bpost ó  
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,  
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.  
(Teil: 01-647 6834/35/36/37; Fax: 01-647 6843)  
nó trí aon díoltóir leabhar.

Praghas: €8.00  
(PRN: 216)

ISBN 0-7557-1440-7



9 780755 714407

# Clár Ábhair

---

Brollach ón Stiúirthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	3
Réamhrá	5
Aidhm 1 – Géilliúntas a Spreagadh	6
Aidhm 2 – Cásanna a bhfuiltear Amhrasach go bhfuil an Dlí Cuideachta á Shárú a Nochtadh	10
Aidhm 3 – Sáruihte Nochta d’Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh	18
Aidhm 4 – Pionós a Ghearradh i leith Iompar Míchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha	26
Aidhm 5 – Seirbhís Chustaiméara den Scoth	35
Focal Scoir	40
Aguisíní	42


## Cóipcheart agus Ráiteas Séanta

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo.

Níor chóir go dtuigfi aon ní dá bhfuil anseo mar fhaisnéis de nó ar son an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena thuiscint nó lena léiriú ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2003 nó maidir le léiriú ar dhlí ar bith. Ba chóir dul sa tóir ar chomhairle dlí neamhspleách maidir le héifeacht aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le freagracht nó le dliteanas dá laghad ag éirí as ábhar an fhoilseacháin seo nó as aon bhotún, míchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean cúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

D'aistrigh FocalFactory an leagan bearla den Tuarascáil Bhliantúil go gaeilge.

© Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2005



Office of the Director  
of Corporate Enforcement

*Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach*



Mr. Paul Appleby, Director

## Brollach

Is cúis áthais dom an ceathrú Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2004 ón Stiúirthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhronnadh ar Mhícheál Martin T.D., Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta de bhun alt 16(1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

Rinne an Oifig dul chun chinn follasach breise sa bhliain 2004 i dtaca le géilliúntas agus le forfheidhmiú de réir a téarmaí tagartha. I measc na nithe is suntasaí áirítear:

- an méadú i gníomhaíocht fhorfheidhmithe rathúil. Ciontaíodh daoine i 66 cásanna a bhain le sárú dlí cuideachta sa bhliain 2004, sin méadú de níos mó ná 50% ar an mbliain 2003 a bhfuil sé ar thaifead go bhfuarthas daoine ciontach i 43 cásanna. Bhí dhá chás a ndearna OSFC ionchúiseamh rathúil den chéad uair (tráchtáil chalaíseach agus duine ag gníomhú mar stiúirthóir nuair a bhí ordú srianta air agus é ag sárú na gcoinníollacha reachtúla);
- níos mó ná 200 stiúirthóir srianta ag an Ard-Cúirt. Measadh gur ghníomhaigh siad go mífhreagrach sular cuireadh cuideachtaí dá gcuid faoi leachtú dócmhainneach;
- pionós dícháilithe agus srianta gearrtha ag an Ard-Chúirt ar stiúirthóirí cuideachtaí dócmhainneacha nach raibh leachtaithe. Is ar na comhlachtaí sin go sonrach a bhfuil aird an OSFC á dhíriú anois;
- neamhghéilliúntas suntasach sa réimse a bhaineann le hiasachtaí do stiúirthóirí ceartaithe. Breis agus €100 milliún de shócmhainní cuideachta íocaithe ar ais thar thréimhse an dá bhliain deireanacha ag stiúirthóirí lena mbaineann agus ag daoine a bhfuil ceangal leo ar chosúil gur bhain siad úsáid phearsanta as cuid mhaith de mhaoiniú na gcuideachtaí sin;
- cur chun cinn de Threoir Athbhreithnithe i leith Ráitis Ghéilliúntais Stiúirthóirí. Obair mhór a bhí i gceist leis sin i gcomhar le páirtithe leasmhara gnó, gairmiúla agus Stáit agus leis an bpobal i gcoitinne;
- níos mó ná 70 cinn de chur i láthair, d'ailt, de phreasráitis etc. ag tacú le hobair aighneachta na hOifige. Is iarracht géilliúntas i leith dlí cuideachta a bhaint amach sa gheilleagar atá san obair seo;

- an rath leanúnach atá ar shuíomh idirlín OSFC mar acmhainn fhóinteach le haghaidh eolais ar ghéilliúntas agus ar fhorfheidhmiú. Ba é 117,000 líon na gcuariteoirí sa bhliain 2004 .i. méadú de 54% ar líon na gcuariteoirí sna blianta 2003 agus 2002 nuair a tháinig 76,000 agus 42,000 faoi seach ar chuairt.

Níorbh fhéidir na torthaí sin a bhaint amach murach foireann tiomanta agus solúbtha, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil dóibh go poiblí as ucht a gcuid tacaíochta agus cúnamh chun na torthaí suntasacha sin a bhaint amach anuraidh.

Chomh maith leis sin tá líon mór de pháirtithe eile ar mhaith liom a admháil gur chuidigh siad ar bhonn leanúnach le forbairt na hOifige sa bhliain 2004. Áirítear ina measc siúd an tOireachtas, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an tAire Tionscail agus Trádála agus foirne na Ranna a oibríonn fúthu.

Bhí go leor daoine aonaracha freisin i gcomhlachtaí gnó, i gcomhlachtaí proifisiúnta agus i gcomhlachtaí poiblí a chomhoibrigh linn sa bhliain 2004. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil go sonrach leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, leis na Cúirteanna, le páirtithe leasmhara gnó agus gairmiúil, go háirithe le hiniúchóirí agus le leachtaitheoirí as ucht a gcuid tacaíochta i rith na bliana. Tá súil agam go leanfaidh siad ar aghaidh ag cuidiú linn sa bhliain 2005.

Tá roinnt rudaí curtha ar bharr liosta tosaíochtaí na hOifige againn le haghaidh na bliana 2005 a bhfuilimid á chur chun cinn go gníomhach. Áirítear ina measc:

- forbairt ar bhreis threorach maidir leis na ceanglais rialachais chorparáidigh nua nó leasaithe atá in Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003;
- bainistíocht ar ualach oibre a bhaineann le cásanna fiosrúcháin agus forfheidhmithe atá ag fás i gcónaí.

- breis acmhainní foirne a sholáthar chun déileáil le méadú san éileamh ar eolas faoi ghéilliúntas agus chun líomhaintí faoi mhí-iompar corparáideach a fhiosrú.

Trí ghéilliúntas a fheabhsú agus trí chosc a chur ar neamhghéilliúntas, táimid ag cuidiú leis go mbeidh margaidh ag oibriú níos éifeachtaí. Is mian linn leanúint ar aghaidh sa bhliain 2005 ag cruthú coinníollacha iomaíochta níos cothroime agus riosca tionscnaimh laghdaithe, trí chinnte a dhéanamh de go mbeidh níos

mó daoine ag ghníomhú agus ag dul in iomaíocht lena chéile ar scáth an dlí. Taispeánann an obair a rinneadh sa bhliain 2004 go raibh OSFC gníomhach ag tacú le hiompar dleathach agus freagrach sa mhargadh, agus is é an plean atá againn tuilleadh tógála a dhéanamh ar an dul chun cinn sin sa bhliain 2005 agus níos faide ar aghaidh.

**Paul Appleby**

Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach

31 Márta 2005

# Réamhrá

Aithníonn an Ráiteas Straitéise seo de chuid an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach don tréimhse 2003 – 2005 na haidhmeanna príomha a leanas atá ag OSFC chomh maith le fo-aidhmeanna atá gaolta leo:

## Aidhm 1: Géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí a Spreagadh

- Fo-aidhm 1.1: Eolas ar Dhlí Cuideachta Áisiúil a fhoilsiú
- Fo-aidhm 1.2: Géilliúntas a chur chun cinn
- Fo-aidhm 1.3: Dlí Cuideachta agus Cleachtais Chorparáidigh a bhaineann leis a Fheabhsú

## Aidhm 2: Cásanna a bhfuiltear Amhrasach go bhfuil Dlí Cuideachta á Shárú a Nochtadh

- Fo-aidhm 2.1: I gCásanna a bhfuiltear Amhrasach go bhfuil Achtanna na gCuideachtaí á Shárú, Socruithe a chur chun cinn leis an Sárú sin a Nochtadh agus a Thuairisciú
- Fo-aidhm 2.2: Cásanna a bhfuiltear Amhrasach go bhfuil Achtanna na gCuideachtaí á Shárú a Aithint
- Fo-aidhm 2.3: Tacú le/Coimisiniú Fiosrúcháin Chuideachta Foirmeálta

## Aidhm 3: Sárúithe Nochta d'Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh

- Fo-aidhm 3.1: Beartas Forfheidhmithe Cothrom a chur chun cinn
- Fo-aidhm 3.2: Seasamh le Ceanglais Fhaisnéisithe Achtanna na gCuideachtaí
- Fo-aidhm 3.3: Pionós a Ghearradh ar Pháirtithe nach dtugann aird ar Leasa Cuideachta nó ar Leasa nach iad

- Fo-aidhm 3.4: Caingean dlí a thionscnamh i gcoinne Páirtithe a Dhiúltaíonn Freagracht faoin Dlí

## Aidhm 4: Pionós a Ghearradh i leith Iompar Míchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha

- Fo-aidhm 4.1: Maoirseacht Leachtaitheoirí agus iad i mbun a nDualgas Cuí
- Fo-aidhm 4.2: Measúnú ar Iompar Stiúrthóirí i gCúinsí Leachtaithe Dócmhainnigh
- Fo-aidhm 4.3: Pionós a Ghearradh i leith Iompar Calaoiseach nó Maslach

## Aidhm 5: Seirbhís Chustaiméara den Scoth a Chinntiú

- Fo-aidhm 5.1: Acmhainní OSFC a Dhaingniú agus a Bhainistiú
- Fo-aidhm 5.2: Foireann a Fhorbairt
- Fo-aidhm 5.3: Seirbhísí Custaiméara den Scoth a Chur chun Cinn agus a Choinneáil

Déanann an Tuarascáil seo athbhreithniú ar an dul chun cinn sa bhliain 2004 trí thagairt a dhéanamh do gach ceann de na haidhmeanna agus de na fo-aidhmeanna sin.

Annual Report 2003



Tuairisc Bhlaintiúil 2003

# Aidhm 1: Géilliúntas Feabhsaithe i leith Dualgas faoi Dhlí Cuideachta a Spreagadh

## Réamhrá

Sa bhliain 2004, lean an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus an fhoireann lena gcuid oibre ag spreagadh stiúrthóirí agus daoine nach iad chun bheith géilliúil leis na ceanglais a bhí orthu faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2003. Is ar dhá leibhéal bunúsacha a tugadh faoin obair sin:

- trí chur i láthair, trí ailt agus trí ábhair threorach do stiúrthóirí cuideachtaí agus do dhaoine nach iad a chur chun cinn ag tacú leo ina n-iarrachtaí a bheith géilliúil, agus
- trí scaipeadh a dhéanamh ar thorthaí caingne forfheidhmithe rathúla a thionscain an Oifig agus daoine eile i gcoinne daoine nach raibh ag comhlíonadh a gcuid dualgas faoi dhlí cuideachta.

## Fo-aidhm 1.1: Eolas ar Dhlí Cuideachta Áisiúil a Fhoilsiú

### Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí


Ba é ullmhúchán treorach i leith an cheanglas nua dlí faoi Alt 45 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 .i. go n-ullmhódh stiúrthóirí áirithe ráitis ghéilliúntas cuideachta maidir le dlí cuideachta, le dlí cánach, agus le 'ceanglais ábhartha' eile, an obair follasach ó thaobh géilliúntais de a thug an Stiúrthóir is a fhoireann faoi sa bhliain 2004.

I gcomhréir leis an gceanglas dlí atá air géilliúntas i leith dlí cuideachta a spreagadh agus feasach go raibh cuid mhaith éiginnteacht ann maidir le dualgais stiúrthóirí i leith an cheanglais nua sin, chinn an

Stiúrthóir go luath sa bhliain 2004 go n-ullmhódh an Oifig roinnt treoirlínte a bhain leis an réimse sin. I dtosach is san Oifig agus don Oifig a d'ullmhaigh Ian Drennan, a raibh ina Bhainisteoir um Ghéilliúntas Corparáideach ag an am na treoirlínte. Nuair a bhí an dréacht-doiciméad ar fáil, thug an Stiúrthóir cuireadh do Choiste Comhchomhairleach na gComhlachtaí Cuntasaíochta – Éire (CCCC-I), do IBEC, d'Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn agus do na Coimisinéirí Ioncaim a n-ionchur féin a bheith acu in ullmhúchán comhpháirteach Dréacht-Treoir. Thar an tréimhse Bealtaine go hIúil, chas ionadaithe le OSFC seacht n-uaire le páipéar Comhchomhairleach agus Dréacht-Treoir a thabhairt chun críche. Is é OSFC a d'fhoilsigh é an 22 Iúil mar Pháipéar Comhchomhairleach C/2004/1 i bhfianaise ionadaithe ó na comhlachtaí comhpháirteacha.

Comhthreomhar leis sin bhí an Stiúrthóir agus an fhoireann comhpháirteach in ullmhúchán treoir d'iniúcháirí i leith ceanglais tuarascála a rinne an Bord Cleachtas Iniúcháireachta (BCI). Foilsíodh é sin i bhfoirm dhréachta chun críche comhchomhairle i mí Lúnasa 2004 agus cuireadh ar fáil é ar shuíomh idirlín BCI ag [www.frc.org.uk/apb/](http://www.frc.org.uk/apb/) agus ar shuíomh idirlín OSFC ag [www.odce.ie/](http://www.odce.ie/).

Mar fhreagra ar a iarratas ar aighneachtaí i leith Páipéar Comhchomhairleach agus Dréacht-treorach an OSFC, fuair an Stiúrthóir 36 aighneachtaí faoin ábhar. Tá liosta díobh siúd a chuir tuairim ar aghaidh in **Aguisín 1.1.1** ag deireadh na Tuarascála seo. Tar



Páipéir Comhchomhairleach C/2004/1



éis 30 Meán Fómhair, an dáta deiridh le tuairim an phobail a fháil, chruinnigh an Stiúrthóir an grúpa in athuair le plé a dhéanamh ar na haighneachtaí a fuarthas agus le tuilleadh chur chun cinn a dhéanamh ar an Treoir. D'iarr sé ar Údarás Rialaitheach Sheirbhísí Airgeadais na hÉireann a bheith comhpháirteach sa ghrúpa toisc go ndearna Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003 forálacha le gairid a bhain le ráitis ghéilliúntais maidir le soláthruithe seirbhís airgeadais rialaithe.

Ós rud é gurb iad an dá réimse substainteacha maidir le tuairim an phobail, dáta tosaigh an cheanglas ráiteas ghéilliúntais agus an cheist faoi fhéidearthacht dhíolúine i gcás cuideachtaí áirithe a thagann faoi théarmaí na rialacha (an dá rud seo áirithe le haghaidh cinnidh pholaitiúil sa reachtaíocht), chuidigh an grúpa freisin leis an Stiúrthóir le haighneacht a chur chun cinn chun seoladh go dtí Michael Ahern, T.D. an tAire Tionscail agus Trádála i leith an dá cheist sin. Mar chuid den obair, thug an OSFC faoi roinnt taighde bunaidh i gcomhar le Experian Ireland Ltd., a thug le tuiscint dá dtógfaí san áireamh na cuideachtaí teoranta poiblí uile cláraithe in Éirinn agus na cuideachtaí príobháideacha uile cláraithe in Éirinn atá faoi theorainn scaireanna os cionn na dtairseach láimhdeachais agus clár comhardaithe curtha in iúl san Acht, go mbeadh 7,000 cuideachta ar an méad (nó níos lú ná 5% de chuideachtaí cláraithe in Éirinn) faoi réir ráiteas géilliúntais. Bhí an taighde sin mar chuid den aighneacht a seoladh chuig an Aire i lár mhí na Samhna, agus ag deireadh na bliana ní raibh aon chinneadh tógtha faoi cheachtar den dá cheist.

Igcur chun cinn na Treorach Athbhreithnithe, bhunaigh an Stiúrthóir plé an ghrúpa ar dhréacht athstruchtúrtha a bhí curtha leis san aighneacht CCCC-E. Lean an grúpa leis ag tabhairt chun míneadais an doiciméad sin le linn 5 cruinnithe eile. Ar na saincheisteanna ba bhunúsáí a ndearnadh níos soiléire san Treoir Athbhreithnithe bhí na cinn seo a leanas:

- na cuideachtaí atá faoi réir an cheanglas ullmhúchán ráitis ghéilliúntais agus ar an taobh eile na cinn a bhfuil díolúine acu ón gceanglas;
- cad iad na hoibleagáidí atá clúdaithe ag an gceanglas tuarascála;

- cén seasamh a bheadh ag stiúrthóirí ar na beartais, na nósanna imeachta agus an eolas i leith géilliúntais soláthraithe ag lucht bainistíochta;
- raon agus modh tuarascála stiúrthóirí agus tionchar an neamhghéilliúntais nocha ar a scríobhtar i ráiteas ghéilliúntais bliantúil na stiúrthóirí;
- téarmaíocht áirithe sa bhforáil, m. sh., 'iarrachtaí réasúnta uile' agus 'cothrom agus réasúnta'.

Tar éis don phlé taobh istigh den ghrúpa a theacht chun críche, d'fhoilsigh an Stiúrthóir an Treoir Athbhreithnithe an 16 Nollaig. Chuir sé ar fáil freisin liosta de chionta i gcoinne dlí cuideachta mar chuidiú do stiúrthóirí agus do dhaoine gairmiúla arbh fhéidir go mbeadh siad ag iarraidh a dheimhniú gur dhéileáil siad leis na príomhréimsí arbh fhéidir cion a tharlú, ina gcuidse bheartas agus nósanna imeachta i leith géilliúntais. Tá ráitis den chineál céanna i leith ceanglas a bhaineann le cáin agus tionscail faoi leith á chur ar fáil ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ag IBEC.

Ón uair ar foilsíodh í tá aiseolas an-dearfach faighte ag an Stiúrthóir agus ag an bhfoireann maidir le mianach na Treorach Athbhreithnithe. Tá cóipeanna den Treoir Athbhreithnithe agus liosta de chionta i gcoinne dlí cuideachta ar fáil ag [www.odce.ie/consultation.asp](http://www.odce.ie/consultation.asp) nó ar iarratas ón Oifig. Nuair a bheidh cinní an Aire faoin dáta tosaigh agus faoi cibé cuideachtaí a bheidh díolúine acu ón gceanglas ar fáil, foilseoidh an Stiúrthóir an Treoir Athbhreithnithe.



Paul Appleby ag lainséal na Treorach Athbhreithnithe

Pictiúr de Dara MacDonnail, den Irish Times

## Nóta Faisnéise faoi Acht na gCuideachtaí 2003 (Tosach feidhme) Ordú 2004<sup>1</sup>

Tar éis don Tánaiste agus don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasáíocht) 2003 (Tosach feidhme) Ordú 2004 a dhéanamh, d'ullmhaigh agus d'fhoilsigh an OSFC Nóta Faisnéise faoi raon na forála. Aithníonn an Nóta na haltanna agus na fo-altanna san Achta a thosaigh ag feidhmiú ar dhátaí sonrathaithe agus míníonn sé tionchar na bhforálacha faoi leith.

### Suíomh Idirlín a chur chun cinn

Lean an Stiúrthóir agus an fhoireann sa bhliain 2004 ag tabhairt tosaíochta d'athrú chun dáta d'ábhar an tsuímh idirlín chun cinntiú go mbeadh an t-ábhar nua a bhaineann le géilliúntas agus le forfheidhmiú ullmhaithe agus cuimsithe go pras ar shuíomh OSFC.

## Fo-aidhm 1.2: Géilliúntas a chur chun cinn

### Taighde Margaidh

I dTuarascáil Bhliantúil OSFC don bhliain 2003 (féach Léaráid 5.3.1 go sonrath) rinneadh tagairt do shampla ionadaíoch de thuairimí cineálacha a cuireadh chun TNS/mrbi mar chuid dá thaighde margaidh ar thionchar na hOifige. I mí Márta 2004, fuair an OSFC na torthaí cainníochtúla ar an taighde, torthaí a bhí dearfach d'eagraíocht nach raibh bunaithe ach le dhá bhliain roimhe sin.

Cuimsíonn an tábla seo a leanas torthaí an taighde chainníochtúil i leith sampla de 300 stiúrthóir cuideachta, 100 cuntasóir, agus 30 leachtaitheoir.

Saincheist	Toradh
An aireachtáil go raibh an timpeallacht ghéilliúntais feabhsaithe	Creideann 95% de chuntasóirí/leachtaitheoirí go bhfuil feabhas tagtha ar ghéilliúntas i leith dlí cuideachta. Cé nach ndearnadh tomhas ar thoradh comparáideach i gcás stiúrthóirí, admháonn 97% de stiúrthóirí go bhfuil a leithéid de ghéilliúntas tábhachtach.
Feasacht ar OSFC	San iomlán, tá aitheantas ag 67% ar an OSFC – 54% de stiúrthóirí, 97% de chuntasóirí, 100% de leachtaitheoirí
Eolas faoi Ábhar Faisnéise OSFC	San iomlán, tá 47% feasach ar fhoilseacháin OSFC – 30% de stiúrthóirí, 83% de chuntasóirí, 97% de leachtaitheoirí
An aireachtáil ar Éifeacht OSFC	San iomlán, measann 44% go bhfuil OSFC éifeachtach – 35% de stiúrthóirí, 67% de chuntasóirí, agus 60% de leachtaitheoirí

### Obair Aighneachta

I gcaitheamh na bliana 2004 lean an Stiúrthóir ag tabhairt freagra dearfach d'iarratais ó ghrúpaí ó na hearnálacha gnó, profisiúnta, rialaitheacha, agus deonacha labhairt faoi ghnéithe de chúram OSFC agus faoi shainréimse na ndualgas agus na gceanglas atá ann faoi dhlí corparáideach. San iomlán, rinne foireann na hOifige gar do 60 cinn de chur i láthair os comhair níos mó ná 3,500 daoine ar fad i gcaitheamh na bliana. Níorbh iontas ráitis ghéilliúntais stiúrthóirí a bheith ar na saincheisteanna ba mhó ar iarradh ar an Oifig labhairt fúthu. Tá mionsonraí faoi chur i láthair a rinne foireann OSFC sa bhliain 2004 in **Aguisín 1.2.1**.

Sholáthar an Stiúrthóir agus an fhoireann roinnt áirithe alt agus páipéar ar shaincheisteanna géilliúntais do na meáin náisiúnta agus gairmiúla. Lean an Stiúrthóir ag comhoibriú le Clárathóir na gCuideachtaí ag táirgeadh Bileog Nuachta le scaipeadh i measc stiúrthóirí cuideachta. Ba iad seo a leanas na saincheisteanna sonracha a bhí ina n-ábhar in ailt a scríobhadh d'fhonn géilliúntas i leith dlí cuideachta a fheabhsú:

<sup>1</sup> Tá cóip den Nóta Faisnéise ar fáil ag [www.odce.ie/publications/information.asp](http://www.odce.ie/publications/information.asp)



Peictiúr de Alan Betson den Irish Times

Paul Appleby ag Phreasfhaisnéisiú NIB/NIBFS i mhí Iúil 2004

- ceanglais bhunúsacha ar stiúrthóirí faoi dlí cuideachta;
- cuideachtaí bainistíocht mhaoin sealbhais;
- idirbhearta stiúrthóirí lena gcuideachtaí agus
- ráitis ghéilliúntais stiúrthóirí.

Tá mionsonraí ar fáil in **Aguisín 1.2.2.**

### Preasráitis, Faisnéisithe, agus Ceisteanna

D'eisigh an Stiúrthóir 11 phreasráiteas ar ghnéithe dá chúram géilliúntais agus forfheidhmithe sa bhliain 2004. Is le dhá théama príomha a bhí preasráitis an stiúrthóra ag déileáil .i. ráitis ghéilliúntais stiúrthóirí agus gnéithe nua d'obair fhorfheidhmithe na hOifige sa bhliain 2004. Tá mionsonraí fúthu sin in **Aguisín 1.2.3.**

Ba é an imeacht ba mhó tábhacht an foilseachán ar an 30 Iúil de Thuairisc Imscrúdaitheoirí na hArd-Cúirte ar National Irish Bank Ltd. agus National Irish Bank Financial Services Ltd. Rinne an Oifig ullmhúchán suntasach le haghaidh na lainseála. Sheas an Stiúrthóir ina fhear an tí ag ócáid fhaisnéisiú na meán faoin Tuarascáil, d'eisigh sé preasráiteas agus ábhar faisnéisithe a bhain leis. Tharraing an foilseachán sin aird na meán náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus bhí an Stiúrthóir gafa i rith an lae sin ag tabhairt cuimse agallamh do lucht nuachtán, raidió agus teilifíse. Cuireadh cóip den Tuarascáil agus dá focháipéisí uile ar

fáil ar shuíomh idirlín OSFC, agus íosluchtaíodh 9,000 cóip den Tuarascáil i gcaitheamh na bliana 2004.

D'fhreagair an Stiúrthóir agus an fhoireann níos mó ná 100 ceist ó na nuachtáin i gcaitheamh na bliana ar ghnéithe de chúram agus d'obair OSFC. I go leor cásanna, bhí ar an OSFC diúltú d'iarratas ar fhaisnéis díreach nó ar thuairim, de bharr an dualgais atá ann cuid mhaith d'obair fhiosrúcháin an Stiúrthóra a choinneáil faoi rún.

### Fiosruithe ón bPobal

Bhí méadú ar líon na bhfiosruithe ón bpobal go sonrach ar an bhfón agus sa ríomhphost ar ghlac foireann na hOifige leo i rith na bliana 2004. Cé nach dtugann an OSFC comhairle ghairmiúil do bhaill an phobail, cuirtear i dtreo foinsí eolais ábhartha iad go sonrach foinsí a bhaineann le saincheisteanna dlí chorparáidigh. Mar áiseanna freagartha ar iarratais tá foilseacháin agus suíomh idirlín na hOifige lárnach. Meastar gur dáileadh amach 8,000 cóip d'fhoilseacháin OSFC mar fhreagairt ar iarratais. Tá na sonraí faoin méadú sa trácht ar an suíomh idirlín ar fáil faoi Aidhm 5 den Tuarascáil seo.

### Fo-aidhm 1.3: Dlí Cuideachta agus Cleachtais Chorparáidigh a bhaineann leis a Fheabhsú

#### Cur i bhFeidhm Threoir Mhí-úsáid an Mhargaidh<sup>2</sup> in Éirinn

I rith na bliana 2004, thug an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta cuireadh do OSFC, do IFSRA, agus don Irish Stock Exchange, trácht a dhéanamh ar an modh a gcuirfí i bhfeidhm faoin dlí Éireannach an Treoir 'Market Abuse' agus ionstraim AE a bhaineann leis. Ba é an toradh a bhí ar an bplé sin gur dóigh go n-ainmneofar IFSRA mar 'údarás inniúil' ag an Aire chun críche éifeacht a thabhairt don Treoir seo. Ag deireadh na bliana 2004, níl na Rialacháin atá riachtanach lena chur i bhfeidhm déanta fós.

2 Directive 2003/6/EC of the European Parliament and of the Council of 28 January 2003. Tá freisin 'an implementing Commission Regulation (EC) No. 2273/2003 of 22 December 2003' agus dhá 'implementing Commission Directives

2003/124/EC and 2003/125/EC of 22 December 2003.'

## Údarás Mhaoirseacht Iniúcháireacht agus Cuntasaíocht na hÉireann – Bord Eatramhach

Ag feitheamh le tosach feidhme d'fhorálacha ábhartha d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003, lean Údarás Mhaoirseacht Iniúcháireacht agus Cuntasaíocht na hÉireann<sup>3</sup> (UMICE) ag feidhmiú ar bhonn eatramhach i rith na bliana 2004. Mar bhall den Bhard Eatramhach bhí an Stiúrthóir ag obair i gcomhar leis an Údarás i gcaitheamh na bliana. Mar chuid d'obair an Bhoird Eatramhaigh a raibh an Stiúrthóir gafa leis bhí cur chun cinn clár oibre tosaigh an Údaráis ag réiteach an bealaigh chun an líon foirne a cheadú agus chun an Údarás a bhunú go foirmeálta.

### Grúpa Athbhreithnithe Dlí Chuideachta

Is comhlacht reachtúil an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Chuideachta (GADC) a thugann comhairle i leith chur chun cinn agus caomhnú creat dlí chorparáidigh nuaimseartha. Chomh maith leis an Stiúrthóir atá ina bhall den Ghrúpa, tá líon áirithe d'fhoireann OSFC ag glacadh páirt go leanúnach in obair na gcoistí agus na bhfo-choistí.

I rith na bliana 2004, bhí an OSFC gafa go sonrach le hathbhreithniú ar agus le hathdhréachtú de ghnéithe d'Acht na gCuideachtaí maidir le cúrsaí dóchmhainneachta. D'fhreastail an Oifig ar chruinnithe agus thairg cabhair agus comhairle maidir le dréachtaí leantach den chaibidil ábhartha. San obair a bhí idir lámha aici, bhí an Oifig ag iarraidh a dhéanamh cinnte go mbeadh cur i láthair níos inléite sa chaibidil bheartaithe de na ceanglais reachtúla agus go mbeadh simpliú ar an reachtaíocht reatha, sa chaoi is go mbeadh struchtúr níos fearr ar fhorálacha dóchmhainneachta corparáideacha an Stáit agus go mbeadh siad níos áisiúil do chreidiúnaí agus do pháirtithe leasmhara eile.

### Caidreamh Idirnáisiúnta

Mar bhall den International Association of Insolvency Regulators (IAIR), bhí ionchur leanúnach ag OSFC in obair na heagraíochta. D'fhreastail an Stiúrthóir agus ball den fhoireann ar Chomhdháil Bhliantúil an Association i New Delhi i mí na Feabhra 2004, ócáid ar dharna an Stiúrthóir cur i láthair faoin togra taighde ar chuideachtaí athbheochana, a raibh iarrtha air é a stiúradh. Cheadaigh an Chomhdháil foilseachán an

taighde i bhfoirm tuarascála, agus rinneadh é sin i rith na bliana. Tá tuilleadh eolais faoi chineál torthaí an taighde le fáil faoi Aidhm 4 den Tuarascáil seo.

D'fhreastail an Stiúrthóir freisin ar Cheardlann IAIR i bPrague i mí Dheireadh Fómhair a raibh cuireadh faighte ag Ballstáit nua an AE chun freastal uirthi. Rinne na freastalaí uile cur i láthair faoin gcaoi a raibh an creat dóchmhainneachta ina ndlínsí féin, agus ba luachmhara na naisc a rinneadh ann dá bharr le roinnt de Ballstáit nua an AE a raibh malartú eolais úsáideach ó shin i leith mar thoradh orthu.

I rith na bliana 2004, thug an Oifig faisnéis do chuireoirí ón Ástráil agus ón Ríocht Aontaithe ar an ról a bhí aici agus ar an gcaoi a raibh sí ag gníomhú le níos mó géilliúntais i leith Achtanna na gCuideachtaí a bhaint amach agus dá réir ag feabhsú an timpeallacht riosca do chuideachtaí a bhí ag feidhmiú in Éirinn. Labhair an Stiúrthóir freisin le comhdháil idirnáisiúnta i mBéal Feirste a raibh cuimse rialaitheoirí agus páirtithe leasmhara ó thíortha ar fud na cruinne ag freastal uirthi, faoin rialúchán corparáideach in Éirinn.

## Aidhm 2 – Cásanna a bhfuiltear Amhrasach go bhfuil an Dlí Chuideachta á Shárú a Nochtadh

### Réamhrá

De bharr gur léir go bhfuil an Oifig ag spreagadh agus ag cur chun cinn géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí tá lear mór tuarascálacha agus gearán á chur chuig an Oifig faoi chásanna a bhfuiltear amhrasach go bhfuil mí-iompar corparáidech i gceist. Thugamar faoi deara sa bhliain 2004 go raibh na tuarascálacha a tháinig ó ghnólachtaí agus ó chomhlachtaí gairmiúla agus ó údarais Stáit nó rialaitheacha go sonrach ag aithint an cháis a raibh amhras faoi go raibh an Dlí Chuideachta á shárú ann is go raibh na gearáin a fuarthas ón bpobal i gcoitinne

3 Rianaíonn Alt 8 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 feidhmeanna UMICE. Áirítear ina measc:

- ag maoirseacht an modh a rialaíonn agus a ndéanann comhlachtaí cuntasaíochta forordaithe faireachán ar na baill;

- ag cloí le caighdeán ard proifisiúnta sa ghairm iniúcháireachta agus cuntasaíochta a chur chun cinn;
- faireachán a dhéanamh féachaint an ngéilleann aicmí áirithe cuideachtaí agus fiontar eile d'Achtanna na gCuideachtaí agus

níos ginearálta maidir le deacracht i leith cuideachta a aithint. Dá bharr sin is minic go raibh ar an Oifig dul i gcomhairle leis an ngearánaí le fianaise níos cinnte a dheimhniú faoin bhfadhb le súil is go bhfaighfí amach ar shárú dlí cuideachta a bhí i gceist. Aithníonn cuid de na Léirithe liostáilte faoin Aidhm seo cásanna arbh ábhar gearáin phoiblí iad agus a ndearna an Oifig idirbheartaíocht rathúil leis an ngéilliúntas i leith ceanglais dlí cuideachta a dhaingniú.

## Fo-aidhm 2.1: Sa gcás go bhfuiltear Amhrasach go bhfuil Achtanna na gCuideachtaí á Shárú, Socruithe a chur chun cinn leis an Sárú a Bhraith agus a Thuairisciú

### Líon/Foinsí na gCásanna a bhfuiltear Amhrasach faoi Shárú

Den chuid is mó bhraitear agus tuairiscítear cásanna amhrasacha don OSFC de bharr:

- ceanglais sainordaitheacha a chuirtear de réir Achtanna na gCuideachtaí ar pháirtithe áirithe mar atá iniúchóirí<sup>4</sup>, leachtaitheoirí<sup>5</sup>, comhlachtaí gairmiúla<sup>6</sup>, agus Cláráitheoir na gCuideachtaí<sup>7</sup>, agus
- tuarascálacha deonacha a thagann chuig an Oifig ón bpobal, ón Stát agus ó Údaráis eile. Eolas a thagann chuig an OSFC ón réimse phoiblí ina luaitear líomhaintí faoi chionta i gcoinne dlí corparáidigh leantar é freisin, cibé ó na meáin a thagann sé nó ó fhoinsí eile cosúil leis an eolas



Síniú Mheamram Tuisceana idir an OSFC agus na Coimisinéirí Ioncaim

4 Alt 194(5) d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú ag Alt 74 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001).

5 Alt 299 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú ag Alt 143 d'Acht na gCuideachtaí 1990 agus Alt 51 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001).

corparáideach atá cláraithe san Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

I gcomórtas leis an mbliain 2003 ní raibh mórán athrú ar líon iomlán na gcásanna ar cuireadh OSFC ar an eolas fúthu sa bhliain 2004. Fuarthas 1,956 ghearán sa bhliain 2004 i gcomórtas leis an 1,950 a fuarthas sa bhliain 2003. Is ó iniúchóirí a tháinig an chuid is mó dóibh siúd agus bhí méadú ar ghearáin ó bhail den phobal (de ghnáth ó stiúrthóirí, ó bhail/scairshealbhóirí nó ó chreidiúnaithe nó ar a son siúd)

Má bhí méadú i dtuarascálacha ó iniúchóirí agus ón bpobal bhí cothrom sa mheá sa mhéid is nár tuairiscíodh aon mainneachtain maidir leis an oibleagáid atá ar chuideachtaí seachtracha tuairisceán a dhéanamh. Bhí sé socruithe ag an Oifig gur faoi Chláráitheoir na gCuideachtaí a bhí sé dul sa tóir ar na mainneachtnaí sin.

Tá briseadh síos ar na tuarascálacha de réir foinse rianaithe in **Aguisín 2.1.1**.

### Comhoibriú idir Údaráis Rialaitheacha

Le linn na bliana 2004, shínigh an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach dhá Mheamram Tuisceana (MT) i dtaca le heolas rialaitheach rúnda a roinnt, ceann amháin leis an Irish Stock Exchange i mí na Feabhra agus an ceann eile leis na Coimisinéirí Ioncaim i mí na Nollag. De bhreis air sin bhí cainteanna idir an dá Roinn Rialtais maidir le malartú eolais a chur ar bhonn foirmeálta.

Tháinig 18 tuarascáil chuig an OSFC ag éirí as an MT leis an Stock Exchange; bhain 15 chinn díobh siúd le teip .i. nár tugadh eolas a bheadh tionchar aige ar an bpraghas don mhargadh ar bhonn tráthúil. Bhain na 18 tuarascálacha le hidirbhearta i 16 cuideachtaí liostáilte.

An cabhair a thugann an dá eagraíocht dá chéile cheana féin chuir an MT leis na Coimisinéirí Ioncaim ar bhonn foirmeálta í, ach tá an Stiúrthóir dóchasach go gcruthódh sé comhoibriú níos fairsinge freisin in imeacht aimsire agus go mbeidh méadú ar líon na gcásanna neamhghéilliúntais a nochtar dá bharr, rud a ghabhfadh chun leasa an phobail.

6 Alt 58 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001 agus Altanna 192(6) agus (7) d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna chur isteach ag Alt 73 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001).

7 Alt 194(1)(b) d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú ag Alt 74(b) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001).

Chuaigh an Oifig i mbun comhchomhairle go rialta le Biúro an Ghárda um Imscrúdú Calaoise agus le húdaráis eile an Ghárda faoi chúrsaí a bhain leo araon maidir le cuideachtaí. Tá sé taifeadta ag Aonad an Ghárda taobh istigh den OSFC gur tharla 126 theagmháil den chineál sin i rith na bliana.

Ag éirí as síniú an Mheamraim Tuisceana le hÚdarás Rialaitheach Sheirbhísí Airgeadais na hÉireann sa bhliain 2003, bhíodh teagmháil rialta idir iad agus an OSFC sa bhliain 2004 faoi shaincheistanna ar chás leo iad san earnáil airgeadais i gcaitheamh na bliana sholáthair an Oifig ábhar do chomhlachtaí cuntasáiochta gairmiúla agus d'údarás taobh amuigh den Aontas Eorpach de réir na gcúmhaicteáil dlí a cheadaíonn cabhair do rialaitheoirí eile.

Admhaíonn an Stiúrthóir go sonrach an cabhair a fuarthas ar bhonn leanúnach ó Chláraitheoir na gCuideachtaí agus óna fhoireann i rith na bliana 2004 maidir le clárú agus le deimhniú doiciméad comhdaithe agus maidir leis an bhfreastal a rinne foireann OCC (Oifig um Chlárú Cuideachtaí) ar imeachtaí Cúirte a thionscain OSFC. Beidh an comhoibriú sin rithábhachtach i gcónaí mar taca dár gcuid oibre i leith géilliúntais agus forfheidhmithe.

## Fo-aidhm 2.2 - Cásanna a bhfuiltear Amhrasach go bhfuil Achtanna na gCuideachtaí á Shárú a Aithint

Ba cosúil lena chéile cineál na nithe a tuairiscíodh sa bhliain 2004 agus cineál na nithe a tuairiscíodh sa bhliain roimhe sin maidir le tuairisciú sainordaitheach agus deonach.

### Cineál Saincheistanna Aitheanta sna Tuarascálacha Sainordaitheacha

Nochtaigh an 1,594 thuarascáil sainordaitheacha a fuarthas sa bhliain 2004 2,007 gcásanna a rabhthas amhrasach go raibh Achtanna na gCuideachtaí á shárú. In **Aguisín 2.2.1.** den Tuarascáil seo rianáitear cineál na gcionta a tuairiscíodh dúinn go réasúnta minic sa bhliain 2004 i gcomórtas le 2003. I circa 99% de na tuarascálacha ba iad na sé cionta seo a leanas a bhí i gceist:

- as 1560 cion (nó i níos mó ná 77% de chásanna) ba loiceadh ar an tuairisceán bliantúil a sheoladh in am chuig an Cláraitheoir na gCuideachtaí a bhí i gceist. Is é an gnáth cur chuige ag an OSFC i gcás na dtuarascálacha iad a chur faoi bhráid an Chláraitheora le haghaidh caingean forfheidhmithe más gá. Ní bheidh an cion seo ina chion ar gá é a thuairisciú don OSFC chomh luath is a bheidh tús feidhme curtha le halt 37 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 le ordú ón Aire;
- cuireadh níos mó ná 300 cás d'úsáid iomarcach sócmhainní cuideachta chun leasa pearsanta stiúrthóirí agus daoine a raibh ceangal acu leo (.i. timpeall 25% de na cásanna a tuairiscíodh) faoi bhráid na hOifige le go bhfiosrófaí iad nó tháinig an Oifig ar eolas fúthu ar bhealaí éagsúla. Níor léir go ndearnadh mainneachtain d'aon turas ach i bhfíorbheagán de na cásanna sin; ní mór mainneachtain d'aon turas mar chruthúnas le ciontú a dhaingniú i leith na mainneachtana sin;
- i timpeall 60 cás (tuairim is 3% den iomlán) is teip ar chuideachtaí leabhair chuntais cuí a choinneáil a bhí i gceist. Is bunúsach an ceanglas seo chun struchtúr láidir cibé aonarach nó tiomsaitheach a choinneáil maidir le cúrsaí corparáideacha, agus dá réir déantar cinneadh faoi chaingean forfheidhmithe a thionscnamh nó gan a thionscnamh i ngach cás dá leithéid;
- tuairiscíodh 30 cás (nó timpeall 1.5% de líon iomlán na gcionta a tuairiscíodh) a bhain le cuideachtaí agus a gcuid stiúrthóirí ar theip orthu cruinniú ginearálta urghnách (CGU) a tharraingt a laghdódh cóimheas sócmhainní/fiachais na cuideachta go dtí 50% nó níos lú. Níor tuairiscíodh ach a thrían de mhéid na gcásanna a tuairiscíodh sa bhliain 2003, toradh a bhfáiltítear leis agus a thugann le tuiscint go bhfuil na cuideachtaí atá i gceist ag baint úsáid as CGU le rud a dhéanamh faoina laige maidir le caipiteal;
- bhain 15 cásanna (nó níos lú ná 1% den iomlán) le heolas a fhógairt ródheireanach don mhargadh arbh fhéidir tionchar a bheith aige ar an bpraghas. Chuir an Irish Stock Exchange in iúl don Oifig go raibh feabhas tagtha ar thráthúlacht tuairisciú

cuideachta don mhargadh ón uair a d'fhogair siad an ceanglas tuairiscithe sainordaithe sin do chuideachtaí liostáilte;

- cuireadh in iúl do 12 chuideachta (níos lú ná 1% de líon iomlán na gcionta a tuairiscíodh) nach raibh aon stiúrthóir Éireannach cónaitheach acu. Ba íslíú é sin de 50% ar fhigiúr na bliana 2003 agus b'fhéidir gurb é an chúis a bhí leis an íslíú sin go raibh an pobal níos eolaí faoin gceanglas cuibheasach nua sin.

### Cineál na Saincheistanna a Aithníodh i Tuarascálacha Deonacha agus eile

Sa bhliain 2004, chuir an OSFC Foirm Ghearáin Athbhreithnithe ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge, le gearánaithe a spreagadh chun cion/cionta sonracha i gcoinne dlí cuideachta a raibh ceist fúthu a shainmhíniú níos fearr. Cé go raibh toradh maith ar an ngníomh sin go pointe áirithe, tá roinnt tuairiscí ag teacht ón bpobal i gcónaí faoi chásanna a bhfuiltear amhrasach faoi mhí-iompar ach nach bhfuil sé cinnte an cion atá i gceist. In ainneoin na deacrachta cineál na ngearán agus na tuarascálacha sin a chur faoi chatagóir, soláthraíonn **Aguisín 2.2.2** eolas faoi na saincheistanna ar cuireadh ar ár súile dúinn tríd an bhfoinse sin. Tugtar faoi ndeara cé gur cosúil go maith lena chéile saincheistanna na bliana 2004 agus cinn sa bhliain 2003, i go leor cásanna ba éagsúil an suntas a tugadh do shaincheistanna aonarach a áirithe i gcomórtas le toradh na bliana 2003.

Bhain gar do 50% de na saincheistanna leis na ceithre réimsí bunúsacha seo a leanas:

- fiach gan íoc ag chuideachtaí, lena n-áirítear na cúinsí seo a leanas
  - socruithe Cúirte gan íoc;
  - fiacha tabhaithe ag chuideachtaí, nach n-íoctar in am nó ar chor ar bith;
  - cásanna a ndeachaigh Breithiúnas na Cúirte i gcoinne na cuideachta ach nár tháinig an sirriam nó an Cláráitheoir Contae ar “mhaoin ar bith” nuair a rinneadh iarracht an Breithiúnas a chur i bhfeidhm;
  - níl an chuideachta i mbun trádála níos mó ach níl sí leachtaithe ach oiread.

Ó tharla nach bhfuil sé d'fheidhm ag an OSFC fiacha a bhailiú, ní mór do chreidiúnaithe dul i muinín an dlí ar a son féin le sásamh a bhaint amach. Moltar do ghearánaithe dul sa tóir ar chomhairle ghairmiúil (mura bhfuil sin déanta cheana acu) maidir leis na roghanna atá acu faoi dhlí cuideachta agus faoi reachtaíocht eile. Ar na roghanna atá ann faoi dhlí cuideachta tá an chuideachta a leachtú nó ordú Cúirte a fháil chun sócmhainní a fháil ar ais nuair nach n-íocfar astu nó nuair nach bhfuil dóthain íoctha;

- teastaíonn scrúdú cúramach i gcás gearán a bhfuil líomhaintí faoi thrádáil chalaioiseach, míchúramach nó dócmhainneach. Déileálann **Léiriú 2.2.1** le cás dhá chuideachta a bhí gaolta lena chéile ar cuireadh faoi leachtú iad tar éis fiosrúcháin de chuid OSFC ag éirí as gearáin ón bpobal; bhí creidiúnaithe sásta a fhios a bheith acu go bhfaighfí ar ais agus go ndíolfaí na sócmhainní a bhí fágtha ag na chuideachtaí le fiachais an leachtaithe agus na

## Léiriú 2.2.1: Cás inar Cuireadh faoi Leachtú dhá Chuideachta tar éis Gearán ón bPobal agus Fiosrúchán OSFC

Gearáin faoi mhiondíoltóir mar gheall go raibh sé ag glacadh le héarlaisí suntasacha ó chustaiméirí fad is a bhí sé eolach faoi nach mbeadh sé in ann nó gur beag seans go mbeadh sé in ann na hearraí a bhí i gceist a sholáthar. Os rud é gur chúis bhuartha iompar calaoiseach nó iompar gan chúram a bheith i gceist leis sin, thionscain an OSFC fiosrúchán faoi ghníomhaíochtaí gnó na bpríomhaithe i roinnt cuideachtaí gaolta.

Tar éis imscrúdaithe, fuarthas amach go raibh stiúrthóir príomha a bhí lánach sa scéal gafa le dhá chuideachta. De réir faisnéise cláraithe i gClár na gCuideachtaí, bhí sé

ar thaifead go raibh ceithre sheoladh baile ag an té sin. In ainneoin sin, d'iarr an OSFC eolas áirithe air maidir la stádas na gcuideachtaí agus an chaoi go raibh sé ag teip orthu de réir dealraimh géilleadh le ceanglais áirithe dlí cuideachta a bhí curtha in iúl dóibh. Sheas an Oifig go daingean agus ina dhiaidh sin thionscain stiúrthóirí leachtú den dá chuideachta dócmhainneacha. Ag deireadh na bliana 2004 bhí an leachtú faoi lánseol agus cuirfidh an leachtaitheoir tuairisc isteach de réir sceidil go luath sa bhliain 2005 i ndáil lena fhiosrúchán faoi ghnóthaí na gcuideachtaí agus faoi iompar na stiúrthóirí lena mbaineann.

gcuideachtaí a urscaoileadh, agus go mbeadh ar na stiúrthóirí míniú a thabhairt don leachtaitheoir faoi mhaoirseacht na gcuideachtaí;

- rudaí a chuireann in iúl easpa tuisceana ar cheanglais Achtanna na gCuideachtaí maidir le cúrsaí cuideachta a rialú. Soláthraíonn Léiriú 2.2.2 eiseamláir d'idirbheartaíocht rathúil a rinne OCFC chun géilliúntas stiúrthóirí cuideachta i leith a ndualgas reachtúla a dhaingniú;
- cruinnithe Ginearálta Bliantúil gan tarraingt nó loiceadh maidir lena dtarraingt de réir na gceanglas dlí cuideachta. I líon suntasach de na cásanna sin, ní bhfuair an ball aonarach nó an scairshealbhóir fógra faoin gcuinníú 21 lá roimh ré agus níor cuireadh ar fáil dó tuarascáil an stiúrthóra, na ráitis airgeadais iniúchta nó seachfhoirm. Is minice a bhíonn na nithe sin ina gcúis bhuartha i gcás cuideachtaí rathaíochta agus cuideachtaí neamh-bhrabhaigh (m. sh., cuideachtaí bainistíocht arasáin nó carthanais), cuideachtaí príobháideacha le húnireacht daingean gan aon scairshealbhóirí taobh amuigh den teaghlach agus cuideachtaí atá ag baint leas as maoinithe BES. Nuair a thagann na saincheisteanna sin in airde déanann OSFC iarracht a bhfuil tarlaite a shoiléiriú, athmhuintearas a chruthú idir na páirtithe agus sa gcás nach féidir é sin a dhéanamh,

déantar ordú cruinníú bliantúil a tharraingt faoi cumhachtaí dílsithe do Stiúrthóir Fhorfheidhmithe Chorparáidigh. Cuireann Léiriú 2.2.3 eiseamláir de chás dá leithéid a bhain le cuideachta bainistiú maoin sealbhais. Taispeántar i Léiriú 2.2.4 litir nach raibh iarrtha ag gabháil buíochas don Oifig as ucht idirghabháil a dhéanamh le neamhghéilliúntas a réiteach chun leasa úinéirí na maoin a bhí i gceist. Tá eagarthóireacht déanta ar an litir agus ainmneacha na cuideachta agus na bpáirtithe eile fágtha as.

### Diúscairt Chásanna

Den 2,362 chás a fuarthas isteach agus a bhí ar na bioráin againn sa bhliain 2004, chuir OSFC an plé chun críche ar 1,577 nó níos mó ná 66.7% díobh. De bhreis air sin, cuireadh 493 chás ar leataobh lena bhfiosrú le súil imeachtaí sibhialta nó coiriúla a thionscnamh dá mba ghá. Bhí 292 chás ar na bioráin againn ag deireadh na bliana 2004, laghdú suntasach ar an 406 a bhí ar na bioráin againn ag deireadh na bliana 2003. Tá cur síos cuimsitheach ar na gcásanna sin in **Aguisín 2.2.3**.

Ceileann an toradh rathúil próifíl de réir aois atá ag dul i ndonacht i gcás líon beag de chásanna deacra a bhfuil an measúnú tosaigh á dhéanamh orthu. Taispeánann an tábla a leanas nach ndearnadh cinneadh fós ar

## Léiriú 2.2.2: Neamhghéilliúntas Charthanais curtha ina gCeart tar éis Gearáin a fháil ó Bhall agus tar éis Idirghabhála OSFC

Corpraíodh cuideachta mar chuideachta rathaíochta chun críche carthanachta sa bhliain 2000. Ina dhiaidh sin ghlac sí seilbh ar mhaoin sealbhais.

Go luath sa bhliain 2004 fuair an OSFC gearán a chuir in iúl gur diúltaíodh do shíniú na bunaidh na cuideachta teacht ar na leabhair chuntasaíochta. I measc saincheisteanna eile a ardaíodh bhí teip ar Chruinnithe Ginearálta Bliantúla a tharraingt agus titim-as-a-chéile iomlán de ghnáth coincheapa rialachais corparáidigh.

Tar éis fiosrúcháin de chuid OSFC, thaispeáin sé:

- nach rabhthas ag ullmhú ráitis airgeadais,
- nach raibh iniúchadh á dhéanamh ar chúrsaí airgid na cuideachta,
- nach raibh bord na stiúrthóirí comhdhéanta go cuí de réir dealramh agus

- nach raibh tuairisceán bliantúil déanta ag an gcuideachta ón uair a corpraíodh í.

In ainneoin na n-easnamh sin, d'éirigh leis an gCuideachta cúnaimh i bhfoirm dheontais a fháil ón mBord Sláinte (le haghaidh soláthar áis réamhscoile) agus ó FÁS (le siopa caife a rith mar chuid de chlár for-rochtana).

Tar éis an OSFC teagmháil a dhéanamh leis na stiúrthóirí, fuarthas amach gur chosúil nach raibh siad feasach faoi na hoibleagáidí a bhí orthu Cruinnithe Ginearálta Bliantúla a tharraingt agus cuntais iniúchta iomlána a sholáthar dá mbaill. Bhí neamhchinnteacht freisin ann maidir leis an ról agus an bhaint a bhí ag bord stiúrthóirí na cuideachta i maoirseacht agus i stiúradh gnóthaí na cuideachta.

De thoradh chomhrá na hOifige leis na stiúrthóirí ainmníodh iniúchóirí gairmiúla, tarraingíodh cruinníú ginearálta bliantúil agus tugadh suas chun dáta clár na mball agus na stiúrthóirí.



121 chás a fuarthas níos mó ná 12 mhí ó shin. Is é an ganntanas foirne is cúis leis sin rud a chaithfear rud a dhéanamh faoi sa bhliain 2005:

Próifíl na gcásanna de réir aois	2003	2004
Níos lú ná sé mhí	222	126
Sé mhí nó níos mó ach níos lú ná 12 mhí	141	45
12 mhí nó níos mó ach níos lú ná 24 mhí	40	101
24 mhí nó níos mó	3	20
<b>Iomlán</b>	<b>406</b>	<b>292</b>

Déanann **Aguisín 2.2.4** briseadh síos ar an modh a ndearnadh réiteach ar na 1,577 gcásanna a measúnaíodh agus a dúnadh sa bhliain 2004, le hidirdhealú déanta eadraibh de réir mar b'ábhar tuairiscí sainordaitheacha nó tuairiscí deonacha iad. Bhain an chuid is mó de na cásanna sin le mainneachtain i leith tuairisceán. Dúnadh cinn eile de bharr nár léir iontu aon tsaincheist dliteanais choiriúil faoi Achtanna na gCuideachtaí;

roinnt díobh sin d'fheilfeadh siad do chaingean sibhialta a thionscnódh an gearánaí. Réitíodh cuid mhaith díobh siúd a bhí fágtha trí litreacha a eisiúint ag fógairt caingean dlí sa gcás go dtarlódh an mhainneachtain in athuair. Is dóigh go mbeidh feabhas ar ghéilliúntas dá bharr amach anseo agus dá réir is beartas é atá comhsheasmhach le forchuspóirí géilliúntais an Stiúrthóra. Mar a cuireadh in iúl níos luaithe, sa chuid is mó de chásanna is trí idirbheartaíocht riaracháin nó dlí a rinne OSFC le neamhghéilliúntas a cheartú nó a fheabhsú a thángthas ar réiteach rathúil.

B'fhéidir gur i gcásanna a mbíonn stiúrthóirí cuideachta agus daoine a bhfuil ceangal leo ag baint úsáid phearsanta as sócmhainní cuideachta is mó is léir tionchar dearfach na hOifige chun géilliúntas a fheabhsú. In éineacht le tuairisciú na gcionta indíotáilte sin a rinne iniúchóirí sna blianta 2003 agus 2004, chuir roinnt mhaith de na stiúrthóirí lena mbaineann in iúl don OSFC go bhfuil na hiasachtaí a bhí i gceist íoctha ar ais anois. San iomlán íocadh ar ais tuairim is luach €100 milliúin de shócmhainní cuideachta do na cuideachtaí; bhí buntáiste dá bharr ag páirtithe leasmhara san laghdú ar riosca creidmheasa. I roinnt cásanna áirithe is airgead substainteach a bhí i gceist leis na hiasachtaí sin ar pháirt mhór de luach na cuideachta iad agus i bhfad

### Léiriú 2.2.3: Neamhghéilliúntas Cuideachta Bhainistiú Maoine Sealbhais Curtha ina gCeart tar éis Gearáin a fháil ó Bhall agus tar éis Idirghabháil OSFC

Corpraíodh cuideachta faoi theorainn ráthaíochta sa bhliain 1994 agus bhí sé de fhreagracht uirthi caoi a choinneáil ar bhloc de níos mó ná 50 árasán agus oifig. Ba iad na stiúrthóirí forbroirí an choimpléisc; sholáthair duine amháin acu seirbhís chuntasaíochta don chuideachta. An tuairisceán bliantúil is deireanaí a rinne an chuideachta rinneadh suas go dtí 30 Meán Fómhair 2002 é; bhí cuntais iniúchta don bhliain a chríochnaigh 31 Nollaig 2001 ceangailte leis.

Chuir an gearánaí a raibh ina bhall den chuideachta in iúl gur leis ceann de na maoin sealbhais sa choimpléasc. Ón uair ar corpraíodh í níor thug an chuideachta cuireadh dá baill teacht go dtí cruinniú ginearálta bliantúil agus níor eisigh sí riamh do na baill tuarascáil bhliantúil na stiúrthóirí ná aon doiciméid eile a d'fheilfeadh do chruinniú bliantúil.

Mar chuid den fhiosrúchán rinne an OSFC scrúdú ar chlár bhall agus stiúrthóirí na cuideachta agus rinne sí teagmháil le hiniúchóir na cuideachta le roinnt ceisteanna a chur air maidir le:

- teidlíocht na cuideachta mar chuideachta rathaíochta, cuntais ghiorraithe a chur ar fáil;
- Cruinniú ginearálta a fhógairt go gairid roimh ré nuair nach raibh fáil ar aontú na mball mar a theastaigh.

De thoradh na bhfiosrúchán sin d'ordaigh an OSFC do stiúrthóirí na cuideachta cruinniú ginearálta bliantúil a tharraingt. Eisíodh na doiciméid fheiliúnacha do na baill agus tarraingíodh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ina dhiaidh sin. Ag an gcruinniú toghadh roinnt ball ar an mbord agus d'éirigh na stiúrthóirí a bhí ina bhforbróirí as. Ina dhiaidh sin, na tuairisceáin nach raibh cláraithe leis an Oifig Um Chlárú Cuideachta lena n-áirítear na ráitis airgeadais, chláraigh na stiúrthóirí nua iad.

Tar éis an rath a bhí ar idirghabháil an OSFC, fuair an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach litir ón ggearánaí ag gabháil buíochas leis. Tá cóip den litir sin ach gan ainm na cuideachta agus na bpáirtithe eile luaite ann i Léiriú 2.2.4.

níos mó ná an méid a bhí ceadaithe mar theorainn. I gcuid mhaith de na cásanna theip ar an bhfiosrúchán dóthain fianaise a nochtadh go raibh ag na loicigh lena mbaineann eolas nó cúis réasúnach chun a chreidiúint go mbeadh an chuideachta ag sárú na gcosc reachtacha nuair a rinne siad idirbhearta – coinníoll is gá a chomhlíonadh más cion coiriúil atá i gceist. Cibé ar bith ba chóir go laghdófaí an bac sin ar ionchúiseamh rathúil amach anseo nuair a chuirtear san áireamh an oiread is a bhí an OSFC chun tosaigh maidir le feacht luchta chorparáidigh ar na coisc sin a ardú.

### Fo-aidhm 2.3: Tacú le/Coimisiniú Fiosrúcháin Chuideachta Foirmeálta

Baineadh úsáid ar bhonn réasúnta rialta thar thréimhse na n-ocht mbliana is deireanaí as fiosrúcháin bhreithiúnacha agus scrúdaithe gairmiúla ar dhoiciméid chuideachtaí chun fíricí a dhaingniú i gcásanna a bhain le cuideachtaí Éireannacha agus le cuideachtaí cláraithe

i dtíortha thar lear a rabhthas amhrasach faoi mhí-iompar. Ón uair ar bunaíodh OSFC cuireadh síneadh leis an áis seo trí úsáid a bhaint as cumhachtaí barántas cuardaigh an Stiúrthóra. Is in éineacht le iniúchtaí coiriúla go sonrach a baineadh úsáid as na cumhachtaí sin agus forlíontar iad nuair is gá trí dhoiciméid a bhaineann leis na cuideachtaí i gceist a fháil ó na bainc ar mhodh dlíthiúil.

#### Fiosrúcháin Chríochnaithe

##### National Irish Bank Ltd. (NIB)/National Irish Bank Financial Services Ltd.(NIBFS)

Imeacht suntasach ba ea foilseachán an 30 Iúil 2004 de Thuairisc na n-Imscrúdaitheoirí ar NIB agus NIBFS. Réitigh an OSFC an bealach le haghaidh fhoilseachán na Tuarascála ar iarratas ón Ard-Chúirt. Rinne an Stiúrthóir agus an fhoireann socruithe chun an Tuarascáil a chur i gcló i bhformáid chóipe crua agus i bhformáid CD agus chun a eisiúint agus a díol via

**Léiriú 2.2.4: Téacs de Litir ag gabháil buíochas don OSFC as ucht Leigheas a chur ar Mhainneachtain a rinne Cuideachta Bhainistíochta Maoin Sealbhais maidir leis an gceanglas Cruinnithe Ginearálta Bliantúla a chomhlíonadh**

**Peter Durnin Esq.,  
Office of Directors of Corporate Enforcement,  
16 Parnell Square,  
Dublin 1.**

**26<sup>th</sup> March '04.**

**Dear Mr. Durnin,**

**Just a note to bring you up to date on matters.**

**The A.G.M. relating to the year and accounts for Y/E 31/12/02 was held on 16/03/04. Four new directors appointed – all three previous directors had tendered resignations to the company's solicitors, who announced the resignations on the night. He pointed out it was an 'oversight' not to have notified the members of previous A.G.M.'s.**

**The auditor was re-appointed and is very co-operative.**

**On behalf of the new board we would like to thank your office for it's efficient timely support on this matter.**

**We hope to sort out the problems we have inherited.**

**Thanking you.**

**Yours sincerely,**

an Oifig Dhíolacháin Fhoilsiúchán Rialtais. Dháil an OSFC cóipeanna den Tuarascáil ar dhaoine a bhí ainmnithe ann, ar rialaitheoirí bainc sa bhaile agus thar lear agus ar dhaoine mór le rá eile.

Bhí an fiosrúchán NIB/NIBFS ar siúl ar feadh níos mó ná sé bliana agus tá roinnt conclúidí diúltacha sa Tuarascáil maidir leis na cuideachtaí, an bhainistíocht shinsireach, iniúcháirí na gcuideachta agus an coiste iniúchta. Ó foilsíodh an Tuarascáil tá comhairle dlí á glacadh ag an Stiúrthóir le fáil amach an féidir imeachtaí dlí i leith dícháilithe a thionscnamh i gcoinne roinnt de na páirtithe atá cáinte ann. Ní raibh aon chinneadh déanta faoi sin ag deireadh na bliana 2004.

Chosain fiosrúchán NIB/NIBFS €6.5 milliún. ocadh an costas sin ar dtús ar Vóta an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, ach tá súil anois go bhfaighidh an Roinn an tsuim ar ais ón mBanc.

### **Ansbacher (Cayman) Ltd.**

---

Rinneadh mionphlé i dTuarascálacha Bliantúla OSFC sna blianta roimhe seo ar an dul chun cinn a bhí ar chúrsaí tar éis foilseachán Thuarascáil Imscrúdaitheora na hArd-Chúirte i leith Ansbacher (Cayman) Ltd i mí an Mheithimh 2002. Rinneadh tagairt go sonrach d'iarratas na gCoimisinéirí Ioncaim agus an OSFC ar an Ard-Chúirt doiciméid na n-Imscrúdaitheoirí a chur ar fáil dóibh. Sa bhliain 2002, tar éis glacadh le comhairle dlí chuir an OSFC ar athló an t-iarratas teoranta sin fad is a bhíodh ag feitheamh ar chinneadh faoin iarratas níos leithne a rinne na Coimisinéirí Ioncaim.

An 25 Bealtaine 2004, thug Uachtarán na hArd-Chúirte a Bhreithiúnas faoi iarratas na gCoimisinéirí Ioncaim agus dúirt *inter alia* go raibh na Coimisinéirí i dteideal teacht ar dhoiciméid uile na n-Imscrúdaitheoirí nach raibh sa Tuarascáil agus cóipeanna a fháil díobh cé is moite de na bileoga oibre ar éiligh na hImscrúdaitheoirí go mbeadh siad faoi phribhléid. Bhain an cinneadh go sonrach le cliaint d' Ansbacher (Cayman) Limited agus le daoine agus le cuideachtaí ar mheas na hImscrúdaitheoirí nár chomhoibrigh siad leis an bhFiosrúchán. Ceadáíodh do na Coimisinéirí freisin iarratas a chur isteach in athuair chun teacht ar dhoiciméid na n-Imscrúdaitheoirí i leith aon duine aonaraigh nó aon chuideachta nach raibh ainmnithe sa Tuarascáil.

I ndiaidh chinneadh na hArd-Chúirte, d'iarr an OSFC ar chomhairle Abhcóide maidir le cásanna cúirte a dhéanfadh sí amach anseo. Is ag teacht chun deiridh na bliana 2004 a fuarthas an chomhairle sin agus bhí an Stiúrthóir ag déanamh a mharana fúithi ag deireadh na bliana.

### **Kentford Securities Ltd.**

---

Cuireadh Tuarascáil na Roinne faoi Kentford Securities Ltd., cuideachta a bhí bainteach le Ansbacher (Cayman) LTD ar aghaidh chuig an OSFC i mí na Samhna 2002. Ní hionann le tuarascálacha na n-Imscrúdaitheoirí a bhfuil na fíricí agus na tuairimí atá leagtha síos iontu inghlactha mar fhianaise chun críche imeachtaí sibhialta ar bith a thiocthadh ina dhiaidh sin, tá sé riachtanach go mbeadh fianaise neamhspleách in éindí le fíricí agus táatal oifigigh údaraithe. Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar ábhar na tuarascála sin, chinn an Stiúrthóir gur thuill iompar duine amháin go gcuirfí imeachtaí forfheidhmithe ar bun ina leith, agus bhí an fhianaise mionnscríbhinn a theastaigh chun tacú lena leithéid d'imeachtaí ullmhaithe den chuid is mó ag deireadh na bliana 2004.

### **Celtic Helicopters Ltd.**

---

Tar éis don Stiúrthóir scrúdú a dhéanamh ar thuarascáil na Roinne faoi Celtic Helicopters Ltd., a fuair sé sa bhliain 2003 chinntigh an Stiúrthóir nach dtionscódh sé caingean forfheidhmithe faoi láthair i gcoinne aon duine a bhí luaite sa tuarascáil.

### **Barnroe Ltd.**

---

Tar éis glacadh le roinnt gearán ón bpobal i leith Barnroe Ltd., cuideachta tógála, cláraithe ag 4c Kiltalawn Cottages, Bóthar Baile Coimín, Baile Átha Cliath 24 faoin modh iompair a bhí aici ina cuid ghnóthaí, thionscain an OSFC scrúdú cuideachta dá cuid leabhar agus doiciméad i mí na Bealtaine 2004. D'earcaigh an Oifig cuntasóir gairmiúil chun cuidiú léi san obair sin. Ina dhiaidh sin fuarthas barántais chuardaigh ón gCúirt Dúiche agus cuireadh i ngníomh iad. Gabhadh doiciméid chuideachta agus cuireadh ar fáil iad don chuntasóir gairmiúil ainmnithe le haghaidh scrúdaithe.

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar thuarascáil chríochnaithe an chuntasóra, chinntigh an stiúrthóir gur thuill an

cás go gcuirfí imeachtaí dlí i leith dícháilithe ar bun i gcoinne dhá stiúrthóir sa chuideachta agus tionscnaíodh na himeachtaí sin i mí na Nollag 2004. Comhthreormhar leis sin rinneadh athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh an Stiúrthóra a chumhachtaí imscrúdaitheacha a úsáid i leith na cuideachta sin, agus tá an dá shraith imeachtaí ag fanacht ar dháta éisteachta ag deireadh na bliana 2004.

### Fiosrúcháin Leanúnacha

#### Dunnes Stores Ireland Company/Dunnes Stores (ILAC Centre) Ltd.

Rinneadh plé fada i dTuarascálacha Bliantúla na mblianta 2002 agus 2003 ar imeachtaí éagsúla na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí a chuir siar go dtí lár na bliana 2003 scrúdú leabhar agus doiciméad de chuid Dunnes Stores Ireland Company agus Dunnes Stores (ILAC Centre) Ltd. Lean Cyril Houlihan, ball foirne in OSFC ag obair ar an sannadh sin i rith na bliana 2004 agus bhí na scrúduithe fós ar siúl ag deireadh na bliana 2004

#### AIB Investment Managers Ltd.

I mBealtaine 2004 thug an Stiúrthóir faoi deara go raibh fadhbanna áirithe a raibh stair ag baint leo san AIB Group, go sonrach maidir le AIB Investment Managers Ltd. Tar éis an cheist a scrúdú, d'ordaigh sé go gcuirfí ar fáil leabhair agus doiciméid áirithe a bhain leis na fadhbanna sin agus cuireadh ar fáil iad. Ag deireadh na bliana 2004, bhí scrúdú an Stiúrthóra fós ar siúl agus bhí an Oifig ag meas torthaí an fhiosrúcháin mhionsonraithe a rinne Údarás Rialaitheach Sheirbhísí Airgeadais na hÉireann faoi na himeachtaí céanna agus a cuireadh ar fáil i mí na Nollag 2004.

### Scrúdú Cuideachta eile ag OSFC

Tosaíodh ag scrúdú leabhar agus doiciméad cuideachta i mí na Nollag 2003 agus bhí an scrúdú fós ar siúl ag deireadh na bliana 2004. Tá súil leis go gcríochnófar an obair sin i rith na bliana 2005.

### Scrúduithe Cuideachta Roinne

Lean scrúduithe na Roinne ar leabhair agus ar dhoiciméid College Trustees Ltd., Guinness and Mahon (Ireland) Ltd. and Hamilton Ross Company Limited go dtí deireadh na bliana 2004.

## Aidhm 3 – Sárúithe Nochta d'Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh

### Réamhrá

Bhí méadú sa leibhéal gníomhaíocht forfheidhmithe i go leor réimsí sa bhliain 2004; ba bheag nach raibh rath ar na himeachtaí dlí uile a raibh an OSFC páirteach iontu. Don tríú bliain as a chéile bhí méadú substainteach ar líon na gciontuithe coiriúla le hardú go 66 ( i gcomórtas le 43 sa bhliain 2003 agus le 14 sa bhliain 2002). Dícháilíodh roinnt daoine, cuireadh sriantaí ar roinnt eile agus rinneadh orduithe in imeachtaí géilliúntais freisin de bharr obair na hOifige.

I mí Dheireadh Fómhair 2004 chuir an Stiúrthóir a chéad chás faoi bhráid an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP), cás a bhain le roinnt páirtithe a bhí ag sárú ceanglais dlí cuideachta éagsúla. Bhíothas ag feitheamh ar chinneadh ón SIP faoin gcás ag deireadh na bliana.

### Imeachtaí Dlí

Sa bhliain 2004 rinne an Stiúrthóir leathnú raoin ar imeachtaí sibhialta agus coiriúla a bhí curtha i gcrích go rathúil. Fíoraisc a baineadh amach don chéad uair ba ea:

- ciontú as trádáil chalaioiseach;
- ciontú as gníomhú mar stiúrthóir nuair a bhí srianadh i bhfeidhm gan géilleadh le coinníollacha reachtúla;
- srianadh ar stiúrthóir cuideachta dóchmhainneach neamhleachtaithe;
- dícháiliú agus srianadh stiúrthóirí cuideachta ar baineadh de Chlár na gCuideachta í siocair gan tuairisceán bliantúil a chur isteach.

Chomh maith le hobair fhorfheidhmithe, bhí an Stiúrthóir rannpháirteach freisin go díreach nó go

hindíreach i roinnt cásanna tábhachtacha nó nua. Áirítear ina measc:

- imeachtaí Ard-Chúirte maidir le foilseachán Thuairisc na n-Imscrúdaitheoirí faoin National Irish Bank Ltd. agus faoin National Irish Bank Financial Services Ltd. (féach ar an ábhar faoi Foaidhm 2.3 thuas);
- imeachtaí Ard-Chúirte agus Cúirte Uachtaraí a bhain le leachtú Eurofood IFSC Ltd., fochuideachta de Parmalat SpA;
- imeachtaí Ard-Chúirte faoi fhaoiseamh ó dhícháiliú i gcás duine ar dícháilíodh é i Sasana agus sa Bhreatain Bheag roinnt blianta roimhe sin;
- imeachtaí Ard-Chúirte faoi fhaoiseamh i leith daoine a raibh sriantaí curtha orthu le gairid ag an Ard-Chúirt. Mar a chuirtear in iúl níos faide ar aghaidh faoi Aidhm 4.1, tarraingíodh siar an t-iarratas sin tar éis don OSFC a thabhairt le fios go mbeadh sí ag cur in aghaidh an iarratais ar fhaoiseamh;
- imeachtaí Ard-Chúirte chun faoiseamh a fháil ag roinnt daoine ar cealaíodh a gcuid chearta mar scairshealbhóirí, siocair gan a insint in am don chuideachta gur cheannaigh siad scaireanna. Ag leanúint as fiosrúcháin OSFC sna cásanna sin cuireadh in iúl do na hiarratasóirí nach raibh OSFC i gcoinne go nglacfadh an Ard-Chúirt le hiarratais agus tuigimid gur éirigh le roinnt de na hiarratasóirí faoiseamh a fháil ina dhiaidh sin.

San iomlán bhí an Stiúrthóir rannpháirteach i 61 chinn d'imeachtaí dlí; san Ard-Chúirt a bhí 19 gcinn ar siúl agus bhí 42 chinn ar siúl sa Chúirt Dúiche. De na 61 chinn d'imeachtaí dlí sa bhliain 2004, tugadh chun críche 42 agus bhí 19 ar siúl fós ag deireadh na bliana. Bhí rath ar na himeachtaí uile a tugadh chun críche seachas trí chinn acu sa mhéid is gur chuir siad fiosrúcháin choiriúla chun cinn nó gur fuarthas ciontuithé dá bharr nó go ndearnadh ceartúchán ar iompar mídhleathach nó toradh sásúil eile. Tá forbheathnú cuimsitheach ar imeachtaí den chineál sin ar fáil in **Aguisín 3.1**.

Déanann an tábla thíos coimriú ar chineál na gcinneadh Cúirte rathúla a rinneadh in imeachtaí dlí a raibh an Stiúrthóir rannpháirteach iontu.

Líon/Cineál na gCinneadh Cúirte Rathúla	2003	2004
Orduithe leabhar baincérí	13	2
Cúisimh inar fuarthas ciontuithé	43	66
Cúisimh tugtha san áireamh tar éis ciontaithé	9	9
Cúisimh a mheastar a bheith cruthaithe	16	24
Dícháilithe	1	3
Athbhreithniú breithiúnach	1	-
Orduithe a rinneadh in imeachtaí géilliúntais	14	2
Ordú diúscairt mhaoin sealbhais	1	-
Sriantaí	-	2
Coinneáil Dhoiciméad Urghafa	-	5
Barántais Chuardaigh	10	4
Cinntí eile	1	5
<b>Iomlán</b>	<b>109</b>	<b>122</b>

Rianaíonn **Aguisín 3.2** cineálacha na 19 n-imeachtaí Ard-Chúirte agus Cúirte Uachtaraí agus na 42 imeachtaí Cúirt Dúiche a raibh an Stiúrthóir gafa leo sa bhliain 2004 maille le stádas agus toradh coimrithe gach cineál.

Sa mhéid is a bhaineann sé le himeachtaí sibhialta agus coiriúla atá críochnaithe, aithníonn **Aguisín 3.3** na páirtithe a sháraigh, de réir insint na hArd-Chúirte agus na Cúirt Dúiche, na gceanglais a bhí orthu i leith Achtanna na gCuideachtaí. Den chéad uair chuir an Chúirt Dúiche in iúl go raibh sí toilteanach daoine a chur faoi choinneáil i dtaca le hionchúisimh de chuid an OSFC. I mí Márta gearradh sé mhí de phríosún a cuireadh ar fhionraigh i gcás dhá chiontú a bhain le trádáil chalaoiseach agus gan leabhair chuntas chúí a choinneáil. Níos deireanaí sa bhliain, gearradh trí mhí breise de phríosún curtha ar fhionraigh i dtaca le ciontú as gníomhú mar iniúchóir ach gan a bheith cáilithe.

Gearradh pionóis substainteacha freisin i roinnt cásanna aonaracha eile. I gcás amháin ghearr an Chúirt Dúiche fineáil agus costais de níos mó ná €6,500 san iomlán ar dhuine aonarach.

Léiríonn na téarmaí príosúin curtha ar fhionraí agus na fineálacha agus na costais throma a gearradh ar roinnt díobh siúd a fuarthas ciontaigh gur minice ná riamh go mbíonn ciontaí tromchúiseacha i gcoinne dlí cuideachta á thabhairt os comhair na Cúirte ag OSFC. Cuirtear torthaí caingean forfheidhmithe OSFC ar fáil go rialta ar shuíomh idirlín OSFC ag [www.odce.ie/](http://www.odce.ie/) go gairid i ndiaidh bhreithiúnas na Cúirte.

### Cásanna Forfheidhmithe

In éindí leis an dul chun cinn suntasach sna Cúirteanna sa bhliain 2004 bhí méadú thar chuimse anuraidh i líon na gcásanna ar dhéileáil an Oifig leo taobh istigh den Oifig a bhféadfadh forfheidhmiú bheith i gceist. San iomlán fuarthas 469 gcásanna nua sa bhliain 2004, ardú suntasach ar na 269 gcásanna a fuarthas sa bhliain 2003.

Ag deireadh na bliana bhí 474 cásanna a bhféadfadh forfheidhmiú bheith i gceist ar na bacáin .i. nach mór dúbailt an mhéid a bhí ar na bacáin ag deireadh na bliana 2003. Tharla an ardú sin in ainneoin 209 gcinn de na cásanna sin a bheith críochnaithe sa bhliain 2004 i gcomórtas le 51 sa bhliain 2003. Tá mionsonruithe faoi na gcásanna sin in **Aguisín 3.4**.

Mar a léiríonn **Aguisín 3.5** go soiléir i dtaca le carachtar na gcásanna atá ar na bacáin, tá dhá mhórchatagóir chiona in uachtar i láthair na huaire:

- iasachtaí iomarcacha stiúrthóirí agus
- gan leabhair chuntas chuí a choinneáil.

A fhad is a bhí an Oifig ag fiosrú na cineálacha sin cáis, bhí sí ag leanúint ar aghaidh i gcónaí le go leor rudaí tábhachtacha eile. I dtéarmaí coincreiteacha ciallaíonn sin go mbaineamar úsáid leanúnach sa bhliain 2004 as córas inar thugamar tosaíocht do chineálacha difriúla cáis ar a seal rud a bhí éifeachtach chun na torthaí ab fhearr a bhaint amach i dtéarmaí forfheidhmithe.

De bharr an fháis i líon na cásanna agus de bharr an méadú leanúnach i ngníomhaíocht ionchúisimh rathúil

(a mbíonn na baill foirne céanna gafa leo) agus de bharr acmhainn foirne a fhanann mórán mar a chéile i gcónaí ní mór don Oifig bheith go hiomlán cinnte go mbaintear úsáid éifeachtach agus comhréireach as acmhainní atá gann chun cásanna a phróiseáil. Is léir ag an am céanna nach mbeidh an Oifig in ann coinneáil ag feidhmiú ar an leibhéal céanna maidir le obair fhorfheidhmithe gan méadú suntasach san acmhainn foirne.

### Fo-aidhm 3.1: Beartas Forfheidhmithe Cothrom a chur chun cinn

Mar a cuireadh in iúl cheana teastaíonn go mbeadh beartas forfheidhmithe na hOifige lúbach agus go mbaintear úsáid as an réimse iomlán de chaingin fhorfheidhmithe atá ann ar mhodh pragmatach.

Dá réir sin agus ag tógáil san áireamh *inter alia* carachtar an chiona, cúinsí na mainneachtana, agus cáilíocht na fianaise atá ar fáil, leanamar sa bhliain 2004 ag baint úsáid as ceann nó níos mó de na roghanna seo a leanas faoi Achtanna na gCuideachta le mí-iompar a cheartú nó a chosc nó le pionóis a ghearradh ina leith:

- glacadh le cóir leighis nó le tairiscint an mhainneachtain a chur ina cheart ar bhonn deonach;
- litir a eisiúint ag tabhairt foláireamh go gcaithfí níos déine léi dá dtarlódh an mhainneachtain in athuair;
- foláireamh a eisiúint ag moladh go gcuirfí ina cheart go luath an mhainneachtain, agus mura gcuirfí go dtabharfaí an cás go dtí an Ard-Chúirt le géilliúntas a chinntiú;
- imeachtaí Ard-Chúirte a thionscnamh chun pionóis dícháilithe agus srianta a ghearradh i leith neamhghéilliúntas san am atá caite;
- imeachtaí coiriúla achoimre a chur ar bun sa gcás go bhfuiltear amhrasach go ndearnadh cion i gcoinne dlí cuideachta;
- cion indíotáilte a chur faoi bhráid an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí le cinneadh a fháil.

Beidh sé soiléir ó na staitisticí sa Tuarascáil seo gur ar bhonn riaracháin a dhéileálar leis an gcuid is mó de chásanna neamhghéilliúntais a chuirtear in iúl. San am ar dúnadh chuid mhaith de na cásanna cuireadh a n-oibleagáidí dlí in iúl do na daoine a bhí i gceist agus dá bharr sin bhí sé daingnithe go raibh fios a ndualgais acu sa gcás gur sháraigh siad an dlí in athuair.

Nuair a measadh gur theastaigh caingean forfheidhmithe a thionscnamh sa bhliain 2004, ba é an rogha ba choitianta imeachtaí coiriúla a thionscnamh ar bhonn achoimre mar a rinneadh sna blianta roimhe sin. Mar sin féin ba mhó a bhain an Oifig úsáid sa bhliain 2004 as srianadh agus/nó dícháiliú mar phionós i leith mí-iompair in imeachtaí dlí. Tuairiscíodh tús maith ar obair na hOifige sa réimse sin anuraidh nuair a gearradh pionós srianta agus dícháilithe ar chiontaithe den chéad uair. Tionscnaíodh imeachtaí chun dícháiliú a bhaint amach i roinnt cásanna eile roimh deireadh na bliana, agus tá tuilleadh iarratas beartaithe.

Soláthraíonn na trí fhoroinn a leanas a chlúdaíonn na trí réimsí is tábhachtaí maidir le cionta, tuilleadh sonraí faoi rudaí a bhí ar bun ag an Oifig sa bhliain 2004.

## Fo-aidhm 3.2: Ag Seasamh le Riachtanais Nochta

Tá cur ar fáil agus scaipeadh eolais fóna faoi stádas agus faoi ghníomhaíocht chuideachta riachtanach le haghaidh bainistiú cuí na cuideachta agus le haghaidh chur chun cinn na cuideachta amach anseo. An caidreamh a bhíonn ag cuideachtaí, go sonrach iadsan le dliteanas teoranta, is caidreamh é a mbíonn an chuideachta agus na páirtithe leasmhara lena n-áirítear na daoine atá fostaithe, creidiúnaithe agus infheisteoirí, go léir ag brath ar a chéile. Ó tharla gach ceann de na páirtithe leasmhara sin a bheith geallta i dtéarmaí airgeadais nó eile do leas an ghnóthais, tá sé tábhachtach go mbeadh eolas iontaofa agus tráthúil acu ar a stádas sa chaoi is go mbeidh siad in ann breithiúnas a dhéanamh faoina bhfuil i ndán dó amach anseo agus na riosca atá ann má leanann siad le bheith páirteach ann a mheas.

Is tríd an Oifig um Chlárú Cuideachtaí go príomha a bhíonn an Stát ag iarraidh cinnte a dhéanamh de go n-oibríonn an margadh tráchtála ar bhonn réasúnta trédhearcach. Ní mór do gach cuideachta teoranta

foirmithe in Éirinn eolas iontaofa a sholáthar go rialta faoina stádas reatha. Clúdaíonn an t-eolas sin ainm na hoifige agus na stiúrthóirí cláraithe agus eolas faoin gcaoi a bhfuil cúrsaí airgid faoi láthair.

### Loiceadh ar Leabhair Chuntas Chuí a Choinneáil<sup>8</sup>

Nuair a theipeann ar chuideachta agus ar a cuid stiúrthóirí idirbhearta na cuideachta a thairfeadh mar is cuí tá siad ag diúltú do na páirtithe leasmhara measúnú féarálte a dhéanamh den riosca atá ann má leanann siad ag tacú leis an ngnóthas. Má theipeann ar ghnó agus gan aon fholáireamh roimh ré d'fhéadfadh sé a bhfuil i ndán do chúrsaí trádála i gcuideachtaí eile a chur ina chior thuathail chomh maith le drochthionchar a imirt ar dhaoine fostaithe agus ar infheisteoirí sa chuideachta.

Sin é an fáth go bhfuil sé dlite ar stiúrthóirí de réir Achtanna na gCuideachtaí leabhair chuntas chuí a choinneáil agus ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú. Tá sé dlite ar an gcuid is mó acu freisin tuairisceán de chineál éigin a dhéanamh de na ráitis sin agus é a chlárú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Chomh maith leis sin tá sé dlite ar iniúchóir na cuideachta tuairim neamhspleách a thabhairt faoi na ráitis airgeadais atá ullmhaithe ag na stiúrthóirí agus é a thuairisciú don Oifig um Chlárú Cuideachtaí más rud é go bhfuil a thuairim féin ag teacht salach ar a bhfuil nochta iontu.

Comhsheasmhach leis an mbéim ar chaomhnú chothromais i leith caidreamh tráchtála atá léirithe sna hAchtanna, lean an OSFC i gcónaí ag fiosrú aon tuairisc a fuair siad maidir le loiceadh ar leabhair chuntas chuí a choinneáil. Thug an Oifig chun críche 15 chás cúirte achoimre ag éirí as amhras faoi nach raibh stiúrthóirí ag géilleadh leis na hoibleagáidí dlí a bhí orthu sa réimse sin. Mar is léir ó **Aguisín 3.3** d'éirigh leis an Oifig an chuideachta agus/nó duine amháin nó níos mó dá gcuid stiúrthóirí a chiontú i 14 chinn de na cásanna sin – níor caitheadh amach ach cás amháin de bharr easpa fianaise. I gcás rathúil amháin a thionscain an Oifig i gcoinne an stiúrthóra phríomha ciontaíodh i trádáil chalaíseach é. Tá cúinsí an cháis sin rianaithe i **Léiriú 3.3.1** sa Tuarascáil Bhliantúil OSFC don bhliain 2003.

<sup>8</sup> Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

## Loiceadh ar Thuairisceán Bliantúil a chlárú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí<sup>9</sup>

Is ceanglas bunúsach é seo chun timpeallacht chaidreamh tráchtála réasúnta trédhearcach a bhaint amach sa Stát. Cé gurb é an chion is minice a thuairiscítear don Oifig, is faoi Chláraitheoir na gCuideachta atá sé go príomha an ceanglas sin a fhorfheidmiú. Mar sin féin ionchúisíonn an OSFC daoine a bhfuiltear amhrasach fúthu i leith an chiona sin in éindí le sárúithe eile d'Achtanna na gCuideachtaí a chuirtear in iúl di. Sa bhliain 2004 fuaireamar trí ciontuíthe i dhá chás de bharr sárúithe an cheanglais reachtúil seo.

## Teip ar Stiúirthóir/Rúnaí Leas i Scaireanna/Bintiúirí na Cuideachta a chur in Iúl<sup>10</sup>

Tá sé dlite ar gach cuideachta de réir Achtanna na gCuideachtaí clár leasa stiúirthóirí agus rúnaithe a choinneáil. Le go gcomhlíonfaidh cuideachtaí an oibleagáid sin agus clár chun dáta a choinneáil caithfidh stiúirthóirí agus rúnaithe a gcuidse cheannach agus díolachán scaireanna agus bintiúirí sa chuideachta nó in aon chuideachta atá gaolta léi a chur in iúl go pras.

Nuair a theipeann ar stiúirthóir nó ar rúnaí géilleadh leis na ceanglais i leith nochtá, níl a gcuidse cheart nó leas sna scaireanna nó bintiúirí infhorfheidhmithe. Ciallaíonn sin, mar shampla, nach féidir scaireanna a dhíol agus nach bhfuil aon chead vótála ag an scairsealbhóir in ainneoin na scaireanna atá ina sheilbh aige.

Is féidir leis an Ard-Chúirt an cosc seo ar dhíolachán scaireanna agus bintiúirí a chealú, agus sa bhliain 2004, fuair an OSFC amach go raibh scairsealbhóirí ag cur iarratais chuig an Chúirt ag lorg faoisimh ón mbac sin. I dhá chás a d'fhiosraigh an OSFC tháingamar ar an tuairim gur de thimpiste nó trí neamhaire an stiúirthóra nó an rúnaí lena mbaineann a tharla an mhainneachtain i leith nochtá. I dhá chás chuireamar in iúl don Chúirt nach rabhamar ag cur i gcoinne faoisimh agus thug an Chúirt faoiseamh sa dá iarratas sin.

## Eolas Bréagach a Sholáthar<sup>11</sup>

Tá an OSFC ag taca le OCC i gcónaí ina hiarrachtaí leanúnacha clár poiblí eolas cuideachta a choinneáil atá cruinn agus suas chun dáta. I Tuarascáil Bhlíantúil OSFC don bhliain 2003, thugamar foláireamh go mbeimis dian ar chásanna a raibh eolas bréagach san ábhar a tugadh suas don OCC.

Sa bhliain 2004 sa dara chiontú dá leithéid, ciontaíodh duine as eolas bréagach a sholáthar do Chláraitheoir na gCuideachta. An duine a bhí i gceist chuir sé isteach doiciméid inar thug sé le tuiscint gur iniúchóir ráitis airgeadais cuideachta a bhí ann nuair nach raibh sé cáilithe le haghaidh na hoibre sin.

## Loiceadh ar Dhícháiliú a Nochtadh i gcás Duine a bhí Dícháilithe thar lear<sup>12</sup>

Tá sé dlite de réir dlí cuideachta ar dhaoine atá dícháilithe i ndlínse eile an dícháiliú sin a chur in iúl

### Léiriú 3.2.1: Deacrachtaí a bhí ag Duine ar Dícháilíodh i Sasana agus sa Bhreatain Bheag é ach nár Nochtáigh an Dícháiliú in Éirinn

Rinne duine a bhí dícháilithe i Sasana agus sa Bhreatain Bheag roinnt blianta ó shin iarracht a bheith páirteach i gcuideachta a bhí cláraithe in Éirinn le taca ó bhaincírí na cuideachta. Níor nochtadh an dícháiliú sin nuair a cuireadh in iúl go raibh sé ainmnithe mar stiúirthóir na cuideachta. Chiallaigh an loiceadh é bheith measta de réir dlí mar dhícháilithe in Éirinn<sup>13</sup>.

Nuair a tháinig an cás faoi bhráid an OSFC agus tar éis teagmháil a dhéanamh leis na hÚdaráis san Ríocht Aontaithe dheimhniomar a dhícháiliú i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. De bharr na bhfiosrúcháin a rinneamar i leith a stádas in Éirinn, chuaigh an té sin ar thóir comhairle ghairmiúla agus rinne sé cinneadh dul go dtí an Ard-Chúirt

le faoiseamh a fháil ón dícháiliú a measadh é bheith faoi anois in Éirinn. Bhain an t-iarratas ar fhaoiseamh leis an gcuideachta a bhí cláraithe in Éirinn agus leis sin amháin agus ba thoradh an fhaoisimh dá ndeonfaí dó é go mbeadh cead aige gníomhú i bpost freagrach i mbainistíocht agus i gcur chun cinn na cuideachta.

Tar éis cúinsí a bhain leis an dícháiliú i Sasana a fhiosrú de na hÚdaráis sa Ríocht Aontaithe agus measúnú a dhéanamh maidir leis an gcuideachta Éireannach, rinne an OSFC cinneadh gan chur i gcoinne an iarratais ar fhaoiseamh faoi choinníollacha. Cuireadh an méid sin in iúl don Ard-Chúirt agus mheas an Ard-Chúirt ina dhiaidh sin go raibh sé fóirsteanach an faoiseamh arna iarraidh a thabhairt.

<sup>9</sup> Alt 125 d'Acht na gCuideachtaí 1963 ar tháinig Alt 59 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001 ina áit.

<sup>10</sup> Alt 53 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

<sup>11</sup> Alt 242 d'Acht na gCuideachtaí 1990 arna leasú ag Alt 106 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001.

<sup>12</sup> Alt 195 d'Acht na gCuideachtaí 1963 arna leasú ag Alt 51 d'Acht na gCuideachtaí 1990, Alt 47 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimhir. 2) 1999 agus Alt 91 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001.

<sup>13</sup> Alt 160 (1A) d'Acht na gCuideachtaí arna leasú ag Alt 42 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001.



do Chláraitheoir na gCuideachta nuair a cheaptar é mar stiúrthóir ar chuideachta atá cláraithe in Éirinn. Caithfear an t-eolas a leanas a nochtadh:

- an dlínse a bhfuil sé/sí dícháilithe ann;
- an dáta ar dícháilíodh é/í agus
- tréimhse an dícháilithe.

Nuair a dhéanann duine atá dícháilithe an nochtadh sin bíonn an doiciméad ar fáil don phobal ar Chlár na gCuideachta agus ceadaítear dó/di bheith ina stiúrthóir cuideachta sa Stát.

Ar an taobh eile, nuair nach ndéanann duine atá dícháilithe an nochtadh sin, airítear sa Stát é mar dhuine dícháilithe. Agus má ghníomhaíonn an té sin mar stiúrthóir nuair atá sé/sí dícháilithe is ciontach i gcion atá siad.

Déileáilann **Léiriú 3.2.1** le cás a tháinig faoi bhráid an OSFC a raibh ar dhuine dícháilithe iarratas ar fhaoiseamh ó dhícháiliú a chur chuig an Ard-Chúirt sa bhliain 2004, sa chaoi is go gceadófaí dó gníomhú mar stiúrthóir ar chuideachta cláraithe in Éirinn. Nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil lucht gnó idirnáisiúnta níos siúlaí ná riamh, is léiriú é ar an tábhacht atá leis an oibleagáid nochtá sin.

### Fo-aidhm 3.3: Pionós a ghearradh ar Pháirtithe nach dtugann aird ar Leasa Cuideachta nó ar Leasa nach iad.

Tá go leor forálacha in Achtanna na gCuideachtaí a bhaineann le cosc nó srianadh a chur ar pháirtithe leasmhara maidir le gníomhú chun macántacht sa chaidreamh tráchtála a chosaint agus chun an riosca a bhaineann le creidiúnaithe, le fostuithe, agus le hinfheisteoirí sna chuideachtaí a laghdú.

#### Féimhigh Neamhurscaoilte<sup>14</sup>

Tá toirmeasc de réir dlí ar fhéimhigh neamhurscaoilte gníomhú i bpost freagrach i gcuideachta. Sa bhliain 2004 ionchúisíodh duine go rathúil a ghníomhaigh mar stiúrthóir cuideachta in ainneoin é bheith ina fhéimheach neamhurscaoilte i Tuaisceart Éireann ag an am. D'éirigh le OSFC an duine a chiontú le taca gníomhach an Northern Ireland Insolvency Service a thug fianaise sa chás. Ciontaíodh an duine freisin as roinnt cionta eile i gcoinne dlí cuideachta mar chuid de na himeachtaí dlí céanna agus anois tá sé dícháilithe de réir dlí chun gníomhú mar stiúrthóir ar aon chuideachta cláraithe in Éirinn ar feadh cúig bliana.

#### Daoine Srianta ag sárú na Coinníollacha Reachtúla<sup>15</sup>

Ag leanúint as na ceanglais san Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001, tá stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha faoi dhliteanas a bheith srianta má theipeann orthu áitiú ar an Ard-Chúirt gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach i dtaca le stiúradh cúrsaí na cuideachta.

Tar éis do dhuine bheith srianta, ní cheadaítear dó gníomhú mar stiúrthóir mura dtagann sé le ceanglais sonracha maidir le caipitliú. Is é cuspóir an cheanglas caipitlithe socrúithe a dhéanamh chun an drochthionchar ar chreidiúnaithe agus ar pháirtithe leasmhara eile a chruthódh teip eile de chuid na cuideachta a mhaolú.

Anois agus 500 duine srianta, tá faireachán á dhéanamh go rialta féachaint an bhfuil aon duine díobh fós ag gníomhú mar stiúrthóir cuideachta i gcuideachta atá ag sárú na gceanglas caipitliú cuideachta. Sa bhliain 2004 d'aithníomar roinnt cásanna a bhféadfadh cion

<sup>14</sup> Alt 183 d'Acht na gCuideachtaí 1963 arna leasú ag Alt 169 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

<sup>15</sup> Alt 161 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

a bheith i gceist agus tionscnaíodh cás cúirte i gcoinne triúr. Tugadh ceann de na cásanna chun críche tar éis an duine a bhí i gceist a chiontú, agus anois tá sé dícháilithe chun bheith ina stiúrthóir cuideachta nó ina oifigeach eile sa chuideachta ar feadh cúig bliana.

### Ag Gníomhú mar Iniúchóir gan bheith Cáilithe<sup>16</sup>

Tá aitheantas reachtúil tugtha d'fheidhminiúcháireachta in Achtanna na Cuideachta mar gheall ar an ról tábhachtach neamhspleách agus dearbhaithe atá ag iniúcháirí nuair a dhéanann siad athbhreithniú ar ráitis airgeadais chuideachta. Ionchúisíomar triúr go rathúil sa bhliain 2004 as gníomhú mar iniúcháirí nuair nach raibh siad cáilithe le haghaidh sin. Fuair an Oifig 19 gciontuithe san iomlán i gcoinne na ndaoine i gceist. Tréith d'fhormhór na gcásanna sin gur réasúnta an rud é bheith ag súil leis go mbeadh na daoine i gceist eolach faoin difríocht bhunúsach idir cuntasóireacht agus iniúcháireacht. Táimid geallta an fhoráil tábhachtach dlí seo a fhorfheidhmiú agus taca le hiniúcháirí agus lena gcomhlachtaí gairmiúla chun iniúchta cáilithe agus neamhspleácha a dhéanamh agus a chur chun cinn. Ó bheith ag breathnú ar na cásanna ar an liosta feithimh don bhliain 2005 tá súil againn le tuilleadh ciontuithe den chineál sin amach anseo.

### Ag Gníomhú mar Iniúchóir gan a bheith Cáilithe<sup>17</sup>

Ó am go chéile, tagann cásanna faoi bhráid an OSFC a mbíonn gnólachtaí atá cáilithe le gníomhú mar iniúcháirí, á dhéanamh sin i leith cuideachtaí a bhfuil ceangal acu leo, cibé mar stiúrthóir nó ar aon chaoi eile. D'fhéadfadh sin tionchar a imirt ar neamhspleáchas an phróiseas iniúchta maidir leis an gcuideachta atá i gceist agus tá sé i gcoinne an dlí. Sa bhliain 2004 ionchúisíomar gnólacht iniúcháirí de bharr nár chloí siad leis an bhfreagracht dlí a bhí orthu sa réimse sin agus chinn an Chúirt, a shíl go raibh na 24 chúis cruthaithe, go ngabhfaidh an Probation of Offenders Act 1907 chun sochar na gcosantóirí.

### Ag Gníomhú mar Leachtaitheoir gan a bheith Cáilithe<sup>18</sup>

Baineann sriantaí dlí cosúil leis sin le leachtaitheoirí chun neamhspleáchas agus macántacht an phróiseas

leachtaithe a dhaingniú. Cuireadh tús le cás dlí dá leithéid sa bhliain 2004 agus bhí sé fós ar siúl ag deireadh na bliana.

### Idirbhearta Stiúrthóirí<sup>19</sup>

Tá go leor scríofa i dTuarascáil Bhliantúil an OSFC 2003 faoin treoir a scríobh an Oifig in iarracht tuiscint stiúrthóirí a fheabhsú faoi na sriantaí dlí a bhí ann maidir le húsáid phearsanta a bhaint as sócmhainní cuideachta. Bhí tionchar dearfach aige sin agus ag an modh a chuamar i ngleic le stiúrthóirí agus le hiniúcháirí maidir le neamhghéilliúntas i leith na forála sin a tuairiscíodh dúinn, ar ardú sa bhfeasacht ar na sriantaí sin.

Ó thaobh forfheidhmithe de tá mar a cuireadh in iúl níos luaithe líon mór cásanna ar na bioráin ag an Oifig ar féidir go dtabharfar os comhair na cúirt iad. Tá cás amháin os comhair na Cúirte faoi láthair agus tá súil againn dóthain fhianaise den chaighdeán a theastaíonn a bhailiú le haghaidh roinnt chásanna eile sa réimse sin sa bhliain 2005.

### Cuideachtaí Dóchmhainneacha Neamhleachtaithe agus Cuideachtaí Leachtaithe

Sa phlé atá déanta faoi Aidhm 4.3 tá miontuairisc ar obair an OSFC sa bhliain 2004 maidir le cuideachtaí dóchmhainneacha neamhleachtaithe agus le cuideachtaí leachtaithe. Mar a cuireadh in iúl níos luaithe is de bharr cás a thionscain an Oifig a gearradh pionós srianta agus dícháilithe ar stiúrthóirí cuideachtaí den chéad uair.

### Fo-aidhm 3.4: Caingean dlí a thionscnamh i gcoinne Páirtithe a Shéanann Freagracht faoin Dlí

Bíonn an Stiúrthóir dian ar aon teip ar oifigí cuideachta a n-iompar a mhíniú nó mí-iompar a cheartú i ndiaidh ordú cúirte. Chuaigh an Oifig i muinín na Cúirte maidir le roinnt cásanna sa chatagóir sin sa bhliain 2004.

### Teip Leanúnach maidir le Géilleadh le Dlí Cuideachta agus le Ceanglais Eile.

Sa bhliain 2004 d'éist an Ard-Chúirt le hiarratas ón OSFC ar dhícháiliú i leith beirt stiúrthóirí cuideachta a

<sup>16</sup> Alt 187 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

<sup>17</sup> Alt 187 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

<sup>18</sup> Alt 300A d'Acht na gCuideachtaí 1963 arna chur isteach ag Alt 146 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

<sup>19</sup> Alt 40 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

mhainnigh thar tréimhse fada na hoibleagáidí i leith dlí cuideachta agus i leith cánach a bhí orthu, in ainneoin ordú na hArd-Chúirte a bheith déanta ina gcoinne sa bhliain 2001 ag cur iallach orthu an neamhghéilliúntas a chur ina cheart. Tá tuilleadh eolais faoin gcás seo i **Léiriú 3.4.1**. Tá an Stiúrthóir meáite ar dhul sa tóir go gníomhach ar pháirtithe a bhfuil stair ag gabháil leo maidir le neamhghéilliúntas i leith oibleagáidí reachtúla.

### **Teip ar Stiúrthóir Leabhair Chuideachta a thabhairt suas do Leachtaitheoir<sup>20</sup>.**

Sa bhliain 2004 ionchúisigh an OSFC stiúrthóir cuideachta dhócmhainneach tar éis eolas a fháil ó leachtaitheoir na cuideachta nár chomhoibrigh stiúrthóir leis le leabhair áirithe de chuid na cuideachta a chur ar fáil. Sna himeachtaí a lean as sin chaith an Cúirt Dúiche an cas amach agus dhámh costais i gcoinne an OSFC.

### **Teip ar Leachtaitheoir tuarascáil a thabhairt don OSFC<sup>21</sup>**

Tá sé dlite ar leachtaitheoirí anois tuarascáil a thabhairt don OSFC ar chúrsaí na cuideachta agus ar iompar na stiúrthóirí. Tá tuilleadh eolais faoin bpróiseas faoi **Aidhm 4.1** thíos.

Tar éis 14 ordú a fháil ón Ard-Chúirt sa bhliain 2003 ag cur iallach ar leachtaitheoirí oibleagáidí maidir le tuarascálacha a chomhlíonadh, lean an Oifig ag

dul sa tóir ar leachtaitheoirí nár thug aon aire don spreagadh riaracháin sin chun a ndualgais reachtúla a chomhlíonadh. Tugadh chun críche dhá chás dlí dá leithéid sa bhliain 2004 a raibh de thoradh orthu gur tugadh suas an tuarascáil ábhartha i gcás amháin agus go bhfuarthas ordú géilliúntais sa chás eile. Ag deireadh na bliana bhí an duine sa dara chás fós gan géilleadh leis an ordú agus má leantar leis an neamhghéilliúntas, caithfidh an Oifig dul i mbun chaingean dlí in athuair maidir leis an gcás sin sa bhliain 2005.

### **Focal Scoir**

Is iad iarrachtaí leanúnacha na hOifige gníomhú i gcoinne na daoine atá ag sárú Achtanna na gCuideachtaí atá mar thaca don mhórobair atá ar siúl againn chun géilliúntas a spreagadh. Teastaíonn forfheidhmiú éifeachtach le cosc a chur le neamhghéilliúntas agus le timpeallacht chorparáideach níos géilliúla a spreagadh. Leanfaimid sa bhliain 2005 le hobair ghéilliúntais agus forfheidhmithe gan tús áite a thabhairt do cheachtar acu ar mhaithe le hiompar sa mhargadh a fheabhsú agus le riosca fiontair a laghdú.

## **Léiriú 3.4.1. Cás a raibh an Neamhghéilliúntas i leith Oibleagáidí Reachtúla Forleathan agus Athdhéanta.**

Sa bhliain 2004 d'éist an Ard-Chúirt le hiarratas ó OSFC ar dhícháiliú beirt stiúrthóir cuideachta:

- ar theip orthu thar tréimhse de níos mó ná deich mbliana tuairisceán bliantúil a chlárú leis an OCC agus tuairisceán cánach corparáidí a chlárú leis na Coimisinéirí loncaim;
- ar theip orthu géilleadh le hOrdú na hArd-Chúirte sa bhliain 2001 gach tuairisceán bliantúil fós gan chlárú leis an OCC agus tuairisceán chánach áirithe fós gan chlárú leis na Coimisinéirí loncaim a chlárú leo taobh istigh de thrí mhí agus
- ar theip orthu i gcás fócaíochta a bhain le breith Ard-Chúirte amháin i gcoinne na cuideachta a bhain na Coimisinéirí loncaim amach sa bhliain 2003 arbh é €240,000 san iomlán an méid a bhí le híoc.

Tar éis tús a bheith curtha le himeachtaí dlí an OSFC, chuala an Ard-Chúirt go raibh na tuairisceáin bhliantúla agus na tuairisceáin chánach corparáidí a theastaigh clárú leis an OCC agus leis na Coimisinéirí loncaim faoi seach agus go raibh cuntasóir ainmnithe mar stiúrthóir sa cuideachta in áit duine de na stiúrthóirí a bhí ann cheana. Ar an taobh eile bhí méadú ar an bhfiach a bhí ag an gcuideachta i leith na gCoimisinéirí Cánach, cé go raibh fianaise os comhair na Cúirte go raibh institiúid airgeadais toilteanach iasachtaí a chur ar fáil le fiachais cánach na cuideachta a ghlanadh ag brath inter alia ar chlúdach urrúis sásúil.

Ag deireadh na n-imeachtaí d'fhorchoimeád an Ard-Chúirt breithiúnas i gcás an iarratas ar dhícháiliú agus bhíothas ag fanacht ar chinneadh ag deireadh na bliana 2004. Ina dhiaidh sin i dtús na bliana 2005 caitheadh amach an t-iarratas agus tá achomharc á dhéanamh faoi.

20 Alt 293 d'Acht na gCuideachtaí 1963.

21 Alt 56 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001.

## Aidhm 4 – Pionós a Ghearradh i leith Iompar Míchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha

### Réamhrá

Baineann damáiste tráchtála do chreidiúnaithe agus do pháirtithe leasmhara eile i gcuideachtaí dócmhainneacha nuair nach n-íoctar as earraí agus seirbhísí. Ó tharla gur cás leis an bpobal gurb é cúis le roinnt cásanna de loiceadh corparáideach stiúrthóirí ag gníomhú go mí-mhacánta agus go mífhreagrach agus ó tharla nach raibh pionós á ghearradh i leith iompair den sórt sin nuair a tharla sé san am atá caite, bunaíodh OSFC le cuideachtaí dócmhainneacha a riaradh. Is í cuspóir atá ag OSFC agus í i mbun gnímh cosc a chur le gníomhaíocht neamhscrupallach agus iompar gnó eiticíúil agus freagrach a spreagadh nuair a bhíonn deacracht tromchúiseach i saol na cuideachta.

Ba í an bhliain 2004 an dara bliain iomlán de chur i bhfeidhm an córas sainordaitheach tuairiscithe le haghaidh leachtaitheoirí atá leagtha síos in alt 56 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001. Tugadh isteach an creat freagrachta sin faoi mhaoirseacht an OSFC agus na hArd-Chúirte le caighdeán iompair chorparáidigh a ardú, le riosca creidiúnaithe a laghdú agus le cosc a chur le míchleachtas i gcomhshaol an mhargaidh.

San iomlán fuarthas nó breathnaíodh i ndiaidh 1,309 (947 sa bhliain 2003) tuarascálacha leachtaitheoirí i rith na bliana i ndáil le cuideachtaí dócmhainneacha. Díobh siúd ba thuarascálacha tosaigh<sup>22</sup> 623 (821 sa bhliain 2003) agus maidir leis na 686 chinn eile (126 sa bhliain 2003) ba thuarascálacha breise<sup>23</sup> nó deiridh<sup>24</sup> iad faoi leachtuithe cuideachtaí.

22 Is é atá sa tuarascáil tosaigh an chéad tuarascáil a fuarthas ón lechtaitheoir taobh istigh de sé mhí ón uair a ainmníodh é agus i bhformhór na gcásanna is ar an tuarascáil sin a bhíonn an cinneadh bunaithe faoiseamh a thabhairt nó gan a thabhairt. I roinnt cásanna tugtar 'faoiseamh ag an am seo' lena dhéanamh níos éasca don lechtaitheoir tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh.

23 Faightear tuarascáil bhreise ón lechtaitheoir de ghnáth tar éis sé mhí sa gcás gur tugadh 'faoiseamh ag an am seo' agus 12 mhí ina dhiaidh sin má tá cinneadh déanta faoiseamh a thabhairt nó gan a thabhairt. Ar an mbealach sin déanann an OSFC faireacháin ar dhul chun cinn lechtú dócmhainneach. Ós rud é gur ar an tuarascáil tosaigh a bheadh an cinneadh is tábhachtaí bunaithe an gcuirfeair ar

Eisíodh cinntí i gcás 1,084 thuarascáil (630 sa bhliain 2003) agus díobh siúd ba thuarascálacha tosaigh ó lechtaitheoirí 529 acu (560 sa bhliain 2003), ba thuarascálacha breise 268, agus ba thuarascálacha deiridh 287. Theastaigh obair mór ón Oifig a raibh roinnt mhaith de na baill foirne páirteach inti chun an oiread sin de thuarascálacha a mheasúnú roimh an dáta deiridh reachtúil forordaithe. Roinnt mhaith de na 225 tuarascálacha atá fágtha (317 sa bhliain 2003) fuarthas sa ráithe deireanach den bhliain 2004 iad agus deimhneofar sa bhliain 2005 iad.

Nuair a dhéantar scrúdú ar na thuarascálacha sin maidir le hiompar stiúrthóirí déanann an OSFC cinnte go ndéileáiltear mar is cuí leis an gcás a bhfuil amhras i leith calaíse nó mí-iompair. Ainneoin an chuspóra sin bhí an Oifig ag iarraidh a chinntiú nach gcuirfí bac leis an spiorad fiontrach trí pionós a ghearradh gan gá ar dhaoine a thaispeáin go soiléir go raibh siad ionraic agus freagrach ag stiúradh cuideachtaí a loic, cé gur chaill daoine maoin de bharr an loicthe.

### Treochtaí Lechtaithe

Taispeánann an tábla seo a leanas líon na lechtuithe a cuireadh in iúl don Oifig um Chlárú Cuideachtaí thar thréimhse na cúig bliana seo caite.

Lechtuithe	2000	2001	2002	2003	2004
Creidiúnaithe	324	415	378	369	268
Cúirt	12	24	34	31	36
Baill	581	589	720	942	795
<b>Iomlán</b>	<b>917</b>	<b>1,028</b>	<b>1,132</b>	<b>1,342</b>	<b>1,109</b>

278 líon na lechtuithe creidiúnaí deonacha sa bhliain 2004, figiúr a thaispeánann laghdú leanúnach i líon na gcuideachtaí dócmhainneacha den sórt sin a rinneadh leachtú orthu i gcomórtas leis na blianta a chuaigh roimhe. Mar sin féin is meá cothrom atá ann arís nuair a chuirtear ar an taobh eile líon na gcuideachtaí sócmhainneacha a ndearnadh leachtú orthu le blianta beaga anuas. Is cúis áthais áfach don OSFC go bhfuil

cheal an oibleagáid atá ar an lechtaitheoir cás Cúirte a thabhairt chun srianta a fháil, bainfidh formhór na gcinneadh sna tuarascálacha breise le 'faoiseamh.' An t-aon eisceacht is ea nuair a tugadh 'faoiseamh ag an am seo' cheana féin lena dhéanamh níos éasca don lechtaitheoir tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh.

24 Faightear tuarascáil deiridh ón lechtaitheoir ceithre seachtainí roimh na cruinnithe deireanacha nó roimh an díscáileadh deireanach más leachtú Cúirte an leachtú. Is é seo an cleachtas deireanach faireacháin don OSFC roimh díscáileadh cuideachta dócmhainneach.

níos mó páirtithe leasmhara cuideachta ag fáil ar ais iomlán na bhfiacha atá fós gan íocaíocht.

Ábhar imní don OSFC dá mba rud é gurb é cúis leis an laghdú i líon na gcuideachtaí dócmhainneacha daoine ag iarraidh éalú ón ggreat freagrachta, agus beidh an Oifig ag coinneáil súil ghéar ar imeachtaí sa réimse sin go ceann i bhfad amach anseo. Is den riachtanas é go mbeadh sé mar chuspóir i gcónaí srianadh a chur ar aon chleasaíocht den chineál sin, le go gcaomhnófar an comhtháthú agus an chreidiúint maidir le coinníollacha i leith iompar corparáideach.

### Anailís ar Chuideachtaí Dócmhainneacha de réir Earnála Eacnamúla

Soláthraíonn **Aguisín 4.1** anailís de réir Earnála Eacnamúla ar Chuideachtaí Dócmhainneacha faoi leachtú trí thagairtí a dhéanamh do na tuarascálacha is túisce a fuarthas ó leachtaitheoirí sa bhliain 2004. Bhí na hearnálacha tógála, déantúsaíochta, iompair, mórdhíol agus miondhíol suntasach i gcónaí i measc na gcuideachtaí faoi leachtú dócmhainneach. Ní raibh earnáil na teicneolaíochta chomh suntasach is a bhí sí sa bhliain 2003, rud a chuireann in iúl an feabhas atá tagtha ar choinníollacha san earnáil sin.

### Aidhm 4.1: Leachtaitheoirí a Mhaoirsiú agus iad i mbun a nDualgas Cuí

Is ar na príomhfhórála seo a leanas in Achtanna na gCuideachta atá feidhmeanna maoirseachta an Stiúrthóra i leith leachtaitheoirí (agus i leith glacadóirí i gcúinsí áirithe) bunaithe:

- alt 56 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001 a éilíonn ar leachtaitheoir cuideachta dócmhainní tuairisc a thabhairt don Stiúrthóir faoi iompar stiúrthóirí na cuideachta agus, mura bhfaigheann sé fuascailt an Stiúrthóra ón éileamh, srianadh ar na stiúrthóirí uile a iarraidh ar an Ard-Chúirt;
- alt 57 d'Acht na bliana 2001 ina bhfuil sé dlite ar leachtaitheoir ar bith a chuid leabhar a thabhairt suas don Stiúrthóir le haghaidh scrúdaithe má iarrtar air ach cúis a bheith luaite. Tá cumhacht

den chineál céanna ag an Stiúrthóir i leith glacadóirí faoi alt 323A d'Acht na gCuideachtaí 1963 (a cuireadh isteach le halt 53 na bliana 2001);

- alt 58 d'Acht na bliana 2001 a éilíonn ar chomhlacht gairmiúil forordaithe tuairisc a chur chuig an Stiúrthóir sa gcás go bhfuil sé faighte amach aige nach bhfuil taifead cuí coinnithe ag ball dá chuid a bhí ag stiúradh leachtaithe nó glacadóireachta agus nuair a bhfuil cúis réasúnach le creidiúint go bhfuil cion indíotáilte déanta ag an té sin agus é i mbun an stiúrtha sin faoi théarmaí Achtanna na gCuideachta;
- alt 299 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú ag alt 51 d'Acht na bliana 2001) a chuireann oibleagáid ar leachtaitheoir cuideachta ar bith tuairisc a chur chuig an Stiúrthóir láithreach (agus chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí) faoi aon duine a bhí ina oifigeach sa chuideachta san am atá thart nó atá anois nó faoi bhall ar bith den chuideachta a síleann an leachtaitheoir a bheith ciontach i gcion i leith na cuideachta, cion a bhfuil sé/sí faoi dhliteanas coiriúil ina leith.

### Alt 56 d'Acht na bliana 2001 – Feidhmíocht Leachtaitheora

Is é cleachtas an OSFC na cuideachtaí faoi leachtú ar féidir gur ábhar oibleagáid tuairiscithe iad a ainmniú. Is éard atá le déanamh aici agus í ag tabhairt faoin tasc seo, eolas ábhartha ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí a bhailiú agus faireachán a dhéanamh ar fhoilseacháin agus ar fhoinsí eolais eile a bhaineann le leachtuithe agus le hainmniú leachtaitheoirí. Le cinntiú go bhfaighfí na tuarascálacha in am, scríobh an OSFC chuig na leachtaitheoirí ábhartha uile sa bhliain 2004 ag tabhairt comhairle dóibh faoi na hoibleagáidí tuairiscithe a bhí orthu agus ag meabhrú dóibh mí amháin roimh ré an spriocdháta reachtúil a bhí ceaptha le haghaidh tuarascálacha faoi alt 56. Thaispeáin an ráta géilliúntais i leith tuarascálacha tosaigh leachtaitheoirí ardú ó 93% sa bhliain 2003 go 97% sa bhliain 2004, rud a fháiltítear leis. Tá na mionsonraí a bhaineann leis sin in **Aguisín 4.1.1**.

Lean an OSFC sa bhliain 2004 chomh maith ag eisiúint Fógraí Poiblí inar ainmníodh ar shuíomh idirlín OSFC na leachtaitheoirí tuairiscithe agus na cuideachtaí

dócmhainneacha<sup>25</sup> a bhí faoi réir an cheanglas tuarascála in alt 56. Is í an aidhm atá le fógraí chun dáta a chur amach go rialta, é a chur ar chumas páirtithe leasmhara aon chúis buartha i leith cuideachta dócmhainní sonraí a chur faoi bhráid an leachtaitheora agus na hOifige, sa chaoi is go gcuirfí na nithe ar chúis buartha iad san áireamh agus rialú dá dhéanamh cá mhéad a rachadh sé chun leasa leachtaitheora fuascailt a bheith aige ón oibleagáid reachtúil iarratas ar srianadh stiúrthóirí cuideachta a chur chuig an Ard-Chúirt.

Agus í ag feidhmiú faoi alt 56, lean an OSFC ag coinneáil súil mar ba ghá ar fheidhmíocht leachtaitheoirí féachaint an raibh siad ag comhlíonadh oibleagáidí dlí. Sa bhliain 2004 bhí ar an Oifig dul i mbun cumarsáide foirmeálta le leachtaitheoirí ar theip orthu tuarascálacha a chur isteach 81 uair (71 sa bhliain 2003) á chur ar a súile acu go raibh mainneachtain á dhéanamh acu maidir le hoibleagáidí tuairiscithe reachtúla. I dhá chás bhí ar an Stiúrthóir imeachtaí dlí a thionscnamh faoi alt 371 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú), ag a ndearnadh orduithe Cúirte i gcoinne na beirte. Tá na leachtaitheoirí a bhí i gceist ainmnithe in **Aguisín 3.3** den Tuarascáil.

Rinne an Stiúrthóir cumarsáid le leachtaitheoirí 52 uair sa bhliain 2004 ar an ábhar gur theip orthu é a chur in iúl don Oifig iarratais ar shrianadh a bheith déanta ach gan fhaoiseamh a bheith deonaithe. Go deireanach sa bhliain 2004, tugadh foláireamh foirmeálta do cheithre leachtaitheoir ag cur in iúl dóibh go dtionscnófaí imeachtaí dlí ina gcoinne dá leanfaidís ag déanamh mainneachtain maidir leis na hiarratais srianta is gá a chur isteach.

Bhí caighdeán sásúil den chuid is mó ar thuarascálacha leachtaitheoirí faoi alt 56 sa bhliain 2004. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar shaincheisteanna a bheidh ag teacht in uachtar de bharr próiseas tuairiscithe alt 56 agus beidh freagrachtaí cuí á chur chun cinn againn le héifeacht sa réimse sin a fheabhsú.

### Alt 57 d'Acht na bliana 2001

Sa bhliain 2004 ní dhearna an Stiúrthóir aon iarratas ar theacht ar leabhair leachtaitheoirí (trí sa bhliain 2003).

<sup>25</sup> Tá cóip den fhaisnéis seo a thugtar suas chun dáta go rialta ar fáil ag [www.odce.ie/CourtDecisions/insolvency.asp](http://www.odce.ie/CourtDecisions/insolvency.asp)

<sup>26</sup> Faoin Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001 (Alt 58) Rialacháin 2002 (S.I. 544 of 2002), tá na comhlachtaí gairmiúla forordaithe:

- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn;
- Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn;

### Alt 58 d'Acht na bliana 2001

Ní dhearna na comhlachtaí gairmiúla forordaithe<sup>26</sup> aon tuarascáil sa bhliain 2004 ag caitheamh amhras ar leachtaitheoirí nó ar ghlacadóirí i leith iompar míchuí faoin alt seo. (Rinneadh tuarascáil amháin i leith leachtaitheora sa bhliain 2003.)

### Alt 299 d'Acht na bliana 1963

Fuarthas dhá thuarascáil faoi alt 299 sa bhliain 2004 (ceann amháin sa bhliain 2003). Rinne an Oifig mionscrúdú ar gach tuarascáil dá leithéid ar an ábhar gur féidir go bhfuil dliteanas coiriúil á nochtadh iontu.

### An Toradh atá ag Ordú Comhthiomsaithe ar an Oibleagáid Tuairiscithe

Sa bhliain 2004 rinne an Ard-Chúirt ar iarratas leachtaitheoir ordú comhthiomsaithe faoi alt 141 d'Acht na gCuideachtaí 1990 ag ordú go gcuirfí dhá chuideachta faoi leachtú díreach mar a dhéanfaí dá mba chuideachta amháin a bhí ann. D'iarr an leachtaitheoir chomhairle ar an Oifig seo an tuarascáil amháin nó dhá tuarascáil a theastaigh faoi alt 56. Cinntíodh nár theastaigh ach tuarascáil amháin ós rud é go raibh an leachtaitheoir céanna ag an dá chuideachta agus ag cuimhneamh ar théarmaí an ordú Cúirte.

### Eurofood IFSC Teoranta (Faoi Leachtú Deonach)

Tá aighneas dlí ar siúl leis na Cúirteanna Iodálacha de bharr chinneadh na hArd-Chúirte a dlínse a dhearbhu chun an chuideachta seo a leachtú. D'iarr an Chúirt Uachtarach rialacháin tosaigh ar an European Court of Justice maidir le roinnt shaincheisteanna a bheadh impleachtaí nach beag acu ar dhlí dócmhainneachta na hÉireann agus na hEorpach. Bhí an Stiúrthóir rannpháirteach sa bhliain 2004 sna himeachtaí Ard-Chúirte agus Cúirt Uachtaraí agus tá Tuairimí Scríofa cláraithe aige leis an European Court of Justice. Tá achoimre déanta de na saincheisteanna a bhaineann leis an gcás sin i **Léiriú 4.1**.

- the Association of Chartered Certified Accountants;
- the Institute of Incorporated Public Accountants Ltd;
- Cumann Dlí na hÉireann;
- the Institute of Taxation in Ireland;
- the Chartered Institute of Management Accountants.

## Aidhm 4.2: Measúnú ar Iompar Stiúrthóirí i gCúinsí Leachtaithe Dóchmhainnigh

Tá an Stiúrthóir ag breathnú i ndiaidh leachtaitheoirí a fhuascailt ón oibleagáid reachtúil atá orthu iarratas ar shrianadh stiúrthóra a chur chuig an Ard-Chúirt má dhéanann an leachtaitheoir ráiteas soiléir gan athbhrí sa tuarascáil faoi alt 56 gur thaispeáin an Stiúrthóir gur gníomhaigh sé nó sí go macánta agus go freagrach maidir le stiúradh cúrsaí na cuideachta. Bheadh súil leis go gcuirfeadh an leachtaitheoir sonraí ar fáil sa tuarascáil faoi na nithe a thugann tacaíocht leis an tuairim sin agus le tuairim ar bith eile a chuirfeadh sé in iúl.

## Cinntí Faoisimh OSFC

Mar a cuireadh in iúl in **Aguisín 4.1.1**, chinntigh an OSFC 1,084 thuarascáil leachtaitheora san iomlán sa bhliain 2004; tuarascálacha tosaigh a bhí i 529 acu. Seo a leanas na cineálacha cinntí sna 529 gcásanna sin sa bhliain 2004 (i gcomórtas leis an mbliain 2003)(féach thall):

### Léiriú 4.1: An Tábhacht atá ag Leachtú Eurofood IFSC Ltd. do Dhlí Dócmhainneachta na hÉireann agus na hEorpach (Faoi Leachtú Deonach)

Ag deireadh na bliana 2003, d'fhulaing an grúpa bia ilnáisiúnta ollmhór Parmalat géarchéim airgeadais maidir le cuideachtaí áirithe dá chuid. Fochuideachta den ghrúpa ba ea an chuideachta Éireannach Eurofood IFSC Ltd. ("Eurofood"). An obair ba thábhachtaí a rinne an chuideachta sin ón uair ar corpraíodh í sa bhliain 1997 ba ea áiseanna airgeadais a chur ar fáil do chuideachtaí eile an ghrúpa.

Ag leanúint as sin eisíodh sraith chinntí dlí sna Cúirteanna Éireannacha agus Iodálacha a bhí ag teacht salach ar a chéile; bhí impleachtaí ag na cinntí sin ar mhíniú EU Regulation on Cross-Border Insolvency Proceedings<sup>27</sup> a raibh ina dhlí ar fud an AE ó 31 Bealtaine 2002, viz:

- an 27 Eanáir 2004, d'ainmnigh an Ard-Chúirt leachtaitheoir sealadach do Eurofood faoi Acht na gCuideachtaí;
- an 20 Feabhra cuireadh Eurofood faoi "riarachán urghnách" faoi dhlí na hIodáile ar chosúil é de réir an OSFC le examinership faoi dhlí na hÉireann;
- an 23 Márta, chinntigh an Ard-Chúirt gur chóir go mbeadh tús áite ag dlí na hÉireann agus dhearbhaigh an t-ainmniúchán leachtaitheora do Eurofood.

In achomharc a rinneadh i leith chinneadh na hArd-Chúirte, chinntigh an Chúirt Uachtarach go gcaithfeadh sí réamhbhreitheanna a fháil ón European Court of Justice faoi shaincheisteanna an Dlí Eorpaigh sa chaoi is go mbeadh sí in ann an bhreith dheiridh a dhéanamh.

Bhí an Stiúrthóir rannpháirteach sna himeachtaí Ard-Chúirte agus Cúirte Uachtaraí agus tá sé ar na páirtí a chláraigh Tuairimí Scríofa leis an European Court of Justice. Cé go mb'fhéarr an tuiscint a bheadh ag duine ar dheacrachtaí na dlíthíochta trí bhreathnú ar bhreitheanna Chúirteanna na hÉireann, is iad na saincheisteanna is tábhachtaí don Stiúrthóir:<sup>28</sup>

- an oiread agus is féidir an crann a thitim ar Bhallstáit eile den AE foirceannadh a dhéanamh faoi dhlíthe agus faoi struchtúir rialaitheach an Bhallstáit sin ar chuideachta arb í tír na hÉireann de réir dealramh "lárionad a leasa phríomha" agus
- breathnú ar na cúinsí ina bhfuil sé ceadaithe faoin Rialachán AE do chúirt i mBallstát amháin gan imeachtaí dócmhainneacha a aithint a cuireadh tús leo i mBallstát eile; bheadh torthaí an aitheantais sin i gcoinne polasaí poiblí an Bhallstáit eile agus go háirithe i gcoinne prionsabail bhunúsacha dá chuid nó i gcoinne cearta agus saoirse atá ag an duine sa mBallstát eile faoin mbunrecht.

Tá na saincheisteanna casta agus nua agus is féidir go mbeidh impleachtaí acu ar an tuiscint dlíthiúil atá againn faoi láthair ar thoradh clárú cuideachtaí in Éirinn agus i mBallstáit eile an AE. Ceaptar gur dóigh go mbeifear ag déileáil leis an gcás trí éisteacht béil san European Court of Justice ach de bharr mhéid mór na gcásanna ar feitheamh os comhair na Cúirte níl aon dáta socraithe le haghaidh na héisteachta go fóill.

<sup>27</sup> Council Regulation (EC) No 1346/2002 of 29 May 2000 on insolvency proceedings.

<sup>28</sup> Féach [www.odce.ie/court/insolvency.asp](http://www.odce.ie/court/insolvency.asp) le haghaidh cóipeanna de bhreitheanna na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí.

An Cineál Cinnte	2003	%	2004	%
Faoiseamh Iomlán <sup>29</sup>	294	53%	357	67%
Gan Fhaoiseamh <sup>30</sup>	199	36%	93	18%
Faoiseamh ag an tráth seo <sup>31</sup>	34	6%	53	10%
Páirtfhaoiseamh <sup>32</sup>	25	4%	21	4%
Cinntí eile	8	1%	5	1%
<b>Iomlán</b>	<b>560</b>	<b>100%</b>	<b>529</b>	<b>100%</b>

In **Aguisín 4.2.1** agus **4.2.2** faoi seach tá liostaí iomlána de na cuideachtaí a deonaíodh faoiseamh iomlán nó faoiseamh ag an tráth seo dóibh sa bhliain 2004

Tá an méadú ar chinntí “faoiseamh iomlán” na hOifige agus an laghdú ar an dóigh céanna ar mhéid na gcásanna “gan fhaoiseamh” le cur i leith iompar níos freagraí stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha inar tharla an dócmhainneacht le gairid agus i leith taithí níos fairsinge ag leachtaitheoirí agus ag an OSFC ar an gcaighdeán iompair atá á chur i bhfeidhm ag an Ard-Chúirt chun teacht ar chinneadh faoina bhfuil i gceist le hiompar macánta agus freagrach stiúrthóirí. Is éard atá suntasach gur sa bhliain 2003 bhí imeachtaí dlí a bhain le srianadh á thionscnamh i gcoinne stiúrthóirí uile i gceann as gach trí chinn de na cuideachtaí dócmhainneacha sin. Sa bhliain 2004 bhí na figiúirí íslithe go dtí a leath .i. go dtí ceann as gach sé cuideachta nó mar sin. Cuireann an feabhas sin in iúl go bhfuil na stiúrthóirí ag tabhairt níos mó aire don dualgas i leith creidiúnaithe agus páirtithe leasmhara eile de bharr thionchar an córas tuairiscithe.

Ní hionann cinntí “gan fhaoiseamh” nó cinntí “páirtfhaoiseamh” de chuid an OSFC agus cinneadh i leith macántachta nó freagrachta na stiúrthóirí lena mbaineann agus níor chóir go mbainfí a leithéid sin de thátal nó de chiall astu. Is faoin Ard-Chúirt (tar éis di

<sup>29</sup> Deonaíodh faoiseamh iomlán i gcásanna ina raibh an OSFC sásta, ar bhonn eolais a fuarthas ón leachtaitheoir nó ar bhealach eile gur thaispeáin stiúrthóirí uile na cuideachta dócmhainní ar mhodh sásúil gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus iad ag stiúradh cúrsaí na cuideachta.

<sup>30</sup> Níor deonaíodh faoiseamh i gcásanna ina raibh an OSFC sásta ar bhonn eolais a fuarthas ón leachtaitheoir nó ar bhealach eile, nár thaispeáin aon duine de stiúrthóirí uile na cuideachta dócmhainní ar mhodh sásúil gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus iad ag stiúradh cúrsaí na cuideachta.

<sup>31</sup> Deonaíodh ‘faoiseamh ag an tráth seo’ i gcásanna ina raibh an OSFC sásta gur theastaigh tuilleadh ama ón leachtaitheoir chun na cúisí a thionscan forléasadh na cuideachta a fhiosrú. Dlíonn an OSFC ar leachtaitheoirí den chineál sin an dara tuarascáil a chur isteach; déantar cinneadh nua faoi fhaoiseamh ina dhiaidh sin.

éisteacht le fianaise an leachtaitheora agus le mínithe stiúrthóirí na cuideachta) cinneadh a dhéanamh faoinar gá srianadh a dhearbhu i gcás stiúrthóir cuideachta sonraí ar bith.

## Lorg Cinntí Cúirte faoi Iarratais Srianta a Leanúint

Nuair a cinntíonn an OSFC gan fhaoiseamh a dheonú, is ansin a bhfuil oibleagáid dlí ar leachtaitheora tús a chur le himeachtaí dlí le srianadh a bhaint amach dearbhaithe. Ba é an toradh a bhí ar chinntí an OSFC i leith faoisimh sa bhliain 2004 go raibh ar 200 stiúrthóir cuideachta (i gcomórtas le 500 sa bhliain 2003) teacht os comhair na Cúirte mar gheall ar an stiúradh a rinne siad ar chuideachta dócmhainneach. Ó tharla nach bhfuil an Stiúrthóir ina Pháirtí Fógra le haghaidh iarratais srianta leachtaitheora, b’fhéidir go dtógfadh sé roinnt ama sula bhfaigheadh an OSFC faisnéis chinnte faoi theacht chun críche na n-imeachtaí Cúirte agus faoin toradh a bhí ar na himeachtaí sin. Chun críche na tuarascála seo rinne an Oifig iarracht, trí idir fhógraí Cúirte chuig an OCC (áit inar dearbhaíodh orduithe srianta) agus aiseolas ó leachtaitheoirí (go sonrach sna cásanna nár gearradh aon srianadh) chun athbhreithniú tosaigh a dhéanamh a chuirfeadh líon na sriantaí Cúirte i gcomparáid le cinntí an OSFC i leith faoisimh.

Sa bhliain 2004 rinne an Ard-Chúirt cinneadh i 141 chás ina ndearna OSFC cinneadh roimhe sin gan fhaoiseamh nó páirtfhaoiseamh a dheonú; bhí na cásanna a bhí fágtha ar lár ar feitheamh sa Chúirt nó gan bheith tionscanta. Maidir leis an 141 chás ar éisteacht leo chuir an Ard-Chúirt srianadh ar dhuine amháin nó níos mó de na stiúrthóirí i 109 gcásanna .i. 77% den iomlán. Ní dhearnadh aon orduithe srianta i leith an 32 chás a bhí fanta .i. 23% den iomlán. I dtéarmaí stiúrthóirí faoi leith cuireadh ordú srianta ar 198 stiúrthóirí<sup>33</sup> (69% den iomlán) agus dícháilíodh stiúrthóir amháin. Ní dhearnadh ordú srianta i leith 87 stiúrthóirí .i. 31% den iomlán.

<sup>32</sup> Deonaíodh páirtfhaoiseamh i gcúisí ina raibh an OSFC sásta ar bhonn eolais a fuarthas ón leachtaitheoir nó ar bhealach eile, gur thaispeáin roinnt de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní ach nár thaispeánadar uile, ar mhodh sásúil, gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus iad ag stiúradh cúrsaí na cuideachta.

<sup>33</sup> Nuair atá srianadh ar dhuine, níl sé ceadaithe don té sin gníomhú mar stiúrthóir cuideachta ar feadh tréimhse chúig bliana ina dhiaidh sin ach amháin sa gcás go dtagann an cuideachta sin le ceanglais iosta caipitlithe. I gcás cuideachta príobháideach teastaíonn scairchaipiteal glaoite iosta de €63,487. I gcás cuideachta poiblí teoranta is é €317,435 an figiúr comhfhreagrach. Chomh maith leis sin ní mór go n-íocfaí as an scairchaipiteal glaoite go hiomlán in airgeadh tirim. Ceadaíonn srianadh do dhaoine aonarachas leas a bhaint as dliteanas teoranta go leanúnach. Má sháraíonn duine srianta coinníollacha caipitlithe áfach, d’fhéadfaí an té sin a chiontú as cion indiotáilte, fineáil a ghearradh air/ uirthi agus é/í a dhícháilíú ar feadh cúig bliana.



Cúis suntais gur de bharr na hoibleagáide ar leachtaitheoirí sonraithe in alt 56 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001 a cuireadh ordú srianta ar 198 de na 217 ndaoine a chuir an Ard-Chúirt srianadh orthu sa bhliain 2004. I gcás 19 n-orduithe srianta nach raibh baint acu le próiseas ailt 56 d'eascair dhá cheann acu as caingne forfheidhmithe OSFC ar leith. Ciallaíonn sin nach raibh aon bhaint ag OSFC le hordú srianta a gearradh ar 17 ndaoine i gcaitheamh na bliana 2004.

Rianaíonn **Aguisín 4.2.3** agus **4.2.4** den Tuarascáil seo, i ndáil le himeachtaí srianta a tugadh chun críche san Ard-Chúirt sa bhliain 2004, an toradh a bhí ar chásanna ina ndearnadh orduithe srianta agus ar chásanna nach ndearnadh orduithe srianta faoi seach. Sa Chlár de Dhaoine Srianta atá coinnithe san Oifig um Chlárú Cuideachtaí tá sé taifeadta go raibh 479

stiúrthóirí srianta ag deireadh na bliana 2004. Tá liosta na daoine atá srianta i láthair na huair ar fáil ina iomláine ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí nó ón suíomh idirlín ag [www.cro.ie](http://www.cro.ie)

Bhain dhá chinn de na saincheisteanna a tháinig os comhair na hArd-Chúirte sa bhliain 2004 le:

- idirbhearta cuideachta/stiúrthóir agus dualgais stiúrthóirí agus
- na freagrachtaí atá ar stiúrthóirí feidhmeacha agus neamhfheidhmeacha faoi seach i gcúinsí dócmhainneacha.

Cuireann **Léiriú 4.2.1** agus **4.2.2** eolas úsáideach ar fáil faoi chur chuige na hArd-Chúirte sna cúinsí sin.

## Léiriú 4.2.1: Idirbhearta Cuideachta/Stiúrthóra mar atá siad pléite i Re XNET Information Systems Ltd. (faoi leachtú deonach) *Stafford v Higgins & Others*<sup>34</sup>

Rinneadh ordú srianta i leith beirt stiúrthóir cuideachta a fuair iasachtaí sócmhainní cuideachta chun ceannachán sócmhainní a athairgeadú, sócmhainní a mbainfeadh an chuideachta úsáid astu. Ina breith sa gcás seo thug an Ard-Chúirt chun suntais:

- gur aonán dlíthiúla faoi leith de réir an dlí an chuideachta agus stiúrthóirí na cuideachta;
- go gcaithfidh stiúrthóirí a leas i gconarthaí a nochtadh;
- go bhfuil an cinneadh faoi mhífhreagracht neamhspleách ar mhí-ionrachas nó ar dhrochspreagadh;
- go bhféadfadh iasachtaí sócmhainní cuideachta alt 31 d'Acht na gCuideachtaí 1990 a shárú.

Go sonrach ba é ráiteas na Cúirte:

“Tá an chonclúid tarraingthe agam nach féidir glacadh leis gur féidir breathnú ar stiúrthóirí cuideachta, fiú iadsan nach nglacann le comhairle dlí sonrach, mar dhaoine atá ag gníomhú go freagrach nuair a dhéanann siad idirbhearta suntasacha airgeadais, ar idirbhearta iad go bunúsach idir iad féin agus an chuideachta, gan na nithe sin a chur faoi bhráid stiúrthóirí eile agus gan aontú an bhoird a fháil.

Ní mór go meastar gach stiúrthóir a bheith eolach faoin

difríocht idir an gcuideachta mar phearsa ar leith faoin dlí agus iad féin mar dhuine aonarach. De bhreis ní mór go meastar go bhfuil stiúrthóirí feasach faoi na hoibleagáidí atá orthu ní hamháin i leith na Cuideachta agus na scairshealbhóirí ach i leith na gcreidiúnaithe agus daoine eile a bhíonn ag plé leis an gcuideachta. De bhreis air sin ní mór go nglacfar leis, ar bhealach ginearálta ar a laghad, go bhfuil stiúrthóirí eolach ar na hoibleagáidí sonraithe in Acht na gCuideachtaí. Forálann alt 194 d'Acht na gCuideachtaí 1963:

“(1) Beidh sé de dhualgas ar stiúrthóir cuideachta a bhfuil leas aige ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile, go díreach nó go neamhdhíreach, i gconradh, nó i gconradh atá beartaithe, leis an gcuideachta, a dhearbhuí cad é an leas é ag cruinniú de stiúrthóirí na cuideachta.”

An oibleagáid nochtá sin a thugann le fios do stiúrthóirí go bhféadfadh coimhlint leasa a bheith ann ba chóir go mbreathnófaí uirthi mar phrionsabal maith rialacháin agus mar ionracas tráchtála folláin agus caighdeán cúí mar le cúrsaí tráchtála. Tá bord stiúrthóirí na cuideachta freagrach as bainistiú chúrsaí na cuideachta. Feictear dom, neamhspleách ar aon cheanglas reachtach sonrach, go gcaithfidh duine atá ina stiúrthóir ar chuideachta má tá sé i gceist aige conradh a dhéanamh leis an gcuideachta a bheith feasach faoi go gcaithfidh sé/sí é a chur in iúl do bhord iomlán na cuideachta go bhfuil suim aige/aici sa chonradh agus aontú an bhoird a iarraidh maidir leis an gconradh.”

<sup>34</sup> [2004] IEHC 82 (6 May 2004) Finlay Geoghegan J.

## Lorg Stiúrthóirí ag iarraidh Faoiseamh ó Srianadh a Leanúint

Ceadaíonn alt 152 d'Acht na gCuideachta 1990 do stiúrthóir atá srianta, faoiseamh a iarraidh taobh istigh de 12 mhí ón uair ar cuireadh srianadh air go hiomlán nó go páirteach. Caithfear an t-iarratas sin a chur in iúl do leachtaitheoir na cuideachta a tharraing an srianadh ar an stiúrthóir srianta. Sa bhliain 2004 d'iarr roinnt daoine srianta faoiseamh gan aon iarracht déanta acu cloí le coinníollacha an tsrianta. Nuair a chuir an Oifig seo in iúl go mbeimis ag cur i gcoinne an iarratais, tarraingíodh siar é agus anois tá an OSFC ag meas ar chóir na daoine atá i gceist a ionchúiseamh as ucht a mainneachtain. Ar ndóigh coinneoidimid súil ar chásanna den tsórt sin, le déanamh cinnte go mbeidh iarratais faoisimh i leith srianta (agus dícháilithe) go hiomlán dleathach san Ard-Chúirt.

## Lorg Stiúrthóirí nach bhfuil ag cloí le Coinníollacha Srianta a Leanúint

Mar a cuireadh in iúl níos luaithe faoi Aidhm 3 dhearbhaigh imscrúduithe OSFC go bhfuil líon áirithe daoine srianta ag sárú an cheanglais reachtúil agus ag deireadh na bliana bhaineamar an chéad chiontú agus dícháiliú amach i leith stiúrthóir srianta ar an ábhar gur lean sé ag obair mar stiúrthóir nó mar rúnaí i gcuideachta nár ghéill le ceanglais chaipitlithe. Bhí dhá ionchúiseamh breise dá leithéid fós ar siúl ag deireadh na bliana.

### Léiriú 4.2.2 : Dualgais Stiúrthóirí Feidhmeannacha agus Neamhfheidhmeannacha mar atá sé pléite i Re RMF (Ireland) Limited (faoi leachtú deonach) Kavanagh v. Riedler & Others<sup>35</sup>

Ag tabhairt aghaidh ar dhualgais stiúrthóirí feidhmeannacha agus stiúrthóirí neamhfheidhmeannacha (SNanna) sa gcás seo chuir an Ard-Chúirt in iúl fiú mura bhfuil an t-idirdhealú aitheanta agus ráite amach in Achtanna na gCuideachtaí gur rud seanbhunaithe é sa saol tráchtála. Bhí ar an Ard-Chúirt mar sin an t-idirdhealú a aithint agus machnamh á dhéanamh aici an ag gníomhú go freagrach a bhí duine nuair a bhí sé ag gníomhú mar stiúrthóir cuideachta.

Dár leis an gCúirt ba é an chéad phromhadh agus machnamh á dhéanamh faoi fhreagracht (SN), iompar an té atá i gceist a chur "i gcomhthéacs aon aontú sonrach nó cúis" ar ainmníodh é/í, go háirithe más ar mhaithe leis an saineolas a thabharfadh sé/sí leis go dtí an bhord a ainmníodh é/í. Mar sin más mar SN comhairleach atá an duine ainmnithe agus gan aon fheidhm bhainistíochta aige/aici ní bheidh an Chúirt ag machnamh ach ar na feidhmeanna sin den SN a thagann leis an ról sin.

Ar a shon sin amháin áfach go bhfuil duine ainmnithe as ucht an tsaineolaí a thugann sé leis ní bheidh éalú aige ón bhfreagracht mar -

"Tá dualgais dlite ar gach stiúrthóir i leith na cuideachta

- (i) go mbeadh sé eolach ar chúrsaí na cuideachta agus
- (ii) go mbeadh sé páirteach i maoirseacht agus

stiúradh chúrsaí na cuideachta in éindí lena chomhstiúrthóirí."<sup>36</sup>

Cé go n-aithníonn an Chúirt gur féidir leis na stiúrthóirí mar aonad feidhmeanna áirithe a tharligean d'fheidhmeannaigh agus don bhainistíocht "ní chiallaíonn tarmligean dá leithéid go bhfuil stiúrthóirí saor ón oibleagáid mhaoirseachta deiridh."

Dúirt an Chúirt freisin go bhfuil sé dlite ar SN gníomhú nuair is gá agus gach a dteastaíonn a dhéanamh a dhéanamh chun an cheist a réiteach:

"Agus machnamh á dhéanamh faoi ar ghníomhaigh stiúrthóirí neamhfheidhmeannach go freagrach chun críche alt 150 d'Acht na bliana 1990 feictear dom gur chóir go n-aithneodh na cúirteanna go bhfuil stiúrthóirí neamhfheidhmeannach den chuid is mó i dteideal muinín a chur in eolas curtha ar fáil ag a chomhghleacaithe .i. stiúrthóirí feidhmeannacha agus a bheith muiníneach go gcomhlíonadh stiúrthóirí feidhmeannacha na feidhmeanna is dual d'fheidhmeannach nó do bhainistíochta. D'fhéadfadh cúisí fíorasacha a bheith ann a d'fhógródh do stiúrthóirí neamhfheidhmeannach nach féidir leis muinín a bheith aige níos mó san eolas a chuirtear ar fáil nó nach féidir bheith muiníneach go bhfuil dualgais feidhmeannacha á chomhlíonadh mar is cuí agus go dteastaíonn beart breise uaidh nó uaidh de bharr na gcúisí sin."<sup>37</sup>

35 [2004] IEHC 334 (27 May 2004).

37 Folínte ar mhaithe le béim

36 Uimhreacha ar mhaithe le béim

## Aidhm 4.3: Pionós a Ghearradh i leith Iompar Calaoiseach nó Maslach

### Cuideachtaí Dócmhainneacha Neamhleachtaithe

Is eol don Stiúrthóir go mb'fhéidir go dtiocfaidh cathú ar stiúrthóirí éirí as trádáil gan leachtú foirmeálta sa chaoi is go n-éalóidís ón bhfreagracht atá orthu i leith creidiúnaithe na cuideachta agus i leith páirtithe leasmhara eile agus sa chaoi is go dtiocfaidís slán ón srianadh a tharraingeoidís orthu féin i gcás leachtaithe. Taispeánann na torthaí laghdú i líon na stiúrthóirí a ndeachaigh os comhair na hArd-Chúirte sa bhliain 2004, rud a chiallaíonn nach aon chúis inní próiseas ailt 56 do stiúrthóirí cuideachta sa gcás go raibh siad á n-iompar féin go macánta agus go freagrach agus iad ag stiúradh na cuideachta dócmhainní agus gur chomhoibrigh siad go huile is go hiomlán leis an leachtaitheoir agus é/í i mbun a d(h)ualgas.

Tar éis di iompar i réimse na leachtuithe a fheabhsú dhírigh an Oifig a haird sa bhliain 2004 ar chásanna a bhain le h-iompar stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha áirithe nach bhfuil faoi leachtú. Ar mhaithe le cothromas ba mhaith leis an OSFC go mbeadh an araíonacht céanna maidir le dea-iompar ag feidhmiú i gcuideachtaí dócmhainneacha uile ní hamháin na cinn atá curtha faoi leachtú. Ba chóir foirceannadh dea-riartha cuideachtaí dócmhainneacha a bheith mar ghnáthchleachtas i gcás dócmhainneachta seachas tréigean na cuideachta agus a cuid chreidiúnaithe.

Is eol don OSFC go bhfuil stiúrthóirí áirithe ag éalú ó bheith freagrach as a gcuid gníomhartha agus faillíocha, más de thimpiste nó d'aon turas é trí gan cuideachtaí dá gcuid a chur faoi leachtú. Tar éis dóibh éirí as an trádáil is éard a tharlaíonn de ghnáth go dtéann Cláraitheoir na gCuideachtaí na cuideachtaí sin ar an ábhar gur theip orthu tuairisceáin bhliantúla a chlárú. Forálann an dlí anois go mbeidh stiúrthóirí chuideachtaí dócmhainneacha dtéann i mbaol a ndícháilithe<sup>38</sup>.

Is mó de ghnáth go mbíonn iarmhairtí pearsanta do stiúrthóirí a ghníomhaigh go neamhfheagrach i gcás dícháilithe ná mar a bhíonn i gcás srianta a tharraing leachtú cuideachta dócmhainní orthu. Tá ainmneacha na ndaoine idir iad atá dícháilithe agus iad atá srianta

ar fáil ar an idirlín ó chlár poiblí OCC ag [www.cro.ie](http://www.cro.ie), agus ba chóir go gcuimhneodh gnóthaí uile gur foinsé úsáideach eolais ar riosca creidmheasa í an OCC.

Sa bhliain 2004 dhírigh an OSFC a haird níos mó ar Chuideachtaí Dócmhainneacha Neamhleachtaithe. I measc na réimsí gníomhaíochta áirítear:

- cuideachtaí faoi réir breitheanna cláraithe atá fós i bhfeidhm ach a bhfuil éirithe as an trádáil. Bhain an Stiúrthóir srianadh cúig bliana amach san Ard-Chúirt i leith stiúrthóir cuideachta amháin dá leithéid sa bhliain 2004. Chuamar i mbun cumarsáide le stiúrthóirí i roinnt cuideachtaí eile den tsórt céanna agus mura bhfaighfear freagraí sásúla tionscnófar imeachtaí dlí i leith srianta i gcoinne na stiúrthóirí uile;
- cuideachtaí ar ábhar gearáin leis an Oifig iad. Ag leanúint as scrúdú ar dhoiciméid agus ar eolas a gabhadh faoi bharántas cuardaigh i gcás amháin thionscain an Stiúrthóir le gairid imeachtaí dlí i leith dícháilithe i gcoinne beirt stiúrthóirí sa chuideachta atá i gceist;
- cuideachtaí atá bainte de Chlár na gCuideachtaí ar an ábhar gur theip orthu tuairisceáin bhliantúla a chlárú. Mar a cuireadh in iúl níos luaithe in Aidhm 3 bhain an OSFC dícháiliú amach san Ard-Chúirt i gcaitheamh na bliana 2004 i gcoinne stiúrthóir cuideachta amháin ar feadh dhá bhliain agus bhain srianta amach i gcás a comhghleacaí stiúrthóra ar feadh cúig bliana. Cé gurb é an chéad chás den chineál sin inar ndearnadh cinneadh bhí imeachtaí dlí i leith cúig chás eile den chineál céanna os comhair na hArd-Chúirte ag deireadh na bliana 2004.

Is féidir gan leachtú a dhéanamh ar chuideachtaí tar éis críoch a chur le glacadóireacht agus tá an chumhacht tugtha don Stiúrthóir faireachán a dhéanamh ar chuideachtaí dócmhainneacha neamhleachtaithe sna cúinsí sin. Go sonrach, glacadóir atá ainmnithe de bhun muirir fholuainigh ar iomlán mhaoin na cuideachta nó ar méid ar ionann go substaintiúil le hiomlán mhaoin na cuideachta é, tá sé dlite air anois<sup>39</sup> a thuairim a nochtadh faoi an bhfuil an chuideachta sócmhainneach ar theacht chun críche

<sup>38</sup> Má tá duine dícháilithe san Ard-Chúirt, níl sé ceadaithe don té sin bheith ainmnithe nó gníomhú mar iniúchóir, stiúrthóir nó mar oifigeach ar bith eile, glacadóir, leachtaitheoir nó imscrúdaitheoir nó baint nó páirt a bheith aige/aici ar bhealach ar bith go díreach nó go hindireach i gcur chun cinn, foirmiú nó bainistíocht chuideachta nó cumann ar bith atá cláraithe faoin Industrial and Provident

Societies Acts. Duine atá dícháilithe agus a sháraíonn ordú na Cúirte d'fhéadfaí é a chiontú agus tá sé i mbaol a bheith dícháilithe ar feadh deich mbliana.

<sup>39</sup> Alt 319 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú ag alt 52 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001).

don ghlacadóireacht nó nach bhfuil, agus cuirtear an t-eolas sin ar fáil don OSFC nuair a chuirtear faisnéis an ghlacadóra chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí. Sa bhliain 2004 fuair an Stiúrthóir 24 fhaisnéis den chineál sin ag dearbhú staid dócmhainneach sa chuideachta. Tá an grúpa cuideachtaí sin á scrúdú mar pháirt de scrúdú cuimsitheach an Stiúrthóra ar fhadhb na gcuideachtaí dócmhainneacha neamhleachtaithe.

## Taighde ar Chuideachtaí Athbheochana

Ar iarratas ón International Association of Insolvency Regulators (IAIR) ar ball díobh an OSFC, chuir an Stiúrthóir agus an fhoireann deireadh le togra taighde idirnáisiúnta ar fheiniméan cuideachtaí athbheochana sa bhliain 2004. Is ar thaithí tiomsaitheach bhall an IAIR a bhí an taighde bunaithe agus fuarthas amach *inter alia* go raibh cuideachtaí athbheochana thar a bheith coitianta sna hearnálacha éadaigh, tógála, flaitiúlachta agus iompair. Ba í an tuairim ginearálta gurb iad na húdarais chánach (an príomhchreidiúnaí) agus iomaitheoirí dlistineacha na gcuideachtaí athbheochana (a bhfuil dochar déanta dóibh de bharr na hiomaíochta mífhéarálte) is mó a bhíonn thíos leis. Glacadh leis freisin go gcailleann creidiúnaithe eile mar atá soláthraí seirbhísí, tomhaltóirí agus na fostuithe mura mbíonn éileamh ag an gcuideachta athbheochana ar a gcuid seirbhísí.



Tuarascáil – ‘The Regulation of Phoenix Companies’

Cé nár aithnigh an staidéar comparáideach aon ‘idé mhór’ a chuirfeadh deireadh leis an bhfadhb, ba chúis ugaigh é gur dóigh go raibh go leor de na hionstraim dhlí ar baineadh úsáid rathúil astu i ndlíní eile chun an fhadhb a choinneáil faoi shrian ag cuid mhaith de na dlíní (Éire ina measc). Dá bhrí sin bainfeadh leas as an taighde chun cuidiú le glacadóirí go sonracha na bearta, cleachtais, agus nós imeachtaí a theastaíonn a thabhairt chun míneadais le dul i ngleic go rathúil le feininiméan cuideachtaí athbheochana.

Tá an Stiúrthóir ag coinneáil súil ghéar i gcónaí ar ghníomhaíocht den chineál sin sa Stát sa chaoi is go mbeidh sé in ann gníomhú leis an drochthionchar a bheadh aige ar ghnóthaí macánta a laghdú. Tá cóip den Tuarascáil dár theideal ‘The Regulation of Phoenix Companies’ ar fáil ag [www.insolvencyreg.org](http://www.insolvencyreg.org).

## Focal Scoir

Mar thoradh ar an gcóras tuarascála éigeantaí a tugadh isteach le haghaidh leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha beagán os cionn dhá bhliain ó shin tá tuarascálacha faighte ag an OSFC ar níos mó ná 1,200 cuideachta dócmhainneacha. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar mholtaí leachtaitheoirí sna tuarascálacha sin, tá sé dearbhaithe againn gur chóir do stiúrthóirí ar níos mó ná 300 de na cuideachtaí sin a n-iompar a chosaint in imeachtaí dlí i leith srianta os comhair na hArd-Chúirte. Mar thoradh ar imeachtaí dlí atá deireadh curtha leo go dáta, measann an Ard-Chúirt go bhfuil sé cuí srianadh a chur ar timpeall 500 stiúrthóir de bharr iompair mhífhreagraigh i ndáil le bainistiú na gcuideachtaí loicthe dá gcuid.

Mar phionós dlí príomha i leith iompar mífhreagrach i gcuideachtaí dócmhainneacha, is mó ná cheana a chuireann an Ard-Chúirt ordú srianta i bhfeidhm. Is pionós sibhialta níos tromchúisí ordú dícháilithe ar féidir é a ghearradh ar dhaoine as ucht a mí-iompar i leith idir chuideachtaí sócmhainneacha agus chuideachtaí dócmhainneacha. Déantar an dá ordú go príomha le leasa daoine a d’fhéadfadh bheith ina gcreidiúnaithe maidir le cúrsaí tráchtála cuideachta amach anseo a chosaint. Is rogha breise úsáideach an t-ordú dícháilithe a comhlíonann na roghanna eile mar atá ordú srianta agus ionchúiseamh coiriúil agus tá sé beartaithe ag an OSFC níos mó úsáid a bhaint as an mbeart sin amach anseo mar phionós i leith mí-iompar amhrasach agus chun an margadh a chur ar an airdeall maidir le mí-iompar san am atá thart.

Is é an toradh atá ar obair thosaigh an OSFC (céim ar chéim le leachtaitheoirí agus leis an gCúirt) go bhfuil an margadh ag éirí níos sábháilte i leith forbairt chuideachtaí, chomh fada is a bhaineann sé le heolas faoi mhí-iompar san am atá caite a chur ar fáil don mhargadh agus le gnó macánta a choinneáil go sábháilte ar scáth an scriosta agus na neamhchinnteachta a chothaíonn iompar gnó neamhscrupallach. Molann an Oifig mar sin do stiúrthóirí uile a bhfuil sé de mhí-ádh orthu gur gearradh pionós srianta nó dícháilithe orthu go ndéanfaidís an rud is gá a dhéanamh chun géilleadh leis an dlí. Mura ndéanann, beidh an OSFC ag breathnú i ndiaidh iad a thabhairt os comhair na Cúirte in athuair, agus ón taithí atá againn chun dáta ní mórán bá a bhíonn ag an gCúirt le cosantóirí a dhéanamh mainneachtain ar orduithe na hArd-Chúirte.

# Aidhm 5 – Seirbhís den Scoth don Chustaiméir

## Réamhrá

Lean OSFC ag cur seirbhíse den scoth ar fáil do na custaiméirí i rith na bliana 2004. Bhí torthaí deireanacha an taighde mhargaidh a rinneadh i ndeireadh 2003/tús 2004 maidir leis an gcéad dhá bhliain den Oifig moltach den chuid is mó. Tharraing na seirbhísí seo a leanas go háirithe moladh:

- tionscnaimh oideachasúla na hOifige, lena n-áirítear na Leabhráin Eolais;
- an comhairleachán le heagrais leasmhara ghairme;
- a shochoideartha agus atáthar ag freastal ar iarratais maidir le haitheaisc nó seimineáir oiliúna;
- an treisiú leis an rialachas maidir le cúrsaí dhócmhainneacht chuideachtaí;
- an cumasc idir bearta oideachasúla agus bearta forfheidhmíochta a chuidigh le feabhas a chur ar leibhéal ghéilliúntais go ginearálta.

D'fhéach an Oifig, i rith na bliana 2004 le talamh slán a dhéanamh de na buanna sin agus le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ról forfheidhmíochta ag teacht leis na tuairimí a léiríodh tríd an taighde sin.

## Aidhm 5.1: Caomhnú agus Bainistiú Acmhainní

### 5.1.1 Foireann

Cé gur tharla roinnt folúntas i rith na bliana 2004, agus nár líonadh iad ar fad gan mhoill, bhí OSFC isteach is amach leis an líon foirne ceadaithe ar feadh na bliana. Tugtar briseadh síos ar fhoireann na hOifige ag deireadh na bliana in **Aguisín 5.1.1**.

D'fhág seisear den fhoireann OSFC i rith na bliana de bharr ardú céime, scor nó aistriú. Admhaíonn an Stiúrthóir an cion suntasach a rinne Sharon Bracken, Ian Drennan, Diarmuid Ó Gruagáin, Kevin Roche,

Phyllis O'Connor agus Mary Solan-Avison maidir leis an rath a bhí ar obair an OSFC ó thús.

Ba chúis áthais do OSFC é gur thug an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta aitheantas do dhúthracht, do dhíogras agus do dhianobair bheirt dá foireann, Damien Kelly agus Ellen Reilly i measc a cuid Gradam don bhliain 2004.

### 5.1.2 Acmhainní Airgeadais

Cuireadh ciste ar fáil maidir le costas riaracháin na hOifige i 2004 trí Fhómhírcheann A09 de Vóta 34 (An tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta). Tugtar achoimre sa tábla a leanas ar na suimeanna a leithdháileadh agus a caitheadh maidir leis na príomhréimsí Pá agus Neamhphá.

Fómhírcheann A09, Vóta 34	Leithroinnt 2004	Caiteachas 2004
	€000s	€000s
Pá	1,686	1,682
Neamhphá	2,564	1,385
Iomlán	4,240	3,067

Tugtar mionbhriseadh síos ar na figiúirí thuas in **Aguisín 5.1.2**.

Rinne OSFC caiteachas iomlán de €3.07 milliún sa bhliain 2004, ardú de 8% ar thoradh €2.84 milliún na bliana 2003.

Cé go raibh an caiteachas ar phá an-ghar don leithroinnt, tuairiscítear barrachas maidir leis an mbuiséad neamhphá. Is mar gheall ar chostais dlí agus ar chostais lucht gairme eile a bheith níos ísle ná mar a ceapadh é sin go príomha.

Ag teacht le Gnásanna Cuntasaíochta an Rialtais, géilleadh fuílleach na leithroinnte ag deireadh 2004.

### 5.1.3 Dul chun cinn Eagraíochta

Cuireadh tuilleadh feabhais i rith na bliana 2004 ar an teacht ar líne ar bhunachar sonraí OCC a baineadh amach i 2003. Rinneadh athchóiriú ar an nasc chun cinntiú go mbíonn an fhaisnéis a fhaightear in OSFC bord ar bhord leis na sonraí is deireanaí atá ar fáil do OCC. Chuidigh sin go mór le meas na gcás a

bhrosta agus le caighdeán na measúnachta a rinneadh a choinneáil agus imscrúduithe á gcur chun cinn.

Cuireadh le héifeachtúlacht na hOifige i 2004 chomh maith trí bhreis forbartha ar bhunachar sonraí ina gcoinnítear taifead agus tuairisc ar dhul chun cinn na gcás i réimsí an bhraite, na forfheidhmíochta agus na dócmhainneachta. Leagadh amach an córas chun go mbeadh iomlán an eolais ó na réimsí sin ar fáil ar fud na hOifige. Cuireadh Céim 1 i bhfeidhm i rith mhí Meán Fómhair 2004.

Tharla i 2004 gur fhostaigh OSFC saineolaithe seachtracha chun cuidiú leis ag tabhairt faoin obair imscrúdaithe agus forfheidhmíochta go háirithe. Rinneadh athbhreithniú maidir le hoibriú phainéil saineolaithe dlí agus cuntasáochta na hOifige i 2004, agus táthar ag cur leabharchruth ar na nósanna imeachta a leantar ag deireadh na bliana.

#### 5.1.4 Plean Gnímh maidir le Bainistiú Riosca

I rith na bliana 2004, d'oibrigh OSFC i gcomhar leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ag cur córas bhainistiú riosca ar bun de réir mar a moladh i dTuarascáil Mullarkey.

Is é aidhm ginearálta an pholasaí cinntiú go ndéantar na bearta cúí d'fhonn an príomhriosca a bheadh ann don Roinn agus dá cuid Oifigí a thabhairt faoi deara, a mheas agus a bhainistiú go críochnúil.

Cuireann an córas le gnáis, próisis agus nósanna imeachta maidir le bainistiú riosca neamhfhoirmeálta atá ann cheana féin, ag baint na buntáiste is fearr as an am bainistíochta teoranta atá ar fáil. Tá roinnt den fhoireann in OSFC ceaptha mar “Foireann Cúraim” sa chás go dtarlódh eachtra éigin a chuirfeadh isteach ar ghnó na hOifige.

### Aidhm 5.2: Tabhairt chun cinn na Foirne

#### 5.2.1 Bainistíocht Feidhmíochta

Cuireann an Oifig i bhfeidhm an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a bhfuil feidhm leis ar fud na Ranna Rialtais agus na nOifigí Rialtais.

Bhí páirt ag an bhfoireann i gcur le chéile Phlean Gnó na hOifige do 2004 tar éis na haidhmeanna a leagadh amach i Ráiteas Straitéise OSFC 2003-2005 a thabhairt san áireamh. Bhí plé ag foireann OSFC lena gcuid rólanna aonair a cheangal chun freastal ar na tascanna a leagadh amach sa Phlean Gnó agus leis an gcumas, na scileanna agus an eolas a theastaíonn chun na tascanna a chur i gcrích go sásúil a aithint. Rinneadh athbhreithniú ar rólanna na foirne i rith na bliana 2004, agus rinneadh leasuithe maidir le tascanna agus riachtanais oiliúna de réir mar ba ghá i bhfianaise athruithe a bhain leis an obair.

Cuireadh 60 lá oiliúna seachtrach ar fáil d'fhoireann OSFC ar fud na ngrádanna ar fad i rith na bliana 2004 agus bhain 21 lá oiliúna acu sin le TE. Chuir an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ocht lá breise d'oiliúint i réimse TE ar fáil do thriúr baill foirne faoi seach de chuid OSFC, agus cuireadh oiliúint inmheánach ar fáil san oifig chomh maith.

#### 5.2.2 Obair Mheithil

Tá meithil ildisciplíneacha ag obair taobh istigh de OSFC d'fhonn déileáil le hualach cás na hOifige atá ag dul i líon go seasta. Is fíor sin go háirithe i réimsí an bhraite, na forfheidhmithe agus na dócmhainneachta. Rinneadh athbhreithniú, forbairt agus leasú i rith na bliana ar ghnásanna oibre agus ar fheidhmíocht na meitheal d'fhonn feabhas a chur ar chaighdeán na hoibre ag meas na gcás agus ar líon na gcás a ndearnadh láimhdeachas orthu. Tugtar léiriú pictiúrtha ar pháirt fhoireann OSFC de réir réimse feidhme in **Aguisín 5.2.1**.

I rith na bliana 2004, rinne an Stiúrthóir roinnt leasuithe maidir leis na cumhachtaí a tharmlichtear do bhaill foirne sonraithe faoi alt 13 an Achta um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 d'fhonn treisiú



Chuir an Stiúrthóir faisnéis i lathair do ACII faoi riachtanais Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí

le hobair na hOifige. Rinneadh tarmligean foirmeálta údaráis i gcás dheichniúr ball foirne in iomláine atá ag obair i meithil éagsúla agus i réimsí éagsúla san Oifig d'fhonn ceann nó níos mó d'fheidhmeanna dlíthiúla an Stiúrthóra a chomhlíonadh thar a cheann. Bhain cúig athrú ar tharmligean a bhí ann cheana leis sin chomh maith le cúig chás nua.

Bhí cruinnithe rialta ag Coiste Bainistíochta na hOifige, faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra agus le hionadaíocht ón bhfoireann ar fad, i 2004 ag ar pléadh den chuid is mó le ceisteanna polasaí agus eagrúcháin a bhaineann le forbairt leanúnach na hOifige.

## Aidhm 5.3: Seirbhísí den Scoth a Fhorbairt

### 5.3.1 Seirbhísí a chuirtear ar fáil

Tá acmhainní suntasacha caite ag OSFC le forbairt agus úsáid na teicneolaíochta nua d'fhonn eolas a chur ar fáil dá chuid custaiméirí, d'fhonn tuairimí na gcustaiméirí a fháil agus d'fhonn feabhas a chur ar éifeacht na ngnás oibre. Tá na seirbhísí seo a leanas i measc na seirbhísí a chuireann an Oifig ar fáil don phobal agus do lucht gairme araon :

- eolas maidir le dlí cuideachta agus cúrsaí gaolmhara a chuirtear ar fáil trí shuíomh idirlín na hOifige, foilseacháin, etc. (chláraigh 220 custaiméir i 2004 chun go gcuirfí in iúl dóibh go raibh eolas nua ar an suíomh idirlín) ;
- cainteanna, seimineáir agus tionscnaimh ghéilliúntais eile a chuireann foireann na hOifige ar fáil;
- deismireacht trínar féidir gearáin a dhéanamh i gcás amhrais faoi mhí-iompar chorparáideach;
- seirbhísí bunaithe ar an reachtaíocht, trína n-éilítear ar iniúcháirí, leachtaitheoirí agus lucht leasa eile tuairisc a dhéanamh leis an Oifig mar gheall ar chúinsí áirithe;
- cúnaimh ginearálta a chuirtear ar fáil do chliant na hOifige ag freastal ar fhiosrúchán teileafóin, comhfhreagras, ríomhphost, etc.

Is ceisteanna tábhachta ag OSFC iad na hábhair bhuartha ag custaiméirí inmheánacha agus seachtracha agus tugtar fúthu sa Ráiteas Straitéise, sna Pleananna Gnó agus sa Tuarascáil Bhliantúil. I rith na bliana 2004, lean foireann na hOifige ag déanamh gach iarracht seirbhísí den scoth a chur ar fáil do na custaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon.

### 5.3.2 Foilseacháin

Ullmhaíodh agus eisíodh na foilseacháin seo a leanas i rith na bliana 2004:

- Ráiteas Cinn Bhliana an Stiúrthóra agus Athbhreithniú ar 2003;
- Tuarascáil Bhliantúil OSFC i leith 2003 (i nGaeilge agus i mBéarla);
- Páipéar Comhairliúcháin C/2004/1 maidir le Ráitis Ghéilliúntais ó Stiúrthóirí agus an Dréacht-Treoir a bhaineann leis;
- Nóta Eolais maidir le hOrdú Acht na gCuideachtaí (Inniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 (Tosach Feidhme) (Ionstraim Reachtuil Uimh. 132 den bhliain 2004);
- Tuarascáil na n-Imscrúdaitheoirí maidir le gnóthaí National Irish Bank Ltd. agus National Irish Bank Financial Services Ltd;
- Treoir Leasaithe OSFC maidir le Ráitis Ghéilliúntais ó Stiúrthóirí;
- Liostaí de na cuideachtaí is ábhar do thuarascáil leachtaitheora de bhun alt 56 an Achta um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

Scríobh OSFC altanna agus páipéir do na meáin náisiúnta agus ghairme agus d'oibrigh sé i gcomhar le OCC ar Bulletin maidir le ceisteanna tráthúla faoi dhlí na gcuideachtaí a eisíodh chuig stiúrthóirí cuideachtaí in Éirinn.



Treorach Athbhreithnithe ar Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí

### 5.3.3 Suíomh Idirlín

Is gné thábhachtach de sheirbhís OSFC é an t-eolas a chuirtear ar fáil trí shuíomh idirlín OSFC. Foilsíodh eolas nua maidir le hobair OSFC agus le hathruithe gaolmhara ar chúrsaí rialachais chorparáidigh ar shuíomh idirlín na hOifige go rialta i rith na bliana 2004. Bhí siad seo a leanas ina measc:


- foilseacháin nua de chuid na hOifige mar a thugtar thuas;
- cóipeanna de chur i láthair a rinne baill foirne de chuid na hOifige le lucht gnó, gairme nó leasa gaolmhara;
- preasráitis, altanna, etc. a d'eisigh an Stiúrthóir agus baill foirne eile, agus
- toradh ar chásanna Cúirte ina ndearna an Stiúrthóir ionchúiseamh nuair a bhí amhras ann faoi dhlí na gcuideachtaí a bheith á shárú agus breitheanna Cúirte eile a bhaineann le dlí na gcuideachtaí.

Rinneadh anailís agus athbhreithniú ar thoradh suirbhé 2003 ar shástacht na gcustaiméirí leis an suíomh idirlín. Tugadh tuarascáil ina leagtar amach moltaí maidir leis an athfhorbairt atá beartaithe ar an suíomh idirlín chun críche i 2004 agus aontaíodh mar gheall air. Tá feabhsú ar áisiúlacht an tsuímh i measc na moltaí, go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas. Bhí tús curtha leis an obair faoi dheireadh na bliana chun roinnt de na feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Is léir dea-thoradh ar an suíomh idirlín maidir le

feabhas agus oiread ábhar dlí na gcuideachtaí ón méadú seasta ar líon na léitheoirí. Tugadh 116,783 cuairt ar an suíomh idirlín i 2004, ardú 54% ar an bhfigiúr a baineadh amach i 2003, 75,597.

Léiríonn an chart seo a leanas an trácht a rinneadh de réir na míosa. Is féidir míniú a thabhairt ar líon níos airde ag tarlú i roinnt de na míonna mar gheall ar eisiúint fhoilseacháin nua le OSFC. Mar shampla, is féidir an bhuaicléon i mí Iúil a leagan ar fhoilsiú Thuarascáil na gCigirí maidir le National Irish Bank Ltd. (NIB) agus National Irish Bank Financial Services Ltd. (NIBFS) a raibh borradh mór ar an trácht ar an suíomh idirlín d'fhonn codanna den Tuarascáil a bhreathnú agus a tharraingt anuas de thoradh air.



Tarraingíodh anuas eolas ó shuíomh idirlín OSFC 59,261 uair i 2004 de réir áirimh, ardú suntasach ar a leathfhiúir, 26,408, i 2003. Bhain na cáipéisí a tarraingíodh anuas le 191 doiciméad in iomláine (89 i 2003), agus bhí Fógraí Cinnidh, Leabhráin Treorach agus Nótaí Eolais na hOifige, chomh maith leis an Tuarascáil maidir le NIB/NIBFS, chun cinn i measc na ndoiciméad is mó a raibh tóir orthu. Tugtar briseadh síos ar na cineálacha doiciméad is mó a raibh éileamh orthu i 2004 in **Aguisín 5.3.1**.

Tugadh léirmheas mholtach ar shuíomh idirlín OSFC i dtuairisc ar shuíomh idirlín le Silicon Republic ([www.siliconrepublic.com/](http://www.siliconrepublic.com/)), á rá faoi, *inter alia*, “appears to do





a good job of giving companies the material they need to act responsibly and fulfil their growing list of obligations in the area of corporate governance.”

#### **5.3.4 Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (SF)**

Ceadaíonn na hAchtanna SF nochtadh thaifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige amháin. Ní bhfuair OSFC aon iarratais nua ag lorg taifead faoi na hAchtanna i rith na bliana 2004. Bhí iarratas amháin a fuarthas i mí na Nollag 2003 ar tugadh chun críche an phlé leis i rith mhí Eanáir 2004.

#### **5.3.5 Na hAchtanna um Chosaint Sonraí**

Tá OSFC cláraithe le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí mar Rialaitheoir Sonraí. Tugtar cosaint sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 in aghaidh nochtadh míchuí d’aon eolas atá ar coimeád maidir le duine aonair. Cloíonn OSFC leis sin, chomh maith le cloí lena chuid forálacha diana rúndachta féin mar atá san Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

#### **5.3.6 An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997**

Fóráiltear faoin Acht do íoc úis le soláthróirí a mbíonn a gcuid sonrasc gan íoc ag an dáta forordaithe. De réir pholasaí na hOifige .i. socrú go nglantar sonraisc ar bhealach tráthúil, níor gearradh aon fhortháille úis ar OSFC maidir le haon íoc i 2004.

#### **5.3.7 Comhlíonadh na gCaighdeán Aontaithe maidir le Seirbhís don Chustaiméir**

Thug OSFC an Plean Seirbhíse do Chustaiméirí chun críche i 2004 agus fuarthas aontú maidir lena bhfuil ann ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta go mall sa bhliain. Foilseofar an plean go luath sa bhliain 2005.

Tá OSFC dúthrachtach maidir le seirbhís den scoth a chur ar fáil don chustaiméir cibé ar duine den phobal é a bhfuil plé aige leis nó custaiméir inmheánach. Rinne an Oifig athbhreithniú go rialta ar chaighdeán na seirbhíse a cuireadh ar fáil agus féachadh le tuilleadh feabhais a chur air. Is cuid den phróiseas sin an tSeirbhís Aiseolais agus an tSeirbhís Gearáin ar an suíomh idirlín, mar is ea an athfhorbairt atá beartaithe a dhéanamh ar an suíomh idirlín d’fhonn a thabhairt

ar chaighdeán WAI leibhéal 3 (áisiúlacht do dhaoine faoi mhíchumas).

Cé go bhfuil an Stiúrthóir sásta go ginearálta le caighdeán an seirbhíse a chuir foireann na hOifige ar fáil do na custaiméirí, tháinig roinnt bheag gearán chuige i rith na bliana maidir le moill go háirithe sa mheas ar thuarascálacha agus ar ghearáin a rinneadh leis an Oifig. Baineann moill den sórt sin leis an ualach oibre carnaithe a d’fhág na blianta 2003 agus 2004 de bharr líon na beartaíochta mídhleathaí, mar a líomhaintear, a bhfuiltear ag éileamh ar an Oifig scrúdú a dhéanamh mar gheall air. Mar gheall ar phróifíl na hOifige i réimse an ghéilliúntais, faightear chomh maith líon suntasach iarratas ar eolas maidir le hoibleagáidí faoi dhlí na gcuideachtaí a bhfuil fonn orainn déileáil leo go tráthúil agus go proifisiúnta.

Ainneoin chur i bhfeidhm sásúil ar obair i meithil san Oifig agus ainneoin úsáid na teicneolaíochta d’fhonn brostú le meas agus láimhdeachas chásanna, ní leor an líon foirne faoi láthair chun déileáil le fiosruithe ón bpobal agus bainistíocht a dhéanamh ar líon reatha na gcásanna ar bhonn gairmiúil. Is den riachtanas é mar sin breis foirne a aimsiú chun na críocha sin go gairid. Mura n-aimsítear, beidh fás ar an míshástacht le caighdeán na seirbhíse ó OSFC sa bhliain 2005 agus ina dhiaidh sin.

# Focal Scoir

Thug OSFC go maith faoi roinnt dúshláin thábhachtacha i 2004. Thuig an Oifig go mbeadh deacracht ag roinnt cuideachtaí le tabhairt isteach na hoibleagáide nua maidir le ráitis ghéilliúntais a ullmhú agus a fhoilsiú, agus cuireadh tús le próiseas d'fhonn treoir a fhorbairt a chuideodh le stiúrthóirí agus bainistíocht chuideachtaí an dualgas sin a chomhlíonadh. Is é tuairim an Stiúrthóra gur cuireadh le dea-cháil OSFC ag spreagadh athraithe chun feabhais i réimse an ghéilliúntais chorparáidigh trí threoir d'ardchaighdeán a fhoilsiú i gcomhar le leasa gnó, gairme agus rialachais i rith na bliana.

Is cosúil go bhfuil buntáistí dáiríre á mbaint amach de bharr obair na hOifige. Ba mhínic ráitis ó stiúrthóirí, ag rá go raibh an mhainneachtain a bhí i gceist curtha ina ceart, i dteannta tuarascálacha iniúchóirí sa bhliain 2004 maidir le bearta a rabhthas amhrasach go raibh chionta faoi dhli na gcuideachtaí déanta. Lean an Oifig den obair thábhachtach chomh maith ag glacadh le gearáin ón bpobal agus ba mhínic a rinneadh beart dá réir d'fhonn neamhghéilliúntas reatha a chur ina cheart nó mí-iompar a tharlódh san am atá romhainn a sheachaint, agus sin ar fad chun sochair dóibh siúd a bhíonn thíos le gnásanna mídhleathacha.

Ainneoin ualach mór oibre a bhfuil fás seasta ag teacht air, d'éirigh leis an Oifig méadú a chur ar líon agus ar réimse na gcaingean forfheidhmithe sibhialta agus coiriúla agus baineadh amach roinnt breitheanna Cúirte i dtaca lena chúram sainordaithe.



At the Seminar on Taxation

Bhí tionchar chun sochair arís ag freagracht OSFC maidir le cuideachtaí dócmhainneacha agus an chosúlacht ar an scéal go raibh feabhas ar iompar stiúrthóirí. Thosaigh an Oifig ag díriú níos mó ar an bhfadhb maidir le cuideachtaí dócmhainneacha neamhleachtaithe ó tharla cur isteach uathu ar mhargadh cóir, iomaíoch.

Tríd is tríd, is cosúil go bhfuil feabhas maidir le feiceálacht na hOifige i réimse an ghéilliúntais agus na forfheidhmithe mar is léir ón méadú ar líon na gcuariteanna ar shuíomh idirlín na hOifige agus glaoh an phobail ar eolas maidir le géilliúntas.

Agus 2005 romhainn, tá go leor nach bhfuil tugtha chun críche go fóill ag an Oifig. Tá carn mór cásanna, agus fás ag teacht air, ag fanacht le himscrúdú agus forfheidhmiú, agus is léir nach féidir sin a ghlanadh go proifisiúnta gan méadú ar an líon foirne. Tarraingíonn a fheabhas atá ag éirí linn éilimh bhreise ar an Oifig chomh maith. Cé go bhfuil an fhoireann dúthachtach i gcónaí maidir le clár oibre na hOifige i réimsí an ghéilliúntais agus na forfheidhme a chur chun cinn, is fíor go mbeadh an Oifig ag baint níos mó amach sa dá réimse dá mbeadh acmhainní foirne breise ann.

Tá fonn ar an Stiúrthóir dá réir sin cur le líon foirne na hOifige sa bhliain 2005 i roinnt réimsí tábhachtacha. Idir seo agus cinneadh mar gheall ar an gceist sin, leanfaidh seisean agus an fhoireann ag baint de chlár oibre reatha an OSFC ar mhaithe le cúinsí níos fearr a chruthú d'fhorbairt na fiontraíochta. Is mian leis an Oifig go mbeadh níos lú bearta neamhscrupallacha á ndéanamh, soiléireacht níos mó sa mhargadh agus iompar dlíthiúil níos fearr i ngnóthaí corparáideacha.

Beidh cumas na hOifige an cúram soinordaithe atá air go reachtúil a chomhlíonadh ag brath i gcónaí ar thacaíocht na leasa corparáideacha agus proifisiúnta agus an phobail. Tá súil againn go leanfaidh an pobal i gcoitinne ag aithint go bhfuil buntáiste ghinearálta le géilliúntas corparáideach agus go leanfar ag gníomhú ar bhealach a chuidíonn leis an toradh sin a bhaint amach.

# Aguisíní

# Aguisín 1.1.1

---

## Liosta na nAighneachtaí i ngeall le Páipéar Comhairliúcháin C/2004/1 maidir le Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí

ACCA – Ireland  
Arthur Cox  
Audit Committee Institute Ireland  
Business Software Alliance  
Cleary’s Department Store  
Deloitte  
Dillon Eustace, Aturnaetha  
Ernst & Young  
Fashion and Footwear Federation  
Financial Services Ireland  
Fiontraíocht Éireann  
Friel Stafford, Cuntasóirí Cairte  
Grant, J.E.C.  
Holohan, Simon  
Conaidhm Ghnolachtaí agus Fhostoirí na hÉireann  
Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn  
Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn  
Irish Association of Investment Managers  
Cónaidhm Bhaincéirí Éireann  
Comhdhail na gCeardchumann  
Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann  
Irish Insurance Federation  
Irish Stock Exchange  
Irish Taxation Institute  
Irish Venture Capital Association  
John M. Molloy Engineering Ltd.  
Kane, Mary  
Kidney, R. J. & Co., Cuntasóirí Cairte  
KPMG  
Lavery Kirby, John  
Cumann Dlí na hÉireann  
Mater Misericordiae & The Children’s University Hospitals Ltd.  
Matheson Ormsby Prentice, Aturnaetha  
McCann Fitzgerald, Aturnaetha  
Phelan, Mervin  
PWC  
Rehab Group

## Aguisín 1.2.1

### Liosta Aithisc OSFC i rith 2004

Dáta	Eagraí	Cineál Ócáide	Ábhar	Ionad	Tinreamh (garlón)	Cainteoir
13/01/04	Na Coimisinéirí Ioncaim	Comhdháil na mBainisteoirí Sinsearacha	Forléargas ar OSFC go dtí seo móide Próiseas Ceangail OSFC/ Na Coimisinéirí Ioncaim	Na Coimisinéirí Ioncaim, Réigiún an Iardheiscirt	15	Dermot Madden
20/01/04	Centre for Corporate Governance – IOD	Cur i láthair	Ról agus Feidhmeanna OSFC	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	20	Ian Drennan
05/02/04	Grúpa LEADER Laoise	Cur i láthair	Dualgais Stiúrthóirí Cuideachta	Killeshin Hotel, Port Laoise	70	Ian Drennan
09/02/04	The Dublin Bar Solicitors Association	Cur i láthair	Scrúdú Sláinte Chorporáidí do Chuideachtaí Príobháideacha Beaga agus OSFC	Conrad Hilton Hotel, Baile Átha Cliath	200	Adrian Brennan
09/03/04	An Garda Síochána	Cúrsa Oiliúna do Bhleachtairí	Ról OSFC	Ceanncheathrú an Gharda, Páirc an Fhionnuisce	25	Gerry Walsh
10/02/04	ACCA, Corcaigh	Cur i láthair	Nuascála OSFC	Kingsley Hotel, Corcaigh	40	Ian Drennan
10/02/04	ACCA, Dún Dealgan	Cur i láthair	Nuascála OSFC	Fairways Hotel, Dún Dealgan	50	Ian Drennan
17/02/04	ACCA, Baile Átha Cliath	Cur i láthair	Nuascála OSFC	Burlington Hotel, Baile Átha Cliath	60	Ian Drennan
17/02/04	International Association of Insolvency Regulators	Comhdháil Bhliantúil	Rialachas maidir le Cuideachtaí Athbheochana	New Delhi	40	Paul Appleby
18/02/04	International Association of Insolvency Regulators	Comhdháil Bhliantúil	Tuarascáil Chomhaltachta na hÉireann	New Delhi	40	Paul Appleby

## Aguisín 1.2.1 (ar lean)

### Liosta Aithisc OSFC i rith 2004

Dáta	Eagraí	Cineál Ócáide	Ábhar	Ionad	Tinreámh (garlón)	Cainteoir
19/02/04	Cumann Cartlannaithe na hÉireann	Cur i láthair	Dliteanas Cháipéisíochta Achtanna na gCuideachtaí	Ormond Hotel, Cill Chainnigh	50	Ian Drennan
25/02/04	ÚRSAÉ	Cur i láthair	Ról agus Feidhmeanna OSFC	Ceanncheathrú ÚRSAÉ, Sráid an Dáma	40	Ian Drennan
25/02/04	ÚRSAÉ	Cur i láthair	Imscrúdú Chionta Calaoiseacha/Láimhseáil Foilseán	Ceanncheathrú ÚRSAÉ, Sráid an Dáma	50	Pat Collins
02/03/04	Bord Páirtnéireachta Mhuineacháin	Cur i láthair	Dualgais Stiúrthóirí Cuideachta	Bóthar Mhuineacháin, Baile na Lorgan	30	Ian Drennan
23/03/04	ACCA, Gaillimh	Cur i láthair	Nuascéala OSFC	Menlo Park Hotel, Gaillimh	40	Ian Drennan
25/03/04	Accountants' Update ICDPÉ	Cur i láthair	Nuascéala OSFC	Holiday Inn, Aerphort Bhaile Átha Cliath	80	Ian Drennan
26/03/04	Na Coimisinéirí Ioncaim – Réigiún TLTI	Comhdháil na mBainisteoirí Sinsearacha	Forléargas ar OSFC go dtí seo móide Próiseas Ceangail OSFC/ Na Coimisinéirí Ioncaim	Baile Átha Luain	15	Dermot Madden
30/03/04	Jordans Publications	Comhdháil	Cinntiú an Ghéilliúntais taobh istigh den Chuideachta	Jury's Hotel, Baile Átha Cliath	100	Paul Appleby
30/03/04	Accountants' Update ICDPÉ	Cur i láthair	Nuascéala OSFC	Moran's Silver Springs Hotel, Corcaigh	80	Ian Drennan
01/04/04	Comhdháil Cleachtais ICCÉ 2004	Cur i láthair	Nuascéala OSFC	Great Southern Hotel, Cill Airne	120	Ian Drennan
07/04/04	ACCA, Ros Mhic Treoin	Cur i láthair	Nuascéala OSFC	Brandon House Hotel, Ros Mhic Treoin	30	Ian Drennan
19/04/04	Committee of the New South Wales Parliament of Australia	Cruinniú Mhalartú Eolais	Forléargas ar OSFC agus a chuid cumhachtaí	OSFC, Baile Átha Cliath	8	Ian Drennan

## Aguisín 1.2.1 (ar lean)

### Liosta Aithisc OSFC i rith 2004

Dáta	Eagraí	Cineál Ócaíde	Ábhar	Ionad	Tinreamh (garlíon)	Cainteoir
20/04/04	LEADER Uíbh Fháilí	Cur i láthair	Dualgais Stiúrthóirí Cuideachta	Tullamore Court Hotel	70	Ian Drennan
22/04/04	ACCA, Luimneach	Cur i láthair	Nuascéala OSFC	Clarion Hotel, Luimneach	30	Ian Drennan
28/04/04	Na Coimisinéirí Ioncaim	Cur faoi bhráid/ i láthair na Foirne	Ról & Cumhachtaí OSFC & ábhair ghaolmhara	Royal Dublin Hotel, Baile Átha Cliath	20	Dermot Madden; Mick Moran
29/04/04	Bord Fiontair Contae Cheatharlach	Cur i láthair	Dualgais Stiúrthóirí Cuideachta	Seven Oaks Hotel, Ceatharlach	30	Ian Drennan
11/05/04	Irish Venture Capital Association	Seimineár	Réimeas Nua maidir le Dlí na Cuideachta	Fiontraíocht Éireann (Merrion Hall)	80	Paul Appleby
11/05/04	An Garda Síochána	Cúrsa Oiliúna do Bhleachtairí	Ról OSFC	Ceanncheathrú an Gharda	25	Gerry Walsh
20/07/04	Dlí-Chumann na hÉireann	Cur i láthair	Ról agus Feidhmeanna an Stiúrthóra um Fhorfeidhmiú Corparáideach	Dlí-Chumann na hÉireann – Scoil an Dlí	60	Kevin O'Connell
07/09/04	Audit Committee Institute Ireland	Seimineár	Dréacht-Treoir maidir le Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí	The Conrad Hotel, Baile Átha Cliath	200	Paul Appleby
13/09/04	Key Network Group	Cur i láthair	Forfeidhmiú OSFC agus Scrúdú Sláinte Corparáidí do Stiúrthóirí Cuideachta	59 Bóthar Lansdúin, Baile Átha Cliath	20	Adrian Brennan
21/09/04	Ollscoil na Ríona, Béal Feirste	Comhdháil Idirnáisiúnta	Achóiriú Réimse an Rialacháin in Éirinn	Ollscoil na Ríona, Béal Feirste	100	Paul Appleby
22/09/04	Na Coimisinéirí Ioncaim Réigiún an Oirthir-Oirdheiscirt	Comhdháil na mBainisteoirí Sinsearacha	Forléargas ar OSFC go dtí seo móide Próiseas Ceangail OSFC/ Na Coimisinéirí Ioncaim	Ceatharlach	50	Dermot Madden; Mick Moran

## Aguisín 1.2.1 (ar lean)

### Liosta Aithisc OSFC i rith 2004

Dáta	Eagraí	Cineál Ócáide	Ábhar	Ionad	Tinreámh (garlón)	Cainteoir
30/09/04	Mid West Community Development Support Agency	Cur i láthair	Dualgais Stiúrthóirí & ábhair ghaolmhara	Ashbourne Business Park, Dock Rd, Luimneach	20	Mick Moran
05/10/04	An Garda Síochána	Cúrsa Oiliúna do Bhleachtairí	Ról OSFC	Ceanncheathrú an Gharda, Páirc an Fhionnuisce	25	Gerry Walsh
07/10/04	International Association of Insolvency Regulators	Ceardlann Ballstáit Nua an AE	Rialachán maidir le Dócmhainneacht in Éirinn	Prág	20	Paul Appleby
13/10/04	The Institute of Chartered Secretaries and Administrators	Comhdháil	Nuascéala Corparáideacha '04	The Conrad Hotel, Baile Átha Cliath	200	Paul Appleby
20/10/04	Association of Compliance Officers in Ireland	Seimineár	OSFC agus an Géilliúntas – Ábharthacht maidir le Seirbhísí Airgeadais	The Clarion Hotel, LSAÉ	120	Paul Appleby
29/10/04	Na Coimisinéirí Ioncaim An Rannóg Oiliúna	Cur i láthair	Forléargas ar OSFC go dtí seo móide Próiseas Ceangail OSFC/ Na Coimisinéirí Ioncaim	Baile Átha Cliath	20	Dermot Madden; Mick Moran
03/11/04	Chartered Institute of Management Accountants	Seimineár	Dualgais Stiúrthóirí Cuideachta	The Shelbourne Hotel, Baile Átha Cliath	150	Paul Appleby
05/11/04	West Training Development	Cur i láthair	Dualgais Stiúrthóirí & ábhair ghaolmhara	Gaillimh	25	Mick Moran
10/11/04	Public Affairs Ireland	Comhdháil	Cuideachtaí, Údaráis Phoiblí agus an Stiúrthóir um Fhorfeidhmiú Corparáideach	The Shelbourne Hotel, Baile Átha Cliath	200	Paul Appleby
12/11/04	Irish Council for Social Housing	Seimineár	Dualgais Stiúrthóirí & ábhair ghaolmhara	Prince of Wales Hotel, Baile Átha Luain	40	Mick Moran
17/11/04	Biúro an Gharda um Imscrúdú Calaoise	Cur i láthair	Ról OSFC, Imscrúdú chionta faoi Dhlí na Cuideachta, Malartú Eolais	G.B.F.I, Cearnóg Fhearcair, Baile Átha Cliath	N/A	Pat Collins



## Aguisín 1.2.1 (ar lean)

### Liosta Aithisc OSFC i rith 2004

Dáta	Eagraí	Cineál Ócáide	Ábhar	Ionad	Tinreamh (garlíon)	Cainteoir
17/11/04	Na Coimisinéirí Ioncaim	Cur i láthair	Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí	Baile Átha Cliath	20	Dermot Madden
18/11/04	Cónaidhm Baincéirí Éirann/ Institiúid na mBaincéirí	Cur i láthair	Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí: Tuairimí ar ais agus Cur i bhfeidhm	Ionad Comhdhála agus Foghlama I. na mB., LSAÉ	150	Paul Appleby
22/11/04	Smurfit Graduate School of Business	UCD M. Acc. Class	Forléargas ar OSFC agus ar an obair go dtí seo	Baile Átha Cliath	80	Dermot Madden
23/11/04	MBA Association of Ireland	Seimineár	OSFC agus Géilliúntas in Éirinn	The Smurfit Business School	80	Paul Appleby
23/11/04	UCC Continuing Professional Development	Léacht	Nuascéala OSFC	Corcaigh	30	Mick Moran
23/11/04	ICDPÉ	Comhdháil ICDPÉ	Forléargas ar OSFC agus ar an obair go dtí seo	Tullach Mhór	50	Dermot Madden
25/11/04	Na Coimisinéirí Ioncaim – Réigiúin an Oirthir/ Oirdheiscirt	Comhdháil na mBainisteoirí Sinsearacha	Forléargas ar OSFC go dtí seo móide Próiseas Ceangail OSFC/ Na Coimisinéirí Ioncaim	An Bhlarna	50	Dermot Madden
29/11/04	Continuing Legal Training Conference	Cur i láthair	Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí: Dul chun cinn faoi láthair	Westbury Hotel, Baile Átha Cliath	50	Adrian Brennan
30/11/04	Bord Fiontair Contae an Chabháin	Cur i láthair	Scrúdú Sláinte Chorporáidí do Stiúrthóirí Chuideachtaí Príobháideacha	Slieve Russell Hotel, An Cabhán	50	Adrian Brennan
30/11/04	ICDPÉ	Comhdháil ICPA CPD	Forléargas ar OSFC agus ar an obair go dtí seo	Inis	50	Dermot Madden
07/12/04	Cúrsa PAB	Cur i láthair	Ról OSFC, Imscrúdú chionta faoi Dhlí na Cuideachta	Ceanncheathrú an Gharda	N/A	Pat Collins

## Aguisín 1.2.1 (ar lean)

### Liosta Aithisc OSFC i rith 2004

Dáta	Eagraí	Cineál Ócáide	Ábhar	Ionad	Tinreabh (garlón)	Cainteoir
09/12/04	Association of Compliance Officers	Cur i láthair le Mic Léinn	Ról OSFC	Institiúid na mBaincéirí, Baile Átha Cliath	250	Adrian Brennan
20/12/04	Údarás Sláinte Réigiún an Oirthir	Seimineár	Rólanna agus Freagrachtaí Stiúrthóirí Cuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí	Stewart's Hospital, Baile Phámair	50	Paul Appleby

## Aguisín 1.2.2

### Ábhar Altanna agus eile de chuid an OSFC i 2004

Dáta	Ábhar	Údar
Iúil 2004	Alt dar teideal “Management Companies are becoming a Major Issue” a foilsíodh san Irish Construction Industry Magazine – Iúil/Lúnasa 2004. Foilsíodh an t-alt arís i Property Supplement an Irish Independent i Meán Fómhair 2004.	Paul Appleby
Meán Fómhair 2004	Páipéar dar teideal “Reforming the Regulatory Environment in Ireland” le Comhdháil dar teideal ‘Governing the Corporation Conference’, Ollscoil na Ríona, Béal Feirste	Paul Appleby
Deireadh Fómhair 2004	Alt maidir le ‘Good Governance’ a d’fhoilsigh Cónaidhm Mhíchumais na hÉireann	Adrian Brennan
Samhain 2004	Alt dar teideal “Directors’ Compliance Statements – Will They Apply to You?” a foilsíodh in ‘Corporate Compliance Matters – Geimhreadh 2004’.	Paul Appleby
Samhain 2004	Alt maidir le Bearta Stiurthóirí dar teideal “Is Your Company Your Personal Bank?” a foilsíodh in ‘Corporate Compliance Matters – Geimhreadh 2004’	Paul Appleby
Nollaig 2004	Alt maidir le Dualgais Stiurthóirí dar teideal ‘Corporate Check – Ten steps that every company director should take to help secure their compliance with Company Law’ – a foilsíodh in eagrán Eanáir 2005 de Business Plus Magazine	Adrian Brennan

## Aguisín 1.2.3

### Ábhar Preasráitis de chuid an OSFC – 2004

Dáta	Ábhar
09/01/04	Foilsíú Athbhreithniú Chinn Bhliana OSFC i leith 2003
08/03/04	An Chéad Chás Sriantha ag OSFC ar Stiúirthóir Chuideachta Dócmhainneach Neamhleachtaithe
18/03/04	An Chéad Chás Ciontaithe ag OSFC maidir le Trádáil Chaloiseach
01/06/04	Foilsíú Thuarascáil Bhliantúil OSFC don Bhliain 2003
22/07/04	Foilsíú Pháipéar Comhairliúcháin de chuid OSFC agus Dréacht-Treoir maidir le Dualgas Stiúirthóirí Cuideachtaí Polasaí Ghéilliúntais agus Ráitis Ghéilliúntais Bhliantúla a Ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003
30/07/04	Foilsíú Thuarascáil Chigire na hArd-Chúirte maidir le gnóthaí National Irish Bank Ltd. agus National Irish Bank Financial Services Ltd.
07/09/04	Cur i láthair leis an Audit Committee Institute Ireland maidir le Ráitis Ghéilliúntais Stiúirthóirí
20/10/04	Athbhreithniú ar na hAighneachtaí a fuarthas i ngeall leis an Dréacht-Treoir maidir le Ráitis Ghéilliúntais Stiúirthóirí
10/11/04	Cur i láthair ag Comhdháil de chuid Public Affairs Ireland dar teideal “Governance, Accountability and Financial Management in the Public Sector”
15/11/04	An Chéad Chás Dícháilithe agus Sriantha ag OSFC maidir le Stiúirthóirí Chuideachta atá Bainte de Chlár na gCuideachtaí
16/12/04	Foilsíú Threoir Leasaithe OSFC maidir le Ráitis Ghéilliúntais Stiúirthóirí

## Aguisín 2.1.1

### Briseadh síos ar Chásanna Nua i 2004 de réir Foinse

Foinsí na gCásanna Nua	Iomlán 2003	Iomlán 2004
<b>Tuarascáil Shainordaitheach</b>		
- Tuarascálacha Indíotáilte ó Inniúcháirí	1488	1568
- Tuarascálacha ó OCC	9	15
- Tuarascáil Leachtaitheora	1	2
- Tuarascálacha Indíotáilte ó Eagrais Ghairme	8	9
<b>Iomlán na dTuarascálacha Sainordaitheacha</b>	<b>1506</b>	<b>1594</b>
<b>Tuarascálacha Deonacha</b>		
- Gearáin ón bPobal	307	341
- Tuarascálacha ó Údaráis Stáit	118	2
- Tuarascálacha ó Údaráis neamh-Stáit	1	18
- Tuarascálacha eile agus Brath	18	1
<b>Iomlán na dTuarascálacha Deonacha</b>	<b>444</b>	<b>362</b>
<b>IOMLÁN TUARASCÁLACHA</b>	<b>1950</b>	<b>1956</b>

## Aguisín 2.2.1

Tuarascálacha Sainordaitheacha – Mainneachtain a mheastar a bheith i gceist maidir le DLí na gCuideachtaí de réir cineáil

Na Cineálacha Mainneachtana a Luaitear	Iomlán 2003	Iomlán 2004
Gan Tuairisceáin Bhliantúla a dhéanamh go tráthúil	1519	1560
Iasachtaí Iomarcacha le Stiúrthóirí	271	303
Mainneachtain Leabhair Chuntas Chuí a Choimeád	48	59
Gan Cruinniú Ginearálta Urghnách a thionól	92	30
Sárú maidir le Leasa Stiúrthóra/Clárú Scaranna	0	15
Gan Cónaí a bheith ar aon Stiúrthóir sa Stát	24	12
Gan Cruinniú Ginearálta Bliantúil a Thionól	3	6
Easpa Cáilíochta chun Ceaptha mar Iniúchóir	5	4
Trádáil Chalaoiseach	1	2
Faillí Leachtaitheora maidir le Cruinnithe Cuideachta/Chreidiúnaithe a ghairm	1	2
Falsú Dhoiciméad	1	2
Mainneachtain Teacht le Prionsabail Chuntasaíochta	0	2
Eile	1	10
<b>Iomlán na gCás Mainneachtana i dTuarascálacha Saoinordaitheacha</b>	<b>1966</b>	<b>2007</b>

## Aguisín 2.2.2

### Tuarascálacha Deonacha agus Eile – Cineál na Saincheisteanna

Cineál na Saincheisteanna a Áirítear	Iomlán 2003	Iomlán 2004
Mainneachtain maidir le déanamh tuairisceán taobh amuigh den chuideachta	117	Nil
Saincheisteanna Fiachais	68	63
Saincheisteanna maidir le Déanamh Tuairisceáin i gcás Chuideachtaí atá		
Cláraithe in Éirinn	44	11
Saincheisteanna maidir le Scarshealbhóirí	17	24
Eolas líómhainte maidir le Mí-iompar	17	18
Saincheisteanna maidir le Stiúrthóirí	17	16
Saincheisteanna Sibhialta	12	13
Trádáil Mheargánta/Chalaoiseach/ Dhócmhainneach	11	53
Cuideachtaí Leachtaithe	10	3
Mainneachtain doiciméid a sheachadadh ag Seoltaí Cláraithe	8	2
Trádáil nuair a bhíodas bainte de Chlár na gCuideachtaí	8	13
Cruinnithe Cinn Bhliana/Ginearálta Urghnácha	8	27
Cuideachtaí a scorann ó thrádáil (nach leachtaítear)	6	2
Brionnú/Faisnéis bhréige	3	13
Ní léir/Saincheisteanna eile	98	104
<b>Iomlán</b>	<b>444</b>	<b>362</b>

## Aguisín 2.2.3

### Láimhdeachas Chásanna ag Céim an Bhraite

Brath na gCásanna	Iomlán 2003	Iomlán 2004
Cásanna idir lámha ar 1 Eanáir	147	406
Cásanna nua	1950	1956
Cásanna a tugadh chun críche	1406	1577
astu sin - Cásanna a dúnadh	238	351
- Cásanna a cuireadh faoi bhráid OCC	1168	1226
Cásanna Breis Mheasúnachta ag OSFC	292	493
Cásanna idir lámha ar 31 Nollaig	406 <sup>40</sup>	292

<sup>40</sup> Tugtar san áireamh seacht gcás a athosclaíodh i 2003.



## Aguisín 2.2.4

### Cásanna a Tugadh chun críche ag Céim an Bhraite de réir an Phríomhshlí Diúscartha

Cinntí Bhraite	Tuarascáil Dheonach	Tuarascáil Shain-ordaitheach	Iomlán 2004
Neamhdhóthain Fianaise ar Mhainneachtain	67	-	67
Mainneachtain dá n-oirfeadh Caingean Sibhialta	59	-	59
Cásanna a Dúnadh de bharr Leasú na Mainneachtana/ Rabhaidh	3	152	155
Mainneachtain faoi bhráid OCC	10	1216	1226
Eile	70	-	70
<b>Iomlán na gCásanna a Dúnadh</b>	<b>209</b>	<b>1368</b>	<b>1577</b>
Cásanna a cuireadh ar aghaidh a mheastar a bheith In- fhorfheimithe	115	354	469
Cásanna a cuireadh ar aghaidh d'fhonn Scrúdú			
Dócmhainneachta	22	2	24
<b>Cásanna a cuireadh ar aghaidh d'fhonn a Meas Arís</b>	<b>137</b>	<b>356</b>	<b>493</b>

## Aguisín 3.1

### Forléargas ar Imeachtaí OSFC i 2003 agus 2004

Imeachtaí de réir cineál cáis	2003		2004	
Imscrúdú				
• D'éirigh leo	23		11	
• Níor éirigh leo	-		-	
• Ar lean	2		-	
• Fo-iomlán		25		11
Forfheidhmiú Sibhialta				
• D'éirigh leo	15		4	
• Níor éirigh leo	-		1	
• Ar lean	4		7	
• Fo-iomlán		19		12
Forfheidhmiú Coiriúil				
• D'éirigh leo	18		20	
• Níor éirigh leo	2		2	
• Ar lean	12		9	
• Fo-iomlán		32		31
Athbhreithniú Breithiúnach & Eile				
• D'éirigh leo	2		4	
• Níor éirigh leo	-		-	
• Ar lean	-		3	
• Fo-iomlán		2		7
Iomlán na nImeachtaí				
• D'éirigh leo	58		39	
• Níor éirigh leo	2		3	
• Ar lean	18		19	
• Fo-iomlán		78		61

## Aguisín 3.2

Briseadh síos ar Imeachtaí DLí i 2004 a raibh baint ag an Stiúrthóir leo

Cineál	Ábhar	Alt/Acht <sup>41</sup>	Líon Cás	Stádas/Toradh Cáis
<b>Ard-Chúirt/ Cúirt Uachtarach</b>				
Iarratas	Teacht ar pháipéirí an Chigire etc.	A. 12, 1990	1	Ar lean
Iarratas	Géilleadh an leachtaitheora do dhualgais tuairiscithe	A. 371, 1963	2	Deonaíodh Ordú Géilliúntais agus Ordú Costais
Iarratas	Dícháiliú stiúrthóirí cuideachta	A. 160(2), 1990	8	Deonaíodh Dícháiliú agus Srianadh; Ar lean (7)
Iarratas (OSFC mar Fhreagróir)	Faoiseamh ag stiúrthóirí dícháilithe	A. 160(8), 1990	1	Deonaíodh faoiseamh coinníollach
Iarratas (OSFC mar Fhreagróir)	Faoiseamh ag stiúrthóirí ó mhíchumas a chearta nó a leas i scaranna a bheith neamh-infhorfheidhmithe	A. 58(3), 1990	2	Deonaíodh faoiseamh
Iarratas	Srianadh ar stiúrthóirí chuideachtaí dhócmhainneacha neamhleachtaithe	A. 150, 1990 (arna fheidhmiú ag A. 251, 1990)	2	Deonaíodh (1); Tarraingíodh siar (1)
Idirghabháil	Leachtú chuideachta atá cláraithe in Éirinn	A. 214, 1963	1	Ordaíodh leachtú; achomharc leis an gCúirt Uachtarach agus cur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais
Idirghabháil	Foilsíú Thuairisc an Chigire	A. 11, 1990	1	Foilsíodh an Tuarascáil
Athbhreithniú Breithiúnach	Tús le scrúdú cuideachta	A. 20, 1990	1	Ar lean

<sup>41</sup> Is iad na hAchtanna dá dtagraítear an Bankers' Books Evidence Act 1879, Acht na gCuideachtaí 1963, Acht na gCuideachtaí 1990 agus an tAcht um Ceartas Coiriúil 1994.

## Aguisín 3.2 (ar lean)

Cineál	Ábhar	Alt/Acht <sup>41</sup>	Líon Cás	Stádas/Toradh Cáis
<b>Cúirt Dhúiche</b>				
Iarratas	Doiciméadú Bainc a thabhairt ar Aird	A. 7A, 1879/ A. 63, 1994	2	Deonaíodh
Iarratas	Forchoimeád Dhoiciméad	A. 20, 1990	5	Deonaíodh
Iarratas	Barántas Cuardaigh	A. 20, 1990	4	Deonaíodh
Ionchúiseamh	Feidhmiú mar stiúrthóir le linn bheith mar fhéimheach neamhurscaoilte	A. 183, 1963	1	Ciontú agus dícháiliú
Ionchúiseamh	Feidhmiú mar stiúrthóir nuair atáthar srianta agus ag sárú na gcoinníollacha reachtúla	A. 161, 1990	3	Ciontú agus dícháiliú; Ar lean (2)
Ionchúiseamh	Feidhmiú mar leachtaitheoir nuair a bhíothas dícháilithe	A. 300A, 1963	1	Ar lean
Ionchúiseamh	Inniúcháireacht ar chuideachta nuair a bhíothas dícháilithe	A. 187, 1990	1	Promhadh – meastar gur cruthaíodh 24 cúis
Ionchúiseamh	Iniúcháireacht ar chuideachta gan an cháilíocht chuige	A. 187, 1990	6	Ciontú (19); Ar lean (3)
Ionchúiseamh	Iasachtaí iomarcacha do stiúrthóirí	A. 40, 1990	1	Ar lean
Ionchúiseamh	Mainneachtain leabhair a thabhairt ar lámh don leachtaitheoir	A. 293, 1963	1	Díbhe
Ionchúiseamh	Mainneachtain leabhair chuntas chuí a choimeád	A. 202, 1990	19	Ciontú (38) Díbhe (1); Tarraingíodh siar (2); Ar lean (2)
Ionchúiseamh	Mainneachtain tuairisceáin bhliantúla a dhéanamh	A. 125, 1963	3	Ciontú (3)
Ionchúiseamh	Trádáil Chalaoiseach	A. 297, 1963	1	Ciontú
Ionchúiseamh	Faisnéis bhréige a chur ar fáil	A. 242, 1990	3	Ciontú (3); Ar lean (2)

<sup>41</sup> Is iad na hAchtanna dá dtagraítear an Bankers' Books Evidence Act 1879, Acht na gCuideachtaí 1963, Acht na gCuideachtaí 1990 agus an tAcht um Ceartas Coiriúil 1994.

## Aguisín 3.3

Sonraí maidir le Caingne Forfheidhmithe de chuid OSFC ar éirigh leo i 2004

Páirtithe a Ciontaíodh/An Cion	Uimh. Cuid.	Píonós/Cinneadh	Costais/Caiteachais
<b>Feidhmiú mar innúchóir gan cáilíocht chuige</b>			
Richard Bennett (14 ciontú)	-	€4,900	€1,563
Shane Bowe (4 chiontú)	-	€2,000	-
Gerard Martin	-	Pianbhreith Fionraithe 3 Mhí	-
<b>Feidhmiú mar stiúrtóir cuideachta le linn a bheith ina fhéimheach neamhurscaoilte</b>			
Miceal McGovern, Stiúrtóir, Tenants First (Ireland) Limited	255182	€50 agus Dícháiliú 5 Bhliana	€467.08
<b>Feidhmiú mar stiúrtóir cuideachta le linn a bheith srianta agus ag sárú na gcoinníollacha reachtúla</b>			
William McCormack, Stiúrtóir, Redgewood Flooring Limited	351017	€600 agus Dícháiliú 5 Bhliana	€218
<b>Feidhmiú mar stiúrtóir cuideachta a bhí bainte de Chlár na gCuideachta siocair gan tuairisceán bliantúil a chlárú</b>			
Brendan Curtis, Stiúrtóir, Norse Security Ltd.	326393	Dícháiliú 2 Bhliain	Fómhas costaisí ar loic sa chomh-aontú
Ann Curtis, Stiúrtóir, Norse Security Ltd.		Dícháiliú 5 Bhliana	-
<b>Feidhmiú go neamhchúramach agus/nó go mí-ionraic mar stiúrtóir ar chuideachta dhócmhainneachta</b>			
Samantha Hutton, Stiúrtóir, At Hand Cleaning Services Ltd.	341260	Dícháiliú 5 Bhliana	€1,500

## Aguisín 3.3 (ar lean)

Páirtithe a Ciontaíodh/An Cion	Uimh. Cuid.	Píonós/ Cinneadh	Costais/ Caiteachais
<b>Mainneachtain leabhair chuntas chuí a choimeád</b>			
Agriquip Limited (5 chiontú)	84866	€1,750	€400
Altrux Limited	254988	€500	€423
Anthony Whelan, Stiúrthóir		€250	€223
Marie Whelan, Stiúrthóir		€250	€223
Avaya GCM Sales Limited	100712	€100	-
C.A.N.N. Security & Maintenance Limited <sup>42</sup>	328820	€200	€223
Noel McNamee, Stiúrthóir		-	-
Isabella Mary Barry, Stiúrthóir		-	-
Chadsley Company Limited	201370	€1,000	€228
Contact Papers Limited	57459	€950	€223
Francis Mulvany Limited	39060	€750	€353
Francis Mulvany, Stiúrthóir		€750	€353
Kazbar Limited	238691	€250	€370
National Deposit Brokers Limited <sup>43</sup>	206284	-	-
Ronnie Caraher, Stiúrthóir (3 chiontú)		€900	€112
Douglas Farrell, Stiúrthóir (3 chiontú)		€900	€111
Office Chat Limited	339393	€100	€223.59
Ian Fogarty, Stiúrthóir		€200	€223.59
Aiveen Fogarty, Stiúrthóir		€200	€223.59
P. Shiels Plant Hire Limited <sup>44</sup>	244853	€950	€465.59
Patrick Shiels, Stiúrthóir		€950	-
Fergus Shiels, Stiúrthóir		-	-
Tenants First (Ireland) Ltd. (3 chiontú)	255182	€150	€690.69
Miceal McGovern, Stiúrthóir (3 chiontú)		€150	€260.55
Inge McGovern, Stiúrthóir (3 chiontú)		€150	€390.69
The Costume Mill Limited (2 chiontú)	263921	€500	€223

42 Chuir an Chúirt cúis eile in aghaidh gach stiúrthóra san áireamh.

44 Chuir an Chúirt an chúis in aghaidh Fergus Shiels san áireamh.

43 Chuir an Chúirt trí chúis eile in aghaidh na cuideachta san áireamh.

## Aguisín 3.3 (ar lean)

Páirtithe a Ciontaíodh/An Cion	Uimh. Cuid.	Píonós/ Cinneadh	Costais/ Caiteachais
<b>Mainneachtain Tuairisceáin Bhliantúla a dhéanamh le OCC</b>			
Anthony Whelan, Stiúrthóir, Altrux Limited <sup>45</sup>	254988	€250	€223
Marie Whelan, Stiúrthóir, Altrux Limited		€250	€134
John Ralph, Stiúrthóir, Coast to Coast Couriers Limited (arna Leachtú)	307637	€100	-
<b>Mainneachtain Tuarascáil Leachtaitheora a chur faoi bhráid OSFC</b>			
John Byrne, Leachtaitheoir, Bould Bidy's Ltd.	-	Ordú Géilliúntais	€3,392
Derek Owens, Leachtaitheoir, Uniwood Machinery Ltd.	-	Ordú Costais	€1,200
<b>Trádáil Chalaoiseach/Mainneachtain leabhair chuntas chuí a choimeád</b>			
Séan Gannon, Stiúrthóir, Corran Building Services Ltd. (arna Leachtú) (2 Chiontú) <sup>46</sup>	306415	Dhá Phianbhreith Fionraithe 6 Mhí	-
<b>Faisnéis Bhréige a Thabhairt</b>			
Shane Bowe (3 Chiontú)	-	€1,500	€750

<sup>45</sup> Chuir an Chúirt cúis eile in aghaidh gach stiúrthóra san áireamh.

<sup>46</sup> Chuir an Chúirt cúis eile in aghaidh Sheán Gannon maidir le mainneachtain tuairisceáin bhliantúla a dhéanamh san áireamh.

## Aguisín 3.4

### Láimhdeachas OSFC ar Chásanna In-fhorfheidhmithe

Cásanna a bhféadfaí Cúis Coiriúil a Thabhairt ina leith	2003	2004
Cásanna idir lámha a raibh imeachtaí coiriúla ag baint leo ar 1 Eanáir	3	12
Cásanna in-fhorfheidhmithe eile idir lámha ar 1 Eanáir	56	241
Cásanna in-fhorfheidhmithe nua a cuireadh faoi bhráid	269	469
Líon Iomlán na gCásanna	328	722
<b>Mar ar Pléadh le Cásanna i rith na bliana</b>		
Cásanna inar tarraingíodh siar imeachtaí coiriúla	1	2
Cásanna inar cinneadh mar gheall ar imeachtaí coiriúla	19	20
Cásanna inar cuireadh imeachtaí coiriúla ar atráth	-	1
Cásanna eile a Dúnadh	51	209
Cásanna idir lámha a raibh imeachtaí dlí ag baint leo ag deireadh na bliana <ul style="list-style-type: none"> <li>• Forfheidhmiú Coiriúil</li> <li>• Forfheidhmiú Sibhialta</li> </ul>	12 4	9 7
Cásanna in-fhorfheidhmithe idir lámha ag deireadh na bliana	241	474
<b>Iomlán Cásanna</b>	<b>328</b>	<b>722</b>



## Aguisín 3.5


### Briseadh síos de réir a dTréithe ar Chásanna In-fhorfheidhmithe i 2004

Cásanna Nua de réir a dTréithe	Iomlán
Iasachtaí Iomarcacha do Stiúrthóirí	296
Mainneachtain Cláir Chuideachta a Thabhairt ar Aird	4
Mainneachtain Leabhair Chuntas Chuí a Choimeád	66
Falsú Leabhar agus Dhoiciméad	9
Trádáil Mheargánta nó Chalaoiseach	20
Trádáil mar Chuideachta Theoranta gan bheith Corpraithe mar cheann	4
Iompar Ginearálta Neamh-inmhianaithe ag Stiúrthóirí, etc.	7
Cuideachtaí Dócmhainneacha Neamhleachtaithe	15
Iníúcháirí Neamhcháilithe	9
Amhras maidir le Cionta Eile	39
<b>Iomlán Cásanna</b>	<b>469</b>

## Aguisín 4.1

### Tuarascálacha Leachtaitheora a fuarthas i 2004 – Anailís de réir Earnála

Dócmhainneacht de réir Earnála	Líon na dTuarascálacha Alt 56	
	2003	2004
Déantúsaíocht	130	80
Foirgníocht	86	62
Mórdhiol & Miondiol	69	59
Iompar & Dáiliúchán	38	34
Óstlannaíocht & Lónadóireacht	34	24
Acmhainní Daonna	17	23
Margaíocht & Bolscaireacht	21	21
Teicneolaíocht & T.E.	45	19
Airgeadas	26	13
Eastát Réadach & Ligean ar Cíos	22	7
Talmhaíocht & Saothrú Mara	8	5
Gnóthas Pobail, Sóisialta & Eile	4	15
<b>IOMLÁN</b>	<b>362</b>	<b>496</b>



# Aguisín 4.1.1

## Tuarascálacha Leachtaitheora ar 31 Nollaig 2004 – Cásanna a cuireadh chun cinn

Rangú	Tuarascálacha Tosaigh	Tuarascálacha Breise	Tuarascálacha Deiridh	Iomlán Tuarascálacha
<b>Tuarascálacha Alt 56 a Fuarthas</b>				
Tuarascálacha ar aghaidh ó 2003	261	26	30	317
Tuarascálacha a fuarthas i 2004	362	298	332	992
Tuarascálacha dlite nach bhfuarthas i 2004	11	30	g/f	41
Ráta Géilliúntais	97%	90%	g/f	96%
<b>Tuarascálacha Alt 56 - Cinntí</b>				
Cinntí a bhí dlite i 2004	534	267	290	1091
Cinntí a heisíodh i 2004	529	268	287	1084
Ráta thabhairt chun críche	99%	100%	99%	99%
Cinntí lenar deonaíodh faoiseamh iomlán <sup>47</sup>	357	218	287	862
Cinntí lenar deonaíodh páirtfhaoiseamh <sup>48</sup>	21	8	0	29
Cinntí lenar deonaíodh faoiseamh an tráth seo <sup>49</sup>	53	21	0	74
Cinntí nár deonaíodh faoiseamh leo	93	21	0	114
Cinneadh eile	5	0	0	5
Tuarascálacha ar aghaidh go dtí 2005	94	56	75	225
<b>Líon na Leachtaitheoirí a raibh baint acu le Tuarascálacha Alt 56</b>	123	g/f	g/f	123
<b>Líon na Stiúrthóireachtaí a raibh baint acu le Tuarascálacha Alt 56</b>	893	g/f	g/f	893

\* g/f – gan feidhm

<sup>47</sup> Deonaítear Faoiseamh Iomlán i ngach cás ina bhfuil OSFC sásta, ar bhonn eolais ón leachtaitheoir nó eile, go ndearna stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní go hionraic agus go cúramach i mbun ghnóthaí na cuideachta.

<sup>48</sup> Ní dheonaítear aon Fhaoiseamh nó deonaítear Páirtfhaoiseamh i gcás nár lorgaigh an leachtaitheoir go dtabharfaí faoiseamh agus go n-aontaíonn OSFC leis sin mar mholadh nó i gcás nach n-aontaíonn OSFC go hiomlán leis na cúiseanna a thug an leachtaitheoir gur cheart faoiseamh a thabhairt dósan/dise ón dualgas maidir le

hiarratas a dhéanamh leis an gCúirt mar gheall ar shrianadh na stiúrthóirí. Is iad na Cásanna lena mbaineann Páirtfhaoiseamh na cásanna sin a mbaineann cúinsí dá leithéid le cuid de stiúrthóirí na cuideachta ach nach mbaineann leo uilig.

<sup>49</sup> Deonaítear Faoiseamh 'an tráth seo' i gcásanna ina bhfuil OSFC sásta gur gá breis ama don leachtaitheoir chun na cúinsí is cúis le forléasadh na cuideachta a iniúchadh. Eilíonn OSFC ar leachtaitheoirí tuarascáil bhreise a chur faoi bhráid arís ina dhiaidh sin agus déantar cinneadh eile maidir le faoiseamh ansin.

## Aguisín 4.2.1

Cásanna sa bhliain 2004 inar dheonaigh OSFC ‘Faoiseamh lomlán’ de bhun Alt 56

Ainm na Cuideachta	Uimh. na Cuideachta
Acsis Technologies (Ireland) Limited	246120
Advanced Sweepers & Equipment Limited	343148
Aerospace Industries International Limited*	264165
Aerospace Industries Trading Limited*	279109
AFS Computer Supplies Limited	288460
AHB Ireland Limited	340803
Aherne Fogarty Engineering Limited	101181
AK Manufacturing Limited	307892
Allies Limited	163496
Alpha Mobile Communications Limited	273091
Alterations Xpress Limited	272906
Alu-Rail (Project Division) Limited	348570
Alva Fashion Limited	360196
An Bialann Blasta Teoranta	232264
